

2020

2016

2013

2010

2007

2004

2001

1998

1995

1992

1987

1982

AG DEALBHÚ TODHCHAÍ DEARFACH

Tá GAT ar sa lenár shóisialta

2020

2016

2013

2010

2007

2004

2001

1998

1995

1992

1987

1982



cistiú nach beag ar fáil ón
rátaí úis atá chun tosaigh
mhargadh, chun cuidiú
gcustaiméirí an tithíocht
a sholáthar atá de dhíth
ar na pobail a ndéanann
siad freastal orthu

Buaicphointí ó thaobh Cúrsaí Airgeadais

€2.87bn

Rinneamar athairgeadú ar **€2.87 billiún** de nótaí gearrthéarmacha faoi ráthaíocht le nótaí níos fadtéarmaí, rud a d'fhág gur cuireadh síneadh leis an aibíocht ó 2.8 mí ar an meán go dtí 3.2 bliain.

€13.9m

Ba é **€13.9** ár mbarrachas oibriúcháin don bhliain.

€4m

Baineadh an barrachas oibriúcháin amach i gcomhar le laghdú ar ár meánráta athraitheach ó 1.95% go 1.85%, a d'fhág coigilteas breis is **€4 milliún** dár gcustaiméirí.

€105.9m

Tháinig méadú ó €93.2m go **€105.9m** ar ár gcúlchistí coinnithe.


1.75%

Rinneadh gearradh 0.25% ar an ráta inathraitheach morgáiste ag tús mhí Eanáir 2014, a tugadh ar aghaidh dár gcustaiméirí. Is é ráta amuigh is istigh ar 1.75% faoi bhun mheánrátaí mhorgáistí an mhargaidh an ráta a ghearrann údarais áitiúla ar lucht faighte iasachtaí anois.


€1.4m

Ba é **€1.4 milliún** ár gcaiteachas foriomlán ar riarachán, cosúil le 2013 agus síos ó €1.5 milliún in 2011.

BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN




CÚLCHISTÍ COINNITHE




IARMHÉID GAN ÍOC AG COMHLACHTAÍ TITHÍOCHTA CEADAITHE AGUS ÚDARÁIS ÁITIÚLA GO RÉIGIÚNACH

€'000



IASACHTAÍ ARNA DTABHAIRT AR AIRLEACAN AG COMHLACHTAÍ TITHÍOCHTA CEADAITHE AGUS ÚDARÁIS ÁITIÚLA GO RÉIGIÚNACH

€'000



Féach ar an tuarascáil seo ar an idirlín:
www.hfa.ie/publications

An Clár

2-11

Léargas Ginearálta

Buaicphointí ó thaobh Cúrsaí Airgeadais	2
Struchtúr Foirne	5
Teachtaireacht ón gCathaoirleach	6
Súil Siar leis an bPríomhfheidhmeannach	8
Bord na Stiúrthóirí	10

12-29

Súil Siar ar Ghnó

Nuacht Dhearfach	12
Straitéis	15
Tionscadail Tithíochta	16
Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí	22
Teicneolaíocht Faisnéise	26
Caomhnú Fuinnimh	27

30-46

Rialachas

Tuairisc na Stiúrthóirí	30
Ráiteas Rialachais Chorporáidigh	34
Tuairisc an Choiste Iniúchóireachta	39
Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí	46

47-86

Ráitis Airgeadais

Tuairisc an Iniúchóra Neamhspleáigh	47
Ráitis Airgeadais	50

87

Faisnéis Eile

Faisnéis Chorporáideach	87
-------------------------	----

Cuideachta leath-Stáit neamhthráchtála atá sa Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta faoi scáth Aire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil na hÉireann. Bunaíodh í leis an Acht um An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981 agus corpraíodh í in 1982.

Is é príomh-shainchúram na GAT iasachtaí a thabhairt d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta chun críocha tithíochta agus nithe gaolmhara, agus chun iasachtaí a fháil nó cistí a thiomsú chun iasachtú dá leithéid a chumasú.


Ceapann an tAire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil Bord na GAT, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe. Tá dhá chomhalta déag ar an mBord.

Is ionann foireann na GAT agus coibhéis aon duine lánaimseartha déag (FTEs).

Tá toadhchaí gheal á cothú ag an GAT mar seo a leanas:

- Fáil ar chistiú
- Tithíocht Shóisialta a Chumasú
- Caidreamh a Choinneáil ar Bun
- Feabhas a chur ar an Saol

Struchtúr Foirne



* Ag roinnt an phoist le chéile

... Tuairiscíonn chuig an bPríomhfheidhmeannach chun críocha na hiniúcháiríochta inmheánaí amháin

TIOMNAITHE DO THODHCHAÍ DHEARFACH

TEACHTAIREACHT ÓN GCATHAOIRLEACH

- Dr Michelle Norris -



Bliain suntasach ab ea 2014 ó thaobh earnáil tithíochta láidir inbhuanaithe a fhorbairt in Éirinn. Le foilsiú Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020 amach i mí na Samhna, thug an Rialtas le fios go soiléir go bhfuil rún daingean aige córas solúbtha, forchéimnitheach spriocdhírithe de thacaí don tithíocht shóisialta a sholáthar as seo go ceann sé bliana agus leagadh bunsraith dhaingean síos sa Straitéis le haghaidh clár infheistíochta inbhliantúla a bheadh calabraithe go cúramach le tús áite a thabhairt don tithíocht shóisialta a sholáthar sna blianta idir seo agus 2020.

Tá ról lárnach le himirt ag an nGníomhaireacht Airgeadais Tithíochta (GAT) leis an Straitéis a chur i ngníomh trínár n-ionadaíocht sa struchtúr rialachais agus trínár dtiomantas leanúnach don tseirbhís is éifeachtúlai agus is fearr ó thaobh luach ar airgead a sholáthar dár gcustaiméirí. Leanaimid ar aghaidh le bheith ag saothrú caidreamh comh-thairbheacha le custaiméirí nua chun cur ar a gcumas tithíocht a sholáthar do dhaoine agus do theaghlaigh nach féidir leo cóiríocht ón margadh a dhainiú.

Is údar áthais dom a dhearbhu gur lean an GAT ar aghaidh le bheith ag déanamh dul chun cinn suntasach ó thaobh ár bpríomhchuspóirí a bhaint amach, ar fianaise air sin na nithe seo thíos:

- méadú ar ghníomhaíocht maidir le hiasachtaí a thabhairt agus ar líon na gcomhlachtaí tithíochta ceadaithe (CTCanna) le stádas mar Chomhlacht Deimhniú;
- leathnú ar ár na táirgí a bhímid ag tairiscint chun tacú le háiseanna nua tógála agus morgáiste le haghaidh cíosa; agus
- seimineár dar teideal *Financing Social Housing in Ireland* a óstáil, ar ar fhreastail go leor páirtithe leasmhara tábhachtacha san earnáil ón Ríocht Aontaithe, ón Ostair, ón Íseltír agus ó Éirinn.

Lena chois sin, tá ríméad orm a dhearbhu gur shínigh an Gníomhaireacht conradh airgeadais air luach €150 milliún an 18 Nollaig leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, a sholáthraíonn foinse maoiniúcháin fhadtéarmaigh don earnáil atá an-íomaíoch, le tithíocht shóisialta in Éirinn a fhorbairt agus a uasghrádú. Tagann an tionscnamh fíorspreagrúil seo go huile is go hiomlán leis na cuspóirí a leagadh amach i gcáipéis Straitéise an Rialtais, agus creidimse, go gcuirfidh sé luas leis an obair leis an straitéis a chur i ngníomh go rathúil.

Rialachas agus Trédhearcacht

Bíonn dea-rialachas ina chuid bhun-riachtanach d'fhás inbhuanaithe ár ngnó. Tá rún daingean ag Bord na GAT na caighdeáin is airde ó thaobh rialachais chorparáidigh a chomhlíonadh, agus bíonn trédhearcacht agus cuntasacht ina gcuid lárnach den tiomantas seo. Comhlíonann an GAT an *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* ('An Cód') arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais. Soláthraíonn an Cód creat leis na cleachtais is fearr i gcúrsaí rialachais chorparáidigh a fheidhmiú, do chomhlachtaí Stáit tráchtála agus neamhthráchtála. Faoin *gCód*, cuireann an GAT tuarascálacha leathbhliantúla ar fáil do na Ranna Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (RCPRÁ), agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá Bord na GAT comhdhéanta de dhaoine a bhfuil taithí nach beag acu i raon leathan réimsí. Déanann an Bord gach cinneadh mór straitéiseach agus coinníonn rialú iomlán agus éifeachtach ar chúrsaí agus iad ag ceadú leordhóthain solúbthachta don bhainisteoireacht leis an ngnó a réachtáil go héifeachtúil

éifeachtach laistigh de chreat tuairisceoireachta lárnaithe. Tugann gach stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin breithiúnas neamhspleách i leith gach ceist lena bpléann an Bord, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le straitéis, feidhmíocht, acmhainní agus caighdeáin iompraíochta.

Tá áthas orm a thuairisciú gur cuireadh ár dTuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2013 ar ghearrliosta le haghaidh Ghradaim na gCuntas Foilsithe ag Cumann Chuntasóirí Cairte Laighean. Is ionann é sin agus aitheantas soiléir, neamhspleách agus seachtarach ar thrédhearcacht agus ar láidreacht ár dtuairisceoireachta airgeadais. Lena chois sin, ó 2002, d'oibrigh an GAT faoi chuimsiú an Achta um Shaoráil Faisnéise 1997, agus is féidir mionsonraí na rochtana ar fad ar thaifid agus ar fhaisnéis faoin GAT a aimsiú ar ár suíomh idirlín, www.hfa.ie.

Conclúid

Tá an GAT fós ar cheann den bheagán gníomhaireachtaí Stáit neamhthráchtála a fheidhmíonn gan tacaíocht ón Státchiste, agus leanann sé ar aghaidh le bheith ag feidhmiú ar bhealach costéifeachtach le foireann bheag d'oibríthe gairmiúla diongbhálacha. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'fheidhmíocht láidir na GAT in 2014 agus tapaím an deis seo le buíochas a ghabháil le Barry O'Leary, Príomh-fheidhmeannach, agus a fhoireann as ucht an tsár-rannchuidithe a thug siad i gcaitheamh na bliana. Aithníonn an Bord dionbháilteacht agus tiomantas leanúnach ár bhfoirne. Is féidir liom a dhearbhu nach n-íocann an GAT bónaís, le haghaidh ragoibre nó pá préimhe.

Rud eile atá ina chuid bhuntábhachtach d'obair na GAT is ea cúnamh agus comhoibriú a pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN), Banc Ceannais na hÉireann, agus a chuid iniúcháirí, dlíodóirí, conraitheoirí Teicneolaíochta Faisnéise, airgeadóirí agus gach duine a sholáthraíonn seirbhísí bunriachtanacha, agus gabhaimid buíochas leo as ucht a gcuid tacaíochta. Tá buíochas ar leith ag dul don Aire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil agus don Aire Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe, is don Aire Airgeadais agus a gcuid foirne. Fanann fócas na GAT ar ár gcustaiméirí – na húdaráis áitiúla agus na CTCanna – is mór againn a gcúirtéis agus a gcuid éifeachtúlachta. Faoi dheireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar fad as ucht a dtiomantais leanúnaigh don GAT agus as ucht na sárthacaíochta a thug siad dom i rith na bliana.



Dr Michelle Norris
Cathaoirleach an Bhoird

30 Aibreán 2015

Súil Siar leis an bPríomhfheidhmeannach



Bliain mhaith ab ea 2014 don Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta, agus baineadh cuid mhór amach ó thaobh iasachtaí a fháil agus a thabhairt amach, rud a d'fhág go bhfuairamar toradh iontach dearfach.

Tá áthas orm feidhmíocht láidir ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta i mbliana a thabhairt le fios, agus tuairiscí ann go raibh barrachais ar luach €13.9 milliún (2013: €19.8 milliún) ann, rud lenar tugadh ár gcúlchistí coinnithe go dtí €106 milliún (2013: €93 milliún), agus a chabhraigh linn a chinntiú go mbíonn na rioscaí fadtéarmacha i bpunann iasachtaí na GAT fós clúdaithe. Baineadh na torthaí seo amach agus muid ag tabhairt amach meánráta úis 1.85% (2013: 1.95%) dár gcustaiméirí, ráta atá an-iomaíoch nuair a chuirtear é i gcomparáid leis na foinsí malartacha atá ar fáil sa mhargadh.

Déanann an Bord monatóireacht & bainisteoireacht ghrinn ar rioscaí is ar an méid a thuilltear, agus déantar coigeartuithe ar a cuid corrlach ó am go chéile lena chinntiú gur leor an fáiltas chun leibhéal na gcúlchistí a theastaíonn, a ghiniúint. Tá achoimre ar na rioscaí suntasacha don Ghníomhaireacht ó thaobh cúrsaí airgeadais agus ar na bealaí suntasacha atá sí nochtaithe do rioscaí, i leith a cuid sócmhainní, dliteanas agus ionstraimí airgeadais, leagtha amach in éineacht leis na cuspóirí agus beartaí um bainistíocht rioscaí, a úsáideann an Ghníomhaireacht i leith na rioscaí sin a bhainistiú, i Nóta 18 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

Seirbhísí um lasachtú

Faoi mar a rabhtas ag súil leis, conacthas laghdú beag in 2014 ar leabhar iasachtaí foriomlán na GAT, de €144 milliún, agus aisíocaíochtaí blianachta gnáthchúrsa agus fuascailtí, ar luach €297 milliún, níos mó ná líon olliomlán na n-airleacan, ar luach €153 milliún. Leis seo, tugadh ár bpunann d'iasachtaí amach gar d'iarmhéid deiridh ar luach €4.2 billiún, ar leabhar iasachtaí nach beag fós é amach d'údarais áitiúla agus do Chomhlachtaí tithíochta ceadaithe (CTCanna).

Imrionn an GAT ról tábhachtach maidir le hairgeadas a sholáthar chun críocha tithíochta soisialta. In 2014, d'eisigh an GAT €28.4 milliún (2013: €27.0m) d'údarais áitiúla le morgáistí a sholáthar, agus €20 milliún (2013: €22.92m) d'údarais áitiúla agus do CTCanna chun tithíocht shóisialta a sholáthar. Ó 2010, tá €162 milliún tugtha ar airleacan ag an GAT le haghaidh morgáistí údarais áitiúil agus €193 milliún don tithíocht shóisialta.

Leanann an Ghníomhaireacht ar aghaidh lena hidirchaidreamh leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus le húdarais áitiúla chun a chinntiú go mbíonn an raon roghanna a leagtar amach faoi *Chód Iompair an Bhainc Cheannais ar Riaráistí Morgáiste* (lena n-áirítear athróg de chuid na n-údarais áitiúla den Phróiseas le Riaráistí Morgáiste a Réiteach) ar fáil d'iasachtaí anásta in earnáil na n-údarais áitiúil. Tá an Ghníomhaireacht ag leanúint ar aghaidh freisin le struchtúir iasachtaí chuí a shocrú freisin d'údarais áitiúla, de réir mar is cuí, chun teacht níos fearr lena gcúinsí airgeadais. In aineoinn na srianta ó thaobh cúrsaí airgeadais a bhíonn i gceist le feidhmiú na n-údarais áitiúil, tar éis idirbheartaíocht a bheith déanta i leith iasachtaí áirithe, tá siad ar fad ag comhlíonadh a gcuid oibleagáidí aisíocaíochta go léir don Ghníomhaireacht.

Tá roinnt tionscnamh nua maidir le hiasachtaí a thabhairt, forbartha ag an GAT mar fhreagairt ar aiseolas ó chustaiméirí. Bíonn airgeadas ar ráta seasta ar fáil d'údarais áitiúla anois ar feadh cúig agus deich mbliana ar rátaí úis iomaíocha, agus tá áis socraithe ag an GAT le déanaí leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, lena gcuirfead suas le €300 milliún ar fáil don tithíocht shóisialta, ar rátaí nach mbíonn ar fáil in áiteanna eile sa mhargadh, ar ráta seasta ar feadh 25 bliana. Bíonn an GAT i mbun idirchaidrimh lena chuid custaiméirí maidir leis an áis seo, agus tá roinnt tionscadal tithíochta nach beag sonraithe le haghaidh a bhforbartha.

I mí Feabhra 2014, d'údaraigh Bord na GAT don Choiste Creidmheasa airgeadas a sholáthar do CTCanna don tógáil/ fhoirgníocht nua agus le haghaidh scéimeanna morgáiste le haghaidh cíosa. Ó shin, tá €3.1 milliún ceadaithe ag an gCoiste Creidmheasa don tógáil/ fhoirgníocht nua agus €9.1 milliún le haghaidh scéimeanna morgáiste le haghaidh cíosa. Táthar ag súil leis go méadófar líon na n-iasachtaí a thabharfar amach don dá thionscnamh seo tuilleadh in 2015, i gcomhar le Straitéis Tithíochta Sóisialta an Rialtais, ina imreoidh an GAT ról buntábhachtach.

Rátaí úis

Leanann an GAT ar aghaidh le bheith ag tairiscint sárluach ar airgead dá gcustaiméirí – na húdaráis áitiúla agus CTCanna – agus, go hindíreach, do na daoine a fhaigheann iasachtaí uathusan agus dá gcuid tionóntaí. Ní thugann an Ghníomhaireacht iasachtaí do dhaoine aonair nó do theaghlaigh go díreach. I ndáil le húdaráis áitiúla, is iasachtaí lárnaithe í an Ghníomhaireacht, go héifeachtach, thar a gceann úd, ag baint úsáide as scála na GAT chun na rátaí is iomaíche is féidir a fháil d'iasachtaí le haghaidh morgáistí agus d'iasachtaí nach mbaineann le morgáistí.

Rátaí úis a bhaineann le Morgáistí

Is é 1.45% (2013: 1.83%) ráta úis inathraitheach caighdeánach na GAT a bhíonn ar fáil d'údaráis áitiúla. Gearrann na húdaráis áitiúla 2.75% (2013: 2.75%) ar a lucht faighte iasachtaí tithíochta, ráta atá breis is 1.50% faoi bhun mheánráta na rátaí inathraitheacha caighdeánacha sa mhargadh baincfeireachta miondíola, agus tá sé fós ar an ráta inathraithe caighdeánach is ísle dá bhfuil ar fáil in Éirinn.

Rátaí úis nach mbaineann le morgáistí

I gcás go bhfaigheann údaráis áitiúla iasachtaí chun críocha nach mbaineann le morgáistí, d'fhan an ráta úis i gcaitheamh 2014 ag 2.00% (2013: 2.00%).

Rátaí úis do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe

Baineann leibhéal riosca níos airde le hiasachtaí a thabhairt do CTCanna – ar comhlachtaí deonacha neamhspleácha neamhbhrabúis a bhíonn iontu de ghnáth, ná leibhéal na rioscaí a bhaineann le húdaráis áitiúla agus mar gheall air seo, in éineacht leis na costais níos airde a bhíonn i gceist i dtosach báire chun iad a chur ar bun, ní mór corrlach níos airde a fheidhmiú agus iasacht á tabhairt. Dá ainneoin seo, d'éirigh leis an GAT meánrátaí inathraitheacha le haghaidh iasachtaí do CTCanna a choinneáil ag 3.23% i rith na bliana (2013: 3.21%), figiúr atá fabhrach go maith i gcomparáid le rátaí eile a bhíonn á dtairiscint sa mhargadh.

Maidir leis an áis a luadh thuas agus a socraíodh leis an mBanc Infheistíochta Eorpach le déanaí, cuirfidh sé ar chumas na GAT áis nua ar ráta seasta ar feadh 25 bliana a chur ar fáil do CTCanna ar rátaí thart ar 3.5%.

Maoiniú

Baineann struchtúr ráta inathraitheach le formhór mór na n-iasachtaí a thugann an GAT, agus baineann struchtúr cosúil leis sin leis an maoiniú a fhaightear chun na hiasachtaí seo a sholáthar. Tiomsaíonn an Ghníomhaireacht formhór a cuid maoiniúcháin faoi láthair trí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) agus úsáid á baint as clár na Nótaí faoi Ráthaíocht (NR) na GAT. In 2014, leasaíodh an clár go gceadófaí aibíochtaí margaidh chomh fada le 10 mbliana,

chun méid an chláir a mhéadú ó €4.5bn go dtí €5bn, agus chun éascú le rátaí comhlúthacha a eisiúint.

Le comhoibriú GBCN, chuir GAT síneadh le meánphróifíl aibíochta a cuid maoiniúcháin ó 2.8 mí go dtí 3.2 bliana. Soláthraítear leis sin bonn maoiniúcháin níos seasmhaí lena léirítear meánré ualaithe fadtéarmach bhonn na sócmhainne (c.15 bliana) níos fearr agus lena laghdaítear go suntasach na rioscaí leachtachta gearrthéarmacha don GAT. Táthar tar éis tagarmharcáil a dhéanamh ar an maoiniú seo i gcoinne Euribor®, agus rinneadh idirbheartaíocht leis an GBCN maidir leis an éirim mhéadaithe gan chostais bhreise ar bith don GAT.

Tagann an cur chuige athbheithnithe seo i leith maoiniú a bhainistiú leis na gníomhartha atá á ndéanamh trasna margaidh airgeadais agus bainc agus rialtóirí ag gníomhú de thoradh na gceachtanna a foghlaimíodh ón ngéarcheim, go háirithe maidir le rioscaí ó thaobh leachtachta agus maoiniúcháin. Is ionann meánphróifíl aibíochta ualaithe idir trí agus cúig bliana don GAT, i gcoibhneas le próifíl na sócmhainne, agus cur chuige stuama i leith maoiniúcháin. Fágann sé sin go mbímid in ann leanúint ar aghaidh le rátaí an-iomaíocha a sholáthar maidir le hiasachtaí dár gcustaiméirí, le tairbhí comh-fhreagracha dá gcustaiméirí agus dá dtionóntaí siúd.


Tharraing an GAT €3.80 billiún síos ó chlár na NR ag 31 Nollaig 2014, ar maoiníodh €3.15 billiún de trí NR ón GBCN. Infheistíocht chistí barrachais ghearrthéarmacha a bhí i gceist leis an iarmhéid, ag údaráis áitiúla agus ag an gCiste Comhshaoil.

Toisc go mbítear fós ag soláthar thromlach riachtanais mhaoiniúcháin na GAT trí chlár na Nótaí faoi Ráthaíochta aici, tá níos mó ná atá de dhíth orainn i gceist leis an €6 billiún a bhíonn ar fáil faoi láthair trínár gclár eurothrachtála. Tá sé i gceist againn laghdú a dhéanamh air seo go dtí €1 billiún in 2015.

Amach Anseo

Má tá i ndán is go n-éireoidh leis an obair le Straitéis Tithíochta Sóisialta an Rialtais a chur i ngníomh, is dócha go gcaithfear méaduithe suntasacha a dhéanamh ar leibhéil na gníomhaíochta sa GAT sna míonna agus sna blianta amach romhainn.




Fáiltímid roimh an dúshlán a bheidh i gceist leis sin agus creidimid go bhfuilimid cumasach go maith leis an maoiniú atá riachtanach agus an tseirbhís do chustaiméirí a éileofar, a sholáthar.



Barry O'Leary
Príomhfheidhmeannach

2 Aibreán 2015

Bord na Stiúrthóirí



1. Michelle Norris | Cathaoirleach

Ceapadh ar an mBord: Feabhra 2012 mar Chathaoirleach agus mar Chomhalta Boird neamh-fheidhmiúcháin (ex-officio).

Ballraíocht ar choistí: Coistí Airgeadais, Creidmheasa agus um Luach Saothair. Ina comhalta den Choiste Idirchaidrimh idir an GAT/ Údaráis Áitiúla freisin.

Taithí gairme: Is Ceann Scoil Eolaíocht Sóisialta Fheidhmeach i UCD í agus dírionn a hábhair spéise múinteoireachta agus taighde ar pholasaí tithíochta agus ar athbheochan uirbeach. Bhí baint aici le breis agus 20 tionscadal taighde ar na saincheisteanna sin, mar cheannaire nó mar rannpháirtí, le linn a gairme. Chuir sí breis agus 100 foilseachán amach ar thorthaí na dtionscadal sin. Sa bhliain 2011 cheap an Taoiseach í ina comhalta neamhspleách ar an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta.

2. Barry O'Leary | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Ceapadh ar an mBord: Lúnasa 2013 mar Chomhalta Boird (ex-officio) agus Meán Fómhair 2012 mar Phríomh-fheidhmeannach.

Ballraíocht ar choistí: Coistí Airgeadais agus Creidmheasa. Ina chomhalta den Choiste Idirchaidrimh idir an GAT/ Údaráis Áitiúla freisin.

Taithí gairme: Is í an chuntasóireacht gairm Barry agus tá taithí aige ar chúrsaí dócmhainneachta agus ar obair leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Ó 1998, tá Barry tar éis a bheith ag obair leis an nGníomhaireacht Airgeadais Tithíochta i ról an Rialtóra Airgeadais / Rúnaí na Cuideachta agus mar Cheannasaí Cistíochta.

3. Colm Brophy

Ceapadh ar an mBord: Márta 2012 agus mar Chomhalta Boird neamh-fheidhmiúcháin.

Ballraíocht ar choistí: Coistí Iniúchoireachta, Athbheithnithe ar Fheidhmíocht Boird agus Creidmheasa.

Taithí gairme: Is Comhairleoir é ar Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath ó 2008. Is comhalta Boird é de Bhord Fiontair Chontae Bhaile Átha Cliath Theas agus de Thurasóireacht Bhaile Átha Cliath Theas chomh maith. Is é Colm Bunaitheoir agus Bainisteoir Ginearálta T. E. Corporate Promotions – soláthraí speisialtóra seirbhísí bainistíochta imeachtaí.

4. Jackie Maguire

Ceapadh ar an mBord: I Márta 2002 i dtosach, athcheapadh i Márta 2012 agus mar Chomhalta Boird neamh-fheidhmiúcháin (ex-officio).

Ballraíocht ar choistí: Coistí Iniúchoireachta agus um Luach Saothair.

Taithí gairme: Tá sí ina bainisteoir ar Chomhairle Contae Liatroma ó Mheitheamh 2006; chuir sí tús lena gairm sa Rialtas Áitiúil le Comhairle Contae na Mí i 1981, agus fuair sí ardú céime mar Cheann Airgeadais i 2000 agus mar Stiúrthóir Seirbhísí i 2003; agus Bainisteoir Contae do Liatroim ó 2006 go 2013. Tá Diplóma ag Jackie i mBainistíocht Airgeadais agus Máistreacht in Airgeadas Tionscadail/Bainistíocht Fiontair.

5. James Miley

Ceapadh ar an mBord: Aibreán 2012 mar Chomhalta Boird neamh-fheidhmiúcháin.

Ballraíocht ar choistí: Coistí Iniúchoireachta agus Athbhreithnithe ar Fheidhmíocht Boird.

Taithí gairme: Is Comhairleoir Gnó agus Stiúrthóir Cairte cáilithe é agus tá obair déanta aige i réimse leathan earnálacha idir chraolachán, chúnaimh forbartha, polaitíocht agus gnó. Bhí Jim ar dhuine de chomhbhunaitheoirí an láithreáin ghréasáin maoinne myhome.ie, agus leis tá tuiscint ghrinn agus eolas beacht faighte aige ar mhargadh maoinne na hÉireann. Chomh maith lena shaol oibre, bhí sé ina Chathaoirleach ar Concern Worldwide ó 2007 go 2010.

6. Michelle Murphy

Ceapadh ar an mBord: Aibreán 2012 mar Chomhalta Boird neamh-fheidhmiúcháin.

Ballraíocht ar choistí: Coiste Iniúchoireachta.

Taithí gairme: Is í an Bainisteoir Réigiúnach i i Collins McNicholas Recruitment & HR Services Group, a chlúdaíonn Iarthar na tíre. Tá céim M.Sc aici i mBainistiú Straitéiseach Acmhainní Daonna agus is Comhalta í den Institiúid Chairte um Fhorbairt Pearsanra.

7. Padraic Cafferty

Ceapadh ar an mBord: Márta 2012 mar Chomhalta Boird neamh-fheidhmiúcháin.

Ballraíocht ar choistí: Coistí Iniúchoireachta agus Creidmheasa.

Taithí gairme: Tá Padraic ina Stiúrthóir Bainistíochta le Datascan, ina Chathaoirleach Feidhmeannach le Northwood Technology Ltd, agus ina Dhílseánach le Lárionad Gnó Westpoint agus le Lárionad Gnó Sigmund, Glas Naíon, Baile Átha Cliath. Tá Padraic ina chomhalta le hInstitiúid Slándála na hÉireann faoi láthair agus is Iar-Uachtarán é ar Chumann Thionscal Slándála na hÉireann.

8. John Hogan

Ceapadh ar an mBord: Feabhra 2012 mar Chomhalta Boird neamh-fheidhmiúcháin (ex-officio).

Ballraíocht ar choistí: Coistí Airgeadais agus Athbhreithnithe ar Fheidhmíocht Boird.

Taithí gairme: Is Rúnaí Cúnta é sa Rannán Beartas Baincáireachta sa Roinn Airgeadais. D'oibrigh John sa Roinn Oideachais, sa Roinn Comhshaoil agus sa Roinn Gnóthaí Eachtracha roimhe seo.

9. Gerry Leahy

Ceapadh ar an mBord: Aibreán 2012 agus mar Chomhalta Boird neamh-fheidhmiúcháin.

Ballraíocht ar choistí: Coistí Iniúchoireachta agus Athbhreithnithe ar Fheidhmíocht Boird. Ina chomhalta den Choiste Idirchaidrimh idir an GAT/ Údaráis Áitiúla freisin.

Taithí gairme: Tá sé ina ghníomhaire eastáit ó 1980 agus féachtar air mar shaineolaí i réimse na tithíochta nua ó thaobh díolacháin agus forbairtí. Bhí Gerry ina Stiúrthóir ar Horse Sport Ireland agus Eventing Ireland agus d'fhoilsigh Plean Straitéiseach ar Ardfeidhmíocht ar Cháiliú do na Cluichí Oilimpeacha i Spóirt na hEachaíochta.

10. Michael Murray

Ceapadh ar an mBord: Márta 2012 mar Chomhalta Boird neamh-fheidhmiúcháin.

Ballraíocht ar choistí: Coistí Airgeadais & Creidmheasa.

Taithí gairme: Tá céim honóracha san Eacnamaíocht ó Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath é agus d'fhóin sé i rólanna sinsearach éagsúla sa bhaincáireacht i London agus i mBaile Átha Cliath ó 1977 go 2002. Chuaigh sé isteach sa Choimisiún Eorpach i 2004, áit a d'fhan sé go dtí 2010, agus is é a bhí freagrach as comhairle a chur ar an gCoimisinéir um an Margadh Inmheánach maidir le rialáil ar bhaincáireacht agus ar na margaí urrús. Tá Michael ag obair mar chomhairleoir faoi láthair ar raon saincheisteanna maidir le seirbhísí airgeadais.

11. Philip Nugent

Ceapadh ar an mBord: I mí Aibreáin 2008 i dtosach agus athcheapadh i mí Feabhra 2012 mar Chomhalta Boird neamh-fheidhmiúcháin (ex-officio).

Ballraíocht ar choistí: Coistí Airgeadais agus um Luach Saothair. Ina chomhalta den Choiste Idirchaidrimh idir an GAT/ Údaráis Áitiúla freisin.

Taithí gairme: Is Príomhoifigeach é sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus tá sé freagrach as Pleanáil agus as Éifeachtúlacht Acmhainní.

12. Mary Lee Rhodes

Ceapadh ar an mBord: Márta 2012 mar Chomhalta Boird neamh-fheidhmiúcháin (ex-officio).

Ballraíocht ar choistí: Coiste Airgeadais. Ina chomhalta den Choiste Idirchaidrimh idir an GAT/ Údaráis Áitiúla freisin.

Taithí gairme: Is Ollamh Cúnta le Bainistíocht Phoiblí í i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath. Díríonn a cuid taighde ar chórais bainistíochta poiblí chasta agus ar an dinimic a bhaineann le feidhmíocht. Tá sí ina ball den Choiste Rialála Eatramhach freisin, a bhfuil sé de chúram air an cód rialála deonach a chur i bhfeidhm d'earnáil na CTCanna agus ullmhú le haghaidh na rialála reachtúla. Tá baint aici freisin le taighde agus bainistíocht san earnáil neamhbhrabúis agus tá taithí aici ar bhainistíocht oibríochtaí agus teicneolaíocht baincáireachta ó JP Morgan, agus mar anailísí eacnamaíoch leis an Roinn Talmhaíochta i Stáit Aontaithe Mheiriceá.



Jonathan Taylor | Leasuachtarán ar an mBanc Eorpach Infheistíochta

Is é an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) institiúid an Aontais Eorpaigh um iasachtú fadtéarmach, ar lena Bhallstáit í. Cuireann an institiúid airgeadas fadtéarmach ar fáil go ndéanfar infheistíocht stuama chun rannchuidiú le spriocanna bheartais an AE.

Fáil ar chistiú

I mí Feabhra 2015, d'fhógair an tAire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, Alan Kelly & an tAire Stáit le Freagracht Speisialta as Tithíocht, Paudie Coffey, go foirmiúil clár infheistíochta i dtithíocht shóisialta ar luach €300m i gcomhar leis an GAT agus BEI. Cuireann an maoiniú ar chumas na GAT maoiniú ar ráta seasta ar feadh 25 bliain a thairiscint dá gcustaiméirí ar rátaí úis an-iomaíoch.

Dúirt Leasuachtarán ar an mBanc Eorpach Infheistíochta, Jonathan Taylor, "Feabhsófar an tithíocht shóisialta ar fud na hÉireann leis an tionscnamh nua seo. Is é an chéad uair riamh a thug an Banc seo iasachtú don Earnáil Tithíochta sa tír. Tá áthas orainn a bheith ag obair go dlúth le daoine airgeadais gairmiúla ag an GAT mar pháirt de scéim a rachaidh chun tairbhe do chónaitheoirí áitiúla trí thithe níos fearr a sholáthar chomh maith le costais níos lú le haghaidh fuinnimh, agus obair a chruthú le haghaidh gnóilachtaí foirgníochta áitiúla. Bíonn infheistíocht i dtithíocht bunrichtanach don saol teaghlaigh agus do phobail inbhuanaithe agus táimid ag súil le tacaíocht eile don Earnáil in Éirinn sna blianta atá amach romhainn."

€300m ar fáil

Mar iasachtaí chun tacú le hinfeistíocht a dhéanfaidh comhlachtaí tithíochta ceadaithe agus údaráis áitiúla ar fud na tíre chun tithíocht shóisialta a uasghrádú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Tá leibhéal suime an-ard sa táirge agus tá an GAT ag súil leis go mbeidh i bhfad níos mó daoine ag iarraidh tarraingt ar an gciste ná mar is féidir freastal orthu.

Nuacht Dhearfach

Seimineár Maoiniú Tithíochta Shóisialta (CTC)

D'óstáil an GAT seimineár ag deireadh mhí Feabhra 2014, dar teideal *Financing Social Housing in Ireland*, ar ar fhreastail 150 duine ón Earnáil Tithíochta. D'fhreastail triúr aoichainteoirí idirnáisiúnta ar an imeacht, i measc daoine eile. Áiríodh iad seo a leanas i measc na gcuspóirí:

- eisiúntí-bhannaí agus praghasáil agus tithíocht shóisialta á maoiniú;
- dúshlán atá roimh an Earnáil ó thaobh a gcumais airgeadais;
- forbairt saineolais airgeadais i measc soláthraithe tithíochta sóisialta; agus
- rialáil agus a héabhlóid agus a tionchar ar an teacht ar mhaoiniú.

Fuarthas aiseolas iontach dearfach ón imeacht agus táthar ag cuimhneamh ar an dara seimineár a reáchtáil níos déanaí in 2015.

Ar an nGearrliosta le haghaidh Ghradaim na gCuntas Foilsithe

I mí na Samhna 2014, cuireadh Tuarascáil Bhliantúil na GAT i gcomhair 2013 ar an ngearrliosta le haghaidh Ghradaim na gCuntas Foilsithe ag Cumann Chuntasóirí Cairte Laighean. Is é Stocmhalartán na hÉireann a dhéanann urraíocht ar na Gradaim lena n-aithnítear cuideachtaí as ucht sármhaithis sa tuairisceoireacht airgeadais in Éirinn, agus áiríodh 27 cuideachta poiblí agus príobháideach ar an ngearrliosta, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhbhrabúis agus carthannais.

Maoiniú

Sa cheathrú ráithe de 2014, méadaíodh teorainn chlár na NR ag an GAT ó €4.5 go dtí €5.0 billiún agus cuireadh síneadh go deich mbliana ar usaibíocht aon nóta ó dháta a eisithe agus cuireadh deireadh ar fad leis an tréimhse áise. Cuireann na hathruithe seo ar chumas na GAT éascú le heisiúint lena mbaineann usaibíocht deich mbliana, chun síneadh a chur le próifíl aibíochta a cuid maoiniúcháin agus chun laghdú suntasach a dhéanamh ar na rioscaí ó thabh leachtachta.

Faoi théarmaí chlár nua na NR, an 18 Nollaig, rinneadh an GAT athairgeadú ar €2.9 billiún dá chuid nótaí faoi ráthaíocht ar ráta seasta gearrthéarmach a bhí i seilbh Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (*GBCN*). Cuireadh nótaí faoi ráthaíocht lena bhain ráta comhlúthach níos faide, agus atá i seilbh *GBCN* freisin, in ionad na nótaí úd. Baineann aibíochtaí leis na nótaí ar ráta comhlúthach atá tráinsithe ar eatraimh sé

mí ó Iúil 2015 go dtí Eanáir 2021. Tá na NR faoi ráthaíocht ag Aire Airgeadais na hÉireann.

Tá sé de rún ag an GAT leanúint ar aghaidh le bheith ag déanamh monatóireacht ar an bhféideartheacht le cistí meántéarmacha a thiomsú ó fhoinsí eile seachas an *GBCN*, amhail institiúidí fornáisiúnta, bainc agus rannpháirtithe eile sa mhargadh, b'fhéidir trí struchtúir nua airgeadais agus trí fheithiclí a chruthaítear chun críocha speisialaithe. Chuige sin, tá an GAT tar éis a bheith i mbun idirchaidrimh le rannpháirtithe sa mhargadh chun féachaint ar dheiseanna agus suim an mhargaidh i struchtúir dá leithéid a mheasúnú.

Is ionann cuntais mhaoiniúcháin inathraitheigh agus 95% de riachtanais mhaoiniúcháin na GAT agus táthar ag súil leis go bhfanfaidh cúrsaí móran mar a chéile sna blianta amach romhainn.

Áis ón mBanc Eorpach Infheistíochta

Aontaíodh clár infheistíochta nua i mí na Nollag 2014, ar chuir idir an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta agus an Banc Eorpach Infheistíochta tacaíocht leis. Tá sé i gceist go bhfágfaidh sé seo go mbeifear in ann 2,000 aonad tithíochta sóisialta breise a fhorbairt as seo go ceann trí bliana.

Déanfaidh an GAT meaitseáil ar mhaoiniú an €150m ón mBanc Eorpach Infheistíochta go mbeidh €300m ar fáil mar iasachtaí chun tacú le hinfeistíocht a dhéanfaidh comhlachtaí tithíochta ceadaithe ar fud na tíre chun tithíocht shóisialta a uasghrádú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.

Is é an clár nua seo an chéad tacaíocht riamh a thug an Banc Eorpach Infheistíochta don tithíocht in Éirinn agus fógraíodh é go hoifigiúil le linn cuairte ar Chúirt Chill Airne i mBaile Átha Cliath Thuath a thug an tAire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, Alan Kelly; Leasuachtarán ar an mBanc Eorpach Infheistíochta, agus Jonathan Taylor; agus Barry O'Leary, Príomh-fheidhmeannach na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta cpt.

Straitéis

Mar thacaíocht don obair le *Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020* an Rialtais a chur i ngníomh, tá ionadaíocht ag an GAT ar idir Bhord an Tionscadail agus ar Ghrúpa Airgeadais Shruth Oibre 1.

Is iad seo a leanas cuspóirí Bhord an Tionscadail:

- sriocanna a chomhaontú le haghaidh gach údaráis áitiúil agus CTC maidir le tithíocht a chur ar fáil;
- maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas lena gcomhlíontar na gníomhartha agus na spriocanna sa Straitéis agus gníomhú go cuí nuair is gá lena chinntiú go gcomhlíontar spriocanna an chlár ama;
- monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le gníomhartha sa Straitéis, agus iad a rianú agus a bhainistiú; agus
- athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis Tithíochta Sóisialta in 2017.

Is iad seo a leanas cuspóirí Ghrúpa Airgeadais Shruth Oibre 1:

- meitheal airgeadais a bhunú chun meicníochtaí maoiniúcháin, nach n-áirítear ar an gclár comhardaithe, a thabhairt chun cinn;
- úsáid a bhaint as Feithicil Chun Críocha Speisialta GNBS chun soláthar na tithíochta sóisialta ar thionscadail lena rannchuidíonn GNBS, a uasmhéadú;
- tús a chur le hobair ar chomhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach chun 1,500 aonad tithíochta sóisialta nua a sholáthar faoi dheireadh 2017; agus
- tús a chur le hobair ar fheithicil airgeadais, ar a dtabharfar an Ciste Tithíochta Straitéiseach, chun maoiniúchán a thiomsú don earnáil tithíochta sóisialta, agus a bheidh i bhfeidhm faoin dara ráithe de 2016.

Tá Bord an GAT ag ullmhú “Ráiteas Straitéise”, i gcomhar le straitéis tithíochta sóisialta an Rialtais agus tá sé beartaithe acu é a thabhairt chun crích níos moille i 2015.

Áirítear an méid seo a leanas i measc ár gcuspóirí sna cúig bliana amach romhainn:

- samhlacha agus foinsí nua maoiniúcháin a thabhairt isteach chun ceanglais Rialtais a chomhlíonadh agus chun dul in oiriúint níos fearr do phróifíl sócmhainne na GAT;
- idirghníomhú leis an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil agus le húdaráis áitiúla chun oibriú i dtreo is go gcuifear Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020 i ngníomh; agus
- éascú le tuilleadh rannpháirtíochta ó na comhlachtaí tithíochta ceadaithe ó thaobh tithíocht shóisialta a sholáthar agus sin a a spreagadh.




Tionscadail Tithíochta

Ina cáil mar chomhlacht Stáit atá féinmhaoinithe agus mar chuideachta phoiblí theoranta, tá acmhainn ar leith ag an GAT i dtaobh sholáthar an chistithe atá de dhíth i gcomhair fhorbairt na tithíochta sóisialta, ar rátaí úis atá chun tosaigh sa mhargadh.

Táimid ar oscailt don ghnó, agus in 2014 tugadh isteach táirgí nua chun maoiniú a dhéanamh ar scéimeanna Cíos in ionad Morgáiste agus scéimeanna um Áitribh Nua-Thógtha, mar aon leis an bhfáil atá ar mhaoiniú thar 25 bliana ar ráta seasta, agus iad ar fad ar rátaí nach bhfuil a leithéid á dtáirgeadh ag aon eagraíocht eile sa mhargadh. Cuireadh tús leo sin chun freastal ar éileamh ní ba mhó ónár gcustaiméirí – na hÚdaráis Áitiúla agus Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe.

Thug an GAT maoiniú iasachta dar luach €153 milliún in 2014, agus seo a leanas breac-chuntas ar roinnt de na tionscadail tithíochta a mhaoinigh sí an bhliain sin.



Goirt na Mara

Bhí 35 aonad ag Comhairle Contae Lú faoin Scéim Cheannaigh Incrimintigh ag Gort na Mara, Bóthar Ghort na Mara, An Charraig Dhubh, Dún Dealgan, Co. Lú. Díoladh na haonaid nua-thógtha sin le hiarratasóirí a bhí ar an liosta feithimh um thithíocht shóisialta nó arbh tionóntaí iad cheana féin de chuid an údaráis áitiúil nó an chomhlachta tithíochta dheonaigh ar an bpraghas lascaine iomchuí a bhí infheidhme ag brath ar chúinsí gach iarratasóra. Tá idir 2 agus 3 sheomra leapa sna haonaid. Bhí éagsúlacht éigin sna praghsanna ag brath ar achar an urláir agus ar chineál an tí (mar shampla) lár sraithe, deireadh sraithe, teach leathscoite, teach scoite etc.



Binn Éadair / Baile Dúill

I mí Mheán Fómhair 2014, chríochnaigh an Comhlacht Tithíochta Clúid an chéad tionscadal athchóirithe tithíochta sóisialta a rinneadh riamh ag baint úsáide as maoiniú príobháideach. Roimhe sin, níor baineadh leas as maoiniú iasachta ach amháin chun cistiú a dhéanamh ar cheannach áitreabh a bhí curtha i gcrích.

Bhí na cúig áitreabh - trí cinn i mBinn Éadair agus dhá cheann i mBaile Dúill - tréigthe ar feadh tamaill agus bhí drochbhail orthu nuair a aistríodh chuig Clúid iad. Bhí mór-oibreacha struchtúracha de dhíth orthu, ní raibh aon leithris ná téamh iontu, agus bhí siad foirgthe le creimirí.

Bhí na háitribh scaipthe laistigh d'eastáit sraithe, agus iad idir tithe príobháideacha. Bhí fadhbanna go leor le sárú ag úinéirí na maoine lena dtaobh, lena n-áirítear iompar a bhí frithshóisialta amach is amach agus díluacháil a gcuid maoine féin.



Thacaigh Comhairle Contae Fhine Gall le Clúid agus é ag cur isteach faoin ÁICL (Áis um Iasacht Caipitil i gcomhair Leasúcháin) ón an RPCRÁ, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha. Bhain Clúid úsáid as an iasacht sin chun gearáil a dhéanamh ar an maoiniú ón GAT. Ba é sin an chéad uair a chuir an GAT iasacht ar fáil do chumann tithíochta le haghaidh tógála.

Rinneadh athchóiriú ar na tithe chun teacht le sonraíocht an-ard, le feabhas mór ar an Rátáil Fuinnimh Foirgnimh, agus comhlíonadh ceanglais uile an oifigigh caomhantais ina dtaobh. Áiteanna cónaí den scoth is ea na cúig áitreabh dá gcuid tionóntaí; níl an t-iompar frithshóisialta ina fhadhb a thuilleadh; agus is fearr an saol atá ag na comharsana ar na heastáit sin anois.



Bridgemedows



Eastát is ea Bridgemedows ina bhfuil 152 aonad cónaithe a ndearnadh forbairt orthu idir 2006 agus 2008 in Inis Córthaidh, Co. Loch Garman. Tráth ar tharla an tobchliúadh maoine, bhí thart ar aon trian den eastát nach raibh críochnaithe go fóill.

I mí na Nollag 2013, thoiligh Clúid ocht gcinn is fiche a cheannach ón bhforbróir as an dá aonad is daichead a bhí fágtha gan díol, ar chostas €2 milliún. Theastaigh críochnú suntasach agus oibreacha feabhais a dhéanamh ar fhormhór na n-aonad. Rinneadh cistiú ar an gceannach trí mheascán de mhaoiniú maoiniú iasachta ón GAT agus ÁICL.

D'oibrigh Clúid i gcomhar leis an Comhairle Contae Loch Garman chun Plean Réitigh Suímh a chomhaontú, ina raibh sé i gceist bóithre phobail, an blár poiblí agus seirbhísí an tsuímh a chur i gcrích. Beidh tionchar dearfach ag cur i gcrích na hoibre sin ar an eastát ar fad: cuirfear feabhas ar cháilíocht na beatha i gcás na ndaoine eile atá ina gcónaí ar an eastát agus tiocfaidh ardú ar luachanna maoine.

Cuireadh ceannach na chéad 8 n-aonad i gcrích i mí na Nollag 2014, agus tá ceannach an 20 aonad eile le bheith curtha i gcrích faoi mhí Aibreáin 2015.



Coneyboro

De bharr iarrachtaí comhoibríocha Chomhairle Baile Átha Í, Chomhairle Contae Chill Dara agus Chlúid, cuireadh i gcrích eastát a bhí neamhchríochnaithe roimhe sin i mBaile Átha Í, rud a chuir le luach an eastáit ar fad, ina bhfuil 400 áit chónaithe.

Cuireadh na háitribh nua, ina bhfuil idir dhá sheomra leapa, thrí cinn agus cheithre cinn, in Coneyboro ar fáil do 35 theaghlach. Bhí na teaghlaigh sin ag fanacht seacht mbliana ar an meán ar an liosta feithimh tithíochta.

Thoiligh Clúid na cúig áitreabh is tríocha neamhchríochnaithe a cheannach ar €2.63 milliún, agus baineadh leas as éarlais rialtais den chostas iomlán chun an fuilleach a ghíaráil trí mhaoiniú príobháideach ón GAT. Chuir sé sin ar a cumas don GNBS infheistiú san Fhorbróir, a bhí in ann na hoibreacha a bhí fós le déanamh a chur i gcrích ansin, lena áiríodh an bóthar agus limistéir ghlasa.

Bhain gach duine tairbhe as an socrú, na tionóntaí nua a bhí ag fanacht seacht mbliana ar an liosta feithimh tithíochta sóisialta, an Forbróir, an t-údarás áitiúil, an GNBS agus na 400 duine eile a bhfuil cónaí orthu san eastát.



Maigh Chromtha



Chuir an Comhlacht Tithíochta Túath sé theach teaghlaigh ar fáil i Maigh Chromtha, Co. Chorcaí tar éis gur cuireadh eastát neamhchríochnaithe i gcrích le hionchur agus cúnamh ollmhór ón GNBS agus ó Chomhairle Contae Chorcaí araon lena chinntiú go raibh an scéim curtha i gcrích mar ba cheart ionas go bhféadfadh an tÚdarás Áitiúil na forbairtí a ghlacadh ar lámh, rud a shásódh daoine a bhfuil cónaí orthu san eastát cheana féin mar aon le tionóntaí nua a bheadh ag bogadh isteach chuige.

Rinneadh maoiniú ar an scéim trí airgead a sholáthair maoiniú príobháideach tríd an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe ar bhonn ráta seasta agus chuir an Stát airgead ar fáil ón ÁICL. Bhí an ceannachán sin ar an tríú huair a fuair Túath maoiniú iasachta ó GAT.

Cúirt an Easpaig

Forbairt 4 urlár de 12 árasán is ea Cúirt an Easpaig, Troysgate, Cill Chainnigh, atá ar an mbunurlár, an gcéad urlár, an dara hurlár agus an tríú hurlár, mar aon le haonad miondíola amháin ar an mbunurlár. Tá carrchlós ar leibhéal an íoslaigh. Tá a gcuid doirse féin ar na hárasáin ar fad, tá siad inrochtana ón tsráid agus freastalaíonn ardaitheoir orthu. Tá an fhorbairt suite ag Troysgate, Cill Chainnigh, gar do lár chathair Chill Chainnigh agus do shaoráidí uile na cathrach sin. Le tacaíocht ón GAT agus Comhairle Contae Chill Chainnigh agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, cheannaigh Iontaobhas Tithíochta Oaklee 6 cinn de na 12 aonad chun cóiríocht a chur ar fáil d'iaratasóirí a bhí ar liosta feithimh tithíochta Chomhairle Contae Chill Chainnigh.

Tá Cúirt an Easpaig i gcoirlár Chathair Chill Chainnigh. Baintear tairbhe sa suíomh as na saoráidí ar fad a bhaineann le cathair bhríomhar: tá siopaí, scoileanna, séipéil, pictiúrlann agus amharclanna i bhfoisceacht siúlóide den chóiríocht. Tithe sraithe atá faoi úinéireacht phríobháideach den chuid is mó atá sa cheantar. Tá tithe leaba agus bricfeasta, Óstáin, agus Teach Ósta sa cheantar agus tá Ospidéal Ginearálta Naomh Lúcas in aice láimhe. Tá sármheascán tithíochta sóisialta i gCúirt an Easpaig i dtimpeallacht pobail inbhuanaithe.



Leanúint ar aghaidh ag cruthú caidrimh chomhthairbhig le custaiméirí nua lena chur ar a gcumas dóibh tithíocht a chur ar fáil do dhaoine aonair agus do theaghlaigh nach bhfuil in ann cóiríocht a fháil ar an margadh.

Tithíocht Shóisialta a Chumasú

Leanann an GAT ar aghaidh le bheith ag obair le comhlachtaí tithíochta ceadaithe (CTCanna) agus leis an earnáil tithíochta dheonach trí airgeadas a sholáthar do thionscadail tithíochta nua mar thacaíocht dá n-obair le daoine gan dídean agus le pobail eile ar a bhfreastalaíonn siad.

9

Tá stádas mar chomhlacht deimhnithe ag naoi gcinn de CTCanna leis an GAT; tá líon na comhlachtaí dá leithéid ag fás i rith an ama.

€27 milliún

lasachtaí a ceadaíodh do CTCanna agus do chomhlachtaí tithíochta deonacha i rith 2014.

315 aonad

Chumasaigh airgeadas ón GAT 315 aonad tithíochta a fháil in 2014.



David Brown | Bainisteoir Forbartha, Iontaobhas Tithíochta Oaklee

Táimid ag obair i ndlúthpháirt leis an GAT le breis agus 4 bliana anois agus d'fhreagair siad na ceisteanna uainn i gcónaí ar shlí ghairmiúil, chairdiúil. Toisc go ndéantar próiseáil chomh tapa ar na hiarratais uainn ar iasachtaí, bhí ar ár gcumas a bheith ní ba réamhghníomhaí agus muid ag cur tairiscintí isteach agus ag ceannach áitreabh i gcomhair tithíocht shóisialta. Tá feabhas tagtha ar a éifeachtaí is a mbímid sa mhargadh a bhuí le solúbthacht an GAT, solúbthacht atá le sonrú san fhorbairt atá déanta acu ar tháirgí iasachta iomaíocha nua i gcúinsí sóisialta agus i gcúinsí beartas tithíochta a bhíonn ag athrú agus ag athrú. Táimid ag tnúth le cur isteach ar iasachtaí nua um thógáil agus athchóiriú, agus cistí a tharraingt anuas faoin tsaoráid nua de chuid na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta agus an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. Cuirfear go mór leis an aschur uainn de bharr na saoráide nua sin, mar gheall ar na praghsanna ísle ar ráta seasta, agus geuirfear ar ár gcumas dúinn dul chun cinn nach beag a dhéanamh i dtreo na spriocanna forbartha atá leagtha amach sa straitéis Tithíochta Sóisialta 2020.


Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí

Caidreamh

Baineann tábhacht fíorard le Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí ('SAC') don GAT. Tá caidrimh chriticiúla ag an GAT le páirtithe leasmhara i dtrí chatagóirí: údaráis áitiúla, comhlachtaí tithíochta ceadaithe agus an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil.

Tá obair le caidrimh a chothú agus líonrú ina gcomhchodanna buntábhachtacha den SÁC, agus déanann an GAT pointe de go gcoinnítear i dteagmháil go dlúth lena custaiméirí trí chomhráit le agus ábhair a chur i láthair do chumainn ionadaíocha oifigiúla na n-údarás áitiúil (bainisteoirí contae agus cathrach, ceannasaithe airgeadais), agus trí chruinnithe duine-le-duine le baill foirne na n-údarás áitiúil.

Lena chois sin, fanann fócas na GAT ar thacaíocht a thabhairt dá gcuidrimh leis na CTCanna agus na caidrimh sin a fhorbairt. Reachtáladh go leor cruinnithe i rith na bliana ar fad chun cabhrú leis na CTCanna lena gcuid iarratas ar Stádas mar Chomhlacht Deimhnithe, agus le hiarratais aonair ar airgeadú, a ullmhú. Leanann an GAT ar aghaidh le bheith ag forbairt táirgí nua chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais airgeadais Eanáil na CTCanna.



Is é cuspóir na GAT na bearta idirchaidrimh atá ann faoi láthair lena grúpaí custaiméirí a dhoimhniú agus a leathnú. Agus í ag leanúint leis an gcuspóir seo, táthar tar éis tabhairt faoi roinnt tionscnamh le déanaí agus faoi thionscnaimh atá ag leanúint ar aghaidh, faoi mar a liostaítear thíos:

TIONSCNAMH	CUR SÍOS AIR
Rannpháirtíocht i gcruinnithe na gCeannasaithe Airgeadais	Ó thaobh chaidreamh na GAT le húdaráis áitiúla, freastalaíonn an GAT ar chruinnithe de Cheannasaithe Airgeadais, mar a gcuirtear ábhar i láthair go rialta maidir le raon leathan saincheisteanna gaolmhara a bhaineann leis an GAT agus leis na hÚdaráis Áitiúla araon. De bharr a rannpháirtíochta ag na cruinnithe seo, soláthraítear fóram don GAT freisin le dearcaí n-Údaráis Áitiúla a fháil maidir leis na saincheisteanna éagsula a thagann chun cinn ó am go chéile. Leanfar ar aghaidh leis an obair seo agus leathnófar é amach anseo.
Ionadaíocht ar an mBord	Déanann Príomhfheidhmeannach agus ionadaí tofa ionadaíocht ar ár bpríomhchustaiméirí, na húdaráis áitiúla, ar an mBord.
Faisnéis leictreonach	Eisítear gach eolas ar ríomhphost chuig oifigigh airgeadais agus tithíochta. Eisítear páipéir le haghaidh cruinnithe Boird agus Coistí go leictreonach freisin.
Cláir na gceardlann réigiúnach	Reachtáiltear ceardlanna réigiúnacha ó am go chéile i gcomhar leis na húdaráis áitiúla, chun oiliúint a chur ar bhaill foirne na n-údarás áitiúil maidir le córas iasachtaí ar-líne na GAT a úsáid. Tá sraith de cheardlanna réigiúnacha pleanáilte i gcomhar amach in 2015 / go luath in 2016 maidir le Córas Billeála athfhorbartha na GAT Córas Iasacht agus Bainistíocht Chisteáin a thabhairt isteach.

TIONSCNAMH	CUR SÍOS AIR
Seimineáir	Reáchtáil GAT seimineáir i mí Feabhra 2014 dar teideal Financing Social Housing in Ireland, ar ar fhreastail go leor páirtithe leasmhara tábhachtacha. Chuir aoichainteoirí ón Ríocht Aontaithe, ón Ostair, ón Íseltír agus ó Éirinn samhlacha agus struchtúir dhifriúla i láthair maidir le tithíocht shóisialta a airgeadú. Fuarthas aiseolas an-dearfach faoin Seimineár uathu siúd a d'fhreastail air agus úsáidfear na haschuir sa phróiseas leanúnach le struchtúir um airgeadú a fhorbairt don tithíocht shóisialta in Éirinn. Tar éis a fheabhas is a d'éirigh leis an Seimineár agus ar iarratas ó pháirtithe leasmhara / custaiméirí, táthar ag cuimhneamh ar an dara seimineár i gcomhair Fhómhar 2015.
Cairt do Chustaiméirí	Tá Cairt do Chustaiméirí foilsithe ag an GAT atá ar fáil ar a shuíomh idirlínn.
Tuairisceoireacht don Rialtas Lár	Tá modúl forbartha ag an GAT ar a suíomh idirlín lena gcumasaítear d'údaráis áitiúla réamh-mheastacháin iarbhrí don tréimhse faoi láthair agus ar feadh 3 bliana a fháil maidir le hiasachtaí – ó thaobh íocaíochtaí na prímhe agus aisiocaíochtaí úis chun críocha tuairisceoireachta don Rialtas Lár.
Cód Iompraíochta don Fhoireann	Soláthraítear treoir i <i>gCód Iompraíochta do Phearsanra</i> na GAT maidir le bheith ag déileáil lenár gcustaiméirí. Clúdaíonn sé comhfhreagras scríofa, daoine a bhuaileann isteach san oifig agus glaonna gutháin. Foráiltear leis an <i>gCód Iompraíochta do Phearsanra</i> go gcaithfear comhfhreagras a fhreagairt faoi cheann seachtaine, cibé trí admháil nó freagra iomlán. Mura féidir moill ar fhreagairt a sheachaint, moltar go dtabhfar freagairt eatramhach.

Leanann an GAT ar aghaidh le bheith ag fócasú ar shaincheistanna a théann i bhfeidhm ar sheirbhís do chustaiméirí agus tá bearta bunaithe ag GAT chun monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar SÁC sna réimsí seo a leanas:

- 1. Cistí a eisíoc d'airleacain iasachtaí d'údaráis áitiúla**
- 2. Ag déileáil le comhfhreagras ó fhoinsí seachtracha**
- 3. Oiliúint agus Forbairt Foirne**
- 4. Beartais & Nósanna Imeachta na GAT a chomhlíonadh**

Soláthraítear níos mó mionsonraí faoin mbealach a dhéantar na bearta seo a mheasúnú thíos.

- 1. Íocaíocht amach d'airleacain iasachta d'údaráis áitiúla** Tá sprioc ag an nGníomhaireacht go ndéantar 95% d'iasachtaí a chur ar aghaidh laistigh de seacht lá tar éis an t-iarratas a fháil ceadaithe ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Chomhlíon an Gníomhaireacht an sprioc seo in 2014 le leibhéal comhlíontachta 99%.
- 2. Déileáil le comhfhreagras ó fhoinsí seachtracha** Leanann an Gníomhaireacht uirthi ag baint a sprioc amach chun freagra a thabhairt ar gach comhfhreagras a fhaightear ó fhoinsí seachtracha laistigh de sheachtain oibre amháin.
- 3. Tá Oiliúint agus forbairt foirne** tábhachtach d'éifeachtúlacht leanúnach na Gníomhaireachta. Is é an sprioc coibhéis 4% de chostais phárolla a chaitheamh ar oiliúint, agus bhain toradh 4.0% le 2014 (2012: 3.6%).

- 4. Comhlíonadh Bheartais agus Nósanna Imeachta na Gníomhaireachta** Déantar tuairisciú ar chomhlíontacht faoi dhó sa bhliain agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú uirthi. Is é ár sprioc sa réimse seo líon an tsáraithe ar nósanna imeachta agus ar bheartais a theorannú (seachas díobh siúd ag eascirt as asláithreachtaí foirne) go dtí níos lú ná 10. Sáraíodh an sprioc seo arís in 2014, gan ann aon tuairisciú eisceachta dá leithéid ann ar chor ar bith (2013: ceann ar bith freisin).

Comhaontú maidir le Leibhéal Seirbhíse le RCPRÁ

Foráiltear leis an *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* gur chóir go mbeadh Comhaontú maidir le Leibhéal Seirbhíse i bhfeidhm lena mháthair-Roinn ag aon chomhlacht Stáit a bhíonn ag soláthar seirbhíse.

Cinntítear comhleanúnachas maidir le beartais phoiblí i ndáil le tithíocht agus na tionscnaimh airgeadais ghaolmhara a chomhordú, trí gach ceann a bheith faoi smacht an Aire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (RCPRÁ). Cinntíonn áit na GAT faoi scáth RCPRÁ go mbíonn a cuid seirbhísí éifeachtúil agus go dtacaíonn siad go hiomlán le beartais an Rialtais.

I mí Eanáir 2014, thionscnaigh an GAT próiseas i leith Comhaontú maidir le Leibhéal Seirbhíse a dhréachtú leis an RCPRÁ agus, le ceadú an Bhoird, rinneadh Comhaontú maidir le Leibhéal Seirbhíse leis an RCPRÁ i mí Feabhra. Comhlíonadh na cuspóirí ar fad a sonraíodh sa Chomhaontú i gcomhair 2014.



Jimmy Dalton | Ceannasaí Airgeadais, Comhairle Contae na hIarmhí
Thar na blianta, d'oibrigh Comhairle Contae na hIarmhí agus an
GAT le chéile chun caidreamh láidir a chothú. Bhí an GAT ag obair
i gcónaí chun freastal ar ár gcuid riachtanas sonrach agus is mór
againn an luach a chuireann siad ar fáil trína gcuid táirgí iasachta, a
gcuid iasachtaí nuálacha agus a gcóras bainistíochta cisteáin, a bhfuil
athfhorbairt á dhéanamh air faoi láthair.

Caidreamh a Choinneáil ar Bun

Tá caidreamh láidir cothaithe ag an nGníomhaireacht Airgeadais Tithíochta le húdaráis áitiúla le 30 bliain anuas. Tá maoiniú curtha ar fáil aici d'údaráis áitiúla chun a chur ar a gcumas dóibh iasachtaí a thabhairt ag rátaí an-iomaíoch do dhaoine aonair. Bíonn na hÚdaráis Áitiúla ag brath ar shaineolas agus eolas an GAT sa réimse sin. Fanann an GAT i ndlúth-theagmháil le húdaráis áitiúla trí chruinnithe agus pléite idir daoine aonair mar aon le láithreoireachtaí os comhair cumainn ionadaithe oifigeach de chuid na n-údarás áitiúil (Cumann Lucht Banistíocht Contae agus Cathrach agus Ceannairí Rannóga Airgeadais).

Teicneolaíocht Faisnéise

Spleáchas ar Theicneolaíocht Faisnéise

Gan ach a chómhaith de 11 bhall foirne ag obair go lánaimseartha, is iad ag bainistiú leabhar iasachtaí ar luach €4.2 billiún agus thart faoi 7,000 iasacht amuigh faoi láthair, braitheann an GAT go mór ar úsáid a bhaint as teicneolaíocht faisnéise chun éascú le húsáid níos éifeachtúlaí a bhaint as a cuid acmhainní agus lena cuid seirbhísí a chur ar fáil go héifeachtach.

Féachann an GAT leis an oiread seirbhísí dá cuid a bheith ar fáil ar an idirlín agus is féidir, rud a sholáthraíonn seirbhís níos fearr do chustaiméirí, a fheabhsaíonn inrochtaineacht na sonraí agus a laghdaíonn costais d'úsáideoirí seirbhíse. Soláthraíonn an GAT bealach le teacht ar a cuid sonraí trína tairseach idirlín. Cuireann sé sin ar chumas custaiméirí agus ar pháirtithe leasmhara eile tascanna a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla. Is féidir le cliant teacht ar sheirbhísí ar an bpointe ón iomaí áit agus ar am ar bith den lá trí shuíomh idirlín na GAT.

Córas Billeála agus Iarratas ar Iasachtaí

Tá córas ag an GAT faoi láthair le haghaidh iarratas ar iasachtaí, billeála agus cistíochta ar uirlis bhunriachtanach dá gnó é. Éascaíonn sé seo le sruth oibre ar-líne a bhaineann le baill foirne na GAT agus úsáideoirí seachtracha – údaráis áitiúla agus an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúla go príomha – agus soláthraíonn sé roghanna cuimsitheacha maidir le tuairisceoireacht agus fiosrúchán do phearsanra na GAT. Soláthraíonn feidhmchlár LABS an fheidhmiúlacht don GAT atá riachtanach le hiarratais ar iasachtaí agus cúrsaí billeála a phróiseáil.

Córas Billeála agus Iarratas ar Iasachtaí a Athfhorbairt

Cé go raibh an GAT sásta le feidhmiúlacht an chórais atá aici faoi láthair, fágann an fhírí gur dearadh é thart faoi 13 bliain ó shin gur moladh gur stuama an córas a uasghrádú/a athfhorbairt agus teicneolaíocht nua-aimseartha a úsáid a bheadh, oiread agus is féidir, oiriúnach d'fhorbairt ar bith a thiocfadh ar chúrsaí amach anseo.

D'iarr an GAT tairiscintí ag tús 2014 leis an gcóras agus an suíomh idirlín gaolmhar a uasghrádú agus a bhreisiú, le tacaíocht agus cothabháil leanúnach a sholathar don chóras nua chomh maith le le seirbhísí breisiúcháin ad hoc. Cuirfidh an córas nua atá ag teastáil, ar chumas na GAT tairbhe a bhaint as ardán teicneolaíochta nua-aimseartha i réimsí amháil slándáil, comhéadan leis an úsáideoir, agus rochtain ar fhaisnéis agus a haisghabháil.

Ba iad Capita IB Solutions an tairgeoir ar éirigh leo. Le breis is 35 bliain de thairbhí sa tionscal teicneolaíochta faisnéise acu, tá córais le haghaidh iasachtaí forbartha acu, chomh maith le córais saindeartha dramhaíola, cíosa agus rátaí, do Chomhairle Contae Chorcaí agus Loch Garman araon. Tá córais forbartha ag Capita

freisin le haghaidh roinnt comhlachtaí tithíochta i Sasana agus is é an soláthraí is mó de réitigh le haghaidh bogearraí do Chomhairlí Contae na Ríochta Aontaithe (agus thart faoi 14% den mhargadh acu).

Roinneadh an próiseas athfhorbartha i roinnt céimeanna, agus é i gceist againn go mbeidh an córas nua ag feidhmiú rith Mheitheamh 2015. Beidh an córas nua atá beartaithe ag idirghníomhú go rathúil le córas bainistíochta faisnéise airgeadais na GAT, lena n-úsáidtear IRIS Exchequer Enterprise.

Cuirfeadh an córas nua i bhfeidhm mar fheidhmchlár atá bunaithe ar *Java™* agus déanfar é a optamú go gcuirfeadh teicneolaíochtaí reatha san áireamh. Beidh comhéadan nua-aimseartha uilíoch idirlín ag úsáideoirí Nuair a thabharfar an córas nua isteach, ba cheart go bhfeicfeadh feabhsú an-suntasach ó thaobh an ama próiseála.

Baineann an córas úsáid as trasbhrabhsálai (*MS Explorer, Mozilla Firefox, Google Chrome, agus Apple Safari*) ar comhéadan coitianta atá ann a oibríonn ar an idirlín le haghaidh gach comhchuid den réiteach bogearraí do riarthóirí inmheánach cúloifige agus do pháirtithe leasmhara seachtracha sa RCPRÁ, in údaráis áitiúla agus i gcomhlachtaí tithíochta ceadaithe. Ba cheart go soláthródh seo eispéireas chomhsheasmhach uilíoch don úsáideoir agus go soláthródh sé bealach cianrochtana slán ar an gcóras.

Déantar achoimre ar thairbhí an chórais nua thíos:


RÉIMSE AN CHÓRAIS	TAIRBHÍ AN CHÓRAIS ATHFHORBARTHA
Cothabháil maidir le rochtain agus logáil isteach na n-úsáideoirí	Déanfar sonraí gach úsáideora a chriptiú agus déanfar logáil isteach don chóras trí nasc Prótacail Aistrithe Shláin Hipirtéacs.
Slándáil dara leibhéil	Slándáil dara leibhéil gan an riachtanas le bogearraí breise.
Sruth oibre na n-iarratas ar iasachtaí agus sruthanna oibre eile	Ag dul in ionad chórais an "Tráidire Isteach" le sruth oibre caighdeánach maidir le hiarratais ar iasachtaí, lena n-úsáidtear stádas an iarratais chun é a bhrosnú trí na céimeanna éagsúla.
Iasachtaí a Phróiseáil	Déanfar roinnt réimsí d'áireamh na próiseála iarratas a athscríobh le buntáiste a bhaint as feidhmiúlacht atá mar dhlúth agus d'inneach den leagan reatha de theanga <i>Java</i> .
Córas bainistíochta cistíochta agus infheistíochta	Rachaidh feabhsúcháin anseo chun tairbhe do mhargai a bheidh ag dul in aibíocht agus don phróiseas dearbhúcháin.
Uirlisí tuairisceoireachta agus anailíse	Is é an t-athrú suntasach anseo go mbeidh gach tuairisc ar fáil ar an bpointe ar an idirlín trí leas a bhaint as <i>RAS</i> .

Caomhnú Fuinnimh

Oibríonn an Ghníomhaireacht ó 46 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2, mar a bhfuil spás ar urlár amháin ar léas aici. Is le haghaidh soilsiúcháin, téimh/aerchóiriúcháin, agus cumhacht a thabhairt dár ríomhairí is mó a úsáidtear fuinneamh.

In 2014, d'ídh an Ghníomhaireacht 27.7 MWh d'fhuinneamh, ar leictreachas amháin bhí i gceist leis. Is ionann é seo agus 2.5 MWh de leictreachas á idiú ar an meán ag gach fostaí, giúr fabhrach i gcomparáid le 4.44 MWh de leictreachas á idiú ar an meán ag gach fostaí d'earnáil na seirbhísí (faoi mar atá ríofa ag Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann). Athfhorbraíodh ár n-áitreabh ar léas i rith 2009/2010, agus suiteáladh soilsiú atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh ansin.

- Tá rátáil BER de B1 ag oifigí na Ghníomhaireachta.
- Déanann an Ghníomhaireacht athchúrsáil ar pháipéar & ar chairtchlár, ar threalamh leictreonach, tonóirí printéirí agus fóin shoghluaisite.
- Ceannaíonn sí agus oibríonn sí freastalaithe, ríomhairí pearsanta agus printéirí a bhfuil rátáil fuinnimh acu.
- Úsáideann 90% den fhoireann iompar poiblí don chomaitéireacht, agus téann 10% den fhoireann ar rothar chuig an obair agus abhaile arís, á spreagadh ag infhaighteacht áiseanna cuí sa Ghníomhaireacht.
- Spreagtar fostaíthe na GAT le bheith ar an eolas faoi chúrsaí fuinnimh, agus bímid ag féachaint le cinntiú go bhfeidhmítear ár n-oifig ar an mbealach is tíosaí ar fhuinneamh agus is féidir.



Gníomhartha a Rinneadh in 2014

In 2014, thug an Ghníomhaireacht Tithíochta faoi raon tionscnamh lenár bhfeidhmíocht ó thaobh fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Dhá phrintéir nua atá tíosach ar fhuinneamh a cheannach;
- Ag cur a sínithe le clár de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann maidir le fuinneamh a bhainistiú go héifeachtach; agus
- Tionscnaimh éagsúla, maidir le trealamh a chasadh as, a chur i ngníomh (ríomhairí agus soilse).

Gníomhartha ata Beartaithe i gcomhair 2015

Tá sé an-tábhachtach don GAT fuinneamh a chaomhnú. Leanfaimid ar aghaidh le bheith ag féachaint le coigilteas ó thaobh cúrsaí éifeachtúlachta a chomhlíonadh i ngach gné dár ngnó in 2015 agus féachfaimid ar an bhféidearthacht ó thaobh a bheith ag obair le Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann chun a dhéanamh amach cén dul chun cinn breise is féidir a dhéanamh.



Feabhas a chur ar an Saol

Tá Rochdale, Páirc na Meala, ina chuid d'fhorbairt mheasctha ard-dlúis ag aomhal Bhóthar Glenageary Uachtarach agus Ascaill na Cille, Dún Laoghaire. Tá cead pleanála faighte i leith na forbartha chun timpeall is 856 áitreabh, idir thithe agus árasáin, a chur ar fáil, chomh maith le háiseanna creise, ollmhargadh, siopaí, caifé agus ionad comharsanachta ar an suíomh 78 n-acra ar a bhfuil Cumann Gailf Dhún Laoghaire, mar a bhíodh. Tá tús curtha cheana féin leis na hoibreacha ar an ionad comharsanachta agus ar fhearann páirce fairsing lena chinntiú go mbeidh na daoine a bheidh ina gcónaí san eastát in ann tairbhe a bhaint as áit álainn shuaimhneach laistigh de shuíomh baile.

Cheannaigh Túath Housing Association 35 árasán le maoiniú ón GAT agus 26 aonad le cistiú Stáit faoin Scéim Cúnaimh Caipitil (SCC). Tá na háitribh a ceannaíodh lonnaithe laistigh den chéad chéim den scéim, agus an iliomad áiseanna áitiúla gar dóibh, agus tá rochtain ar naisc iompair áitiúil uathu. Ceannaíodh iad mar thoradh ar chomhoibriú le Comhairle Contae Dhún Laoghaire / Ráth an Dúin, i gcomhar le Túath, leis an Roinn Pobail, Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil agus leis an GAT. Tá idir sheomra leapa amháin, dhá cheann agus thrí cinn sna hárasáin, agus tá ag éirí go geal leis an scéim tionachta measctha seo mar gheall ar an áit ina bhfuil sí, an tsonraíocht ard lena n-áirítear córas teasa comhchoiteann, rud a fhágann go mbeidh na billí fuinnimh níos ísle, agus na háiseanna atá ar fáil do na daoine ar fad a bhfuil cónaí orthu san fhorbairt.

Tuairisc na Stiúrthóirí

Cuireann na Stiúrthóirí a dtuairisc bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais iniúchta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 i láthair.

Torthaí agus díbhinní

	2014 €'000	2013 €'000
Gnóthachan aitheanta iomlán don bhliain	12,735	20,351
Cistí scairshealbhóirí ag tús na bliana	93,235	72,884
Cistí scairshealbhóirí ag deireadh na bliana	105,970	93,235

Feidhmíocht mhaith is ea é seo agus léirítear leis na torthaí seo brabúis a gineadh de bharr beartais, a cheadaigh na Stiúrthóirí i leith na gcorrlach, rud a dearadh lena chinntiú go mbeidh dóthain cúchistí ag an GAT chun na costais a sheasamh a mheastar a thiocfaidh de bharr de bharr mímhéaitseálacha idir maoiniúchán treoirnasctha ar ráta seasta agus rioscaí eile.

Ní mholann na Stiúrthóirí íocaíocht díbhinne i gcomhair 2014 (2013: nialas).

Tá léirmheas ar na rioscaí suntasacha don GAT ó thaobh cúrsaí airgeadais agus ar na bealaí suntasacha atá sí nochtaithe do rioscaí, i leith a cuid sócmhainní, dlíteanas agus ionstraimí airgeadais, leagtha amach in éineacht leis na cuspóirí agus beartais um bainistíocht rioscaí, a úsáideann an GAT i leith na rioscaí sin a bhainistiú, i nóta 18 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais. Tugtar aghaidh i dTuairisc na Stiúrthóirí ar na rioscaí suntasacha ó thaobh cúrsaí gnó a bhfuil an GAT nochtaithe dóibh agus cuirtear ríomhtháscairí feidhmíochta chun suntais i léirmheas an Phríomhfheidhmeannaigh.

Athbhreithniú ar fhorbairt an ghnó

Iasachtaí d'údaráis áitiúla (a cheadaíodh roimh 27 Bealtaine 1986)

Bunaíodh an GAT chun iasachtaí treoirnasctha a eisiúint d'údaráis áitiúla go dtabharfaidís siúd airgead ar iasacht ar bhonn gníomhaireachta do dhaoine aonair. San iomlán, tugadh €403 milliún ar airleacan d'údaráis áitiúla faoin scéim seo agus úsáideadh é chun 15,571 morgáiste a mhaoiniú. Ar 31 Nollaig 2014 ba ionann iasachtaí den sórt sin agus fuilleach €10.97 milliún a bhí gan íoc. Dlítear aon chaillteanais chreidmheasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn as siocair na n-iasachtaí sin a chur ar an GAT.

Iasachtaí d'údaráis áitiúla (a cheadaíodh i ndiaidh 27 Bealtaine 1986)

Le héifeacht ó mhí na Bealtaine 1986, bhí an GAT ag eisiúint iasachtaí d'údaráis áitiúla d'fhonn deontais feabhsúcháin a mhaoiniú chomh maith le hiasachtaí in-chomhshóite agus blianachta a bheadh bainteach le hioncam. Faoi Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992 cuireadh le cumhachtaí na GAT údaráis áitiúla a mhaoiniú le haghaidh aon cheann dá bhfeidhmeanna faoi Achtanna na dTithe. Dá thoradh sin tá iasachtaí eisithe ag an GAT d'údaráis áitiúla chun na Scéimeanna Tithíochta Comhúinéireachta agus Deonacha a mhaoiniú.

Coinníonn an t-údarás áitiúil cuid shuntasach de na cistí sin chun críocha ar nós talamh a cheannach. Tugann na húdaráis áitiúla an fuilleach ar iasacht d'iasachtaí aonair agus do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe. Bíonn na húdaráis áitiúla freagrach as aon chaillteanais a d'fhéadfadh teacht chun cinn i leith na n-iasachtaí sin. I gcomhthéacs:

- gur comhlachtaí reachtúla iad údaráis áitiúla faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus achtacháin eile,;
- gur ionann a n-ioncam nó a gcistí agus urrúis ó thaobh íocaíochta dlíte don GAT gach suim a bhíonn le híoc ag údaráis áitiúla (mar atá leagtha amach sa chomhaontú idir gach údarás áitiúil agus an GAT);
- gurb é an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a cheadaíonn gach iasacht a thugtar air airleacan d'údaráis áitiúla;
- tuisceant an Bhoird go dtacaíonn an Rialtas láir le húdaráis áitiúla ina n-oibleagáidí don GAT a chomhlíonadh; agus,
- níor bhain aon chaillteanais mar gheall ar iasachtaí don GAT maidir leis na hiasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla i ndiaidh 1986.

is é tuairim an Bhoird nach fiú le háireamh é aon riosca creidmheasa, seachas riosca ceannasach, maidir le hiasachtaí a thugtar ar airleacan d'údaráis áitiúla ar nó i ndiaidh 27 Bealtaine 1986 agus níl aon fhorálacha caillteantais iasachta taifeadta i leith na n-iasachtaí sin.

In 2014, b'ionnann ollmhéid na n-airleacan iasachtaí agus €153 milliún (2013: €138m), b'ionann aisíocaíochtaí is fuascailtí agus €297 milliún (2013: €258m), ag fágáil gur €144 milliún don bhliain suim na nglanhuascailtí don bhliain (2013: €120m). B'ionann iasachtaí den sort sin agus iarmhéideanna €4.18 billiún a bhí gan íoc (2013: €4.33 billiún).

Féachann an GAT le bheith ag obair leis na húdaráis Áitiúla le struchtúir chuí iasachtaí a fhorbairt dóibh gur fearr a bheidh

siad ag teacht le cúinsí airgeadais na n-údarás féin. Maidir leis seo, féadfaidh an GAT téarmaí sínte a sholáthar le haghaidh iasachtaí, nó tréimhsí leis an ús iarchurtha nó ath-idirbheartaíocht eile a thairiscint de réir mar is cuí. I rith 2014, rinne an GAT ath-idirbheartaíocht i leith €238.95 milliún (2013: €108.03 milliún) d'iasachtaí nár bhain le tithíocht agus ní dhearnadh aon idirbheartaíocht i rith na bliana i leith iasachtaí a bhain le tithíocht (2013: €28.60 milliún). Tá an ath-idirbheartaíocht sin tarlaite i gcomhthéacs an €4.18 billiún d'iasachtaí a tugadh air airleacan d'údarás áitiúla faoi mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2014 agus mar sin, is ionann é sin agus thart faoi 4.8% de ghníomhaíochtaí a bheith ina gníomhaíocht ath-idirbheartaíochta in 2014 (2013: 3.80%).

Níor lagaíodh ná níor dí-aithníodh sócmhainní bunaidh na n-iasachtaí de bharr ath-idirbheartaíochta i leith iasachtaí a bhain agus iasachtaí nár bhain le tithíocht, toisc nárbh ionann é agus modhnú suntasach ar théarmaí. Scoireann an GAT de bheith ag meas go bhfuil ath-idirbheartaíocht déanta i leith na n-iasachtaí seo nuair a bheidh bliain amháin d'aisíocaíochtaí sceidealaithe suas chun dáta, dulta in éag tar éis na hath-idirbheartaíochta. Maidir leis seo, measann an GAT go ndearnadh ath-idirbheartaíocht i leith luach €202.39 milliún d'iasachtaí (2013: €164.52 milliún) in 2014 agus gur aithníodh €1.18 milliún (2013: €1.60 milliún) d'ioncam úis ar na sócmhainní sin.

Mar a bhí cúrsaí ag 31 Nollaig 2014, athraíodh €117.53 milliún (2013: €59.55 milliún) d'iasachtaí éadála talún ar theacht in aibíocht dóibh, ina n-iasachtaí blianachta, a bheadh le hóc ar ais thar thréimhse chomh fada le 30 bliain. Ní raibh aon iasachtaí éadála talún ann a meastar gur iasachtaí a ndearnadh ath-idirbheartaíocht ina leith, mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2014 toisc go bhfuil bliain iomlán amháin d'aisíocaíochtaí sceidealaithe faighte cothrom le dáta againn. B'ionann suim an úis a fabhraíodh ar iasachtaí a athraíodh ar theacht in aibíocht dóibh an 31 Nollaig 2014 agus €1.18 m (2013: €0.62 m).

iasachtaí do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe

Faoi alt 17 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002, cumasaítear an GAT chun iasacht dhíreach a thabhairt do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe, lena n-áirítear comhlachtaí tithíochta deonacha agus cumainn chomharthithíochta. Faoin Tionscnamh um Léasú Tithíochta Sóisialta, faigheann an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, trí údarás áitiúla, aonaid tithíochta cuí ar leas ó CTCanna, a thugtar ar cíos do thionóntaí tithíochta sóisialta atá ainmnithe ag údarás áitiúla. Ceannaíonn nó tógann na comhlachtaí réadmhaoin agus maoinítear sin trí airgeadas i bhfoirm iasachtaí a thiomsaíonn an CTC (ón GAT nó ón Earnáil Phríobháideach). Maoineoidh

ioncam a gheobhaidh na CTCanna ó Chomhaontú Íocaíochta agus Infhaighteachta le húdarás áitiúil ar feadh tréimhse chomh fada le 30 bliain, aisíocaíocht iasacht na GAT.

Bíonn ar CTCanna ar mian leo iasacht a fháil ón GAT measúnú airgeadais ginearálta a sheasamh chun stádas mar Chomhlacht Deimhnithe a fháil. Nuair a dhearbhaítear an stádas sin, agus nuair atá máistir-chomhaontú sínithe, is ansin amháin is feidir leo cur isteach ar airleacain iasachtaí a ndéantar a mheasúnú go neamhspleách ina dhiaidh. Mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2014, fuarthas seacht n-iarratas is fiche (2013: fiche) ar stádas mar Chomhlacht Deimhnithe ó CTCanna. D'éirigh le naoi CTC (2013: sé chinn) agus níor éirigh le ceithre chomhlacht tithíochta ceadaithe déag, agus tá ceithre cinn díobh siúd fós ag leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas go n-éireoidh le hiarratas uathu. Tá liosta de CTCanna ceadaithe le fáil thíos:

1. Cumann Tithíochta Dheonach *Circle*
2. Cumann Tithíochta Clúid
3. Cumann Tithíochta *Clanmil Ireland*
4. Cumann Tithíochta *Focus*
5. NABCO (Cumann Náisiúnta na gComharchumann Tógála)
6. Cumann Tithíochta *Oaklee* Teoranta
7. Cumann Tithíochta Deonach Cheatharlach Tinteán
8. Iontaobhas *Iveagh*
9. Cumann Tithíochta *Túath*

Tá 44 iarratas ar iasachtaí (2013: 26) lena mbaineann luach €62.72 milliún san iomlán (2013: €37.64 milliún), ceadaithe ag Coiste Creidmheasa na GAT, mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2014, agus tá €36.13 milliún den tsuim sin tugtha ar airleacan (2013: €22.82 milliún).

Dúbláíodh líon na CTCanna, a raibh stádas mar Chomhlacht Deimhnithe acu, le bliain anuas. Déileálann an GAT le go leor CTCanna éagsúla anois a bhfuil sé de speisialacht acu cabhrú le daoine gan dídean, daoine scothaosta agus CTC beag. Táthar ag súil leis go leanfaidh an fás ar aghaidh in 2015 ó thaobh leibhéil na n-iasachtaí sa réimse seo. Leanann an GAT ar aghaidh le bheith ag idirghníomhú go minic le CTCanna le sraith na dtáirgí a tháirgeamaid a fhorbairt agus a mhionathrú chun feabhais.

Ceadaíodh Cumann Tithíochta Fold mar Chomhlacht Deimhnithe ag Coiste Creidmheasa na GAT i mí Eanáir 2015.

Tuairisc na Stiúrthóirí (ar lean)

Gnóthas Leantach

Is ar bhonn an ghnóthais leantaigh a rinneadh na Ráitis Airgeadais a ullmhú. Agus measúnú á dhéanamh ar chumas na GAT leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, chuir Bord na Stiúrthóirí san áireamh na rioscaí suntasacha agus éiginnteachtaí a théann i bhfeidhm ar an nGníomhaireacht faoi láthair. Leagtar amach gníomhaíochtaí gnó na GAT, mar aon leis na tosca is dócha a rachaidh i bhfeidhm ar fhorbairt, ar fheidhmíocht agus ar sheasamh na Gníomhaireachta sa todhchaí, i Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh ar leathanaigh 8 agus 9, sa chuid maidir le Bainistíocht Rioscaí thíos agus sa chuid ar 'Rochtain ar Mhaoiniú agus Gnóthas Leantach' laistigh den chuid ar Bhonn Ullmhúcháin den Ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta. Anuas air sin, tugtar cuntas mionsonraithe i nóta 18 atá ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais, ar rioscaí airgeadais na GAT, a haidhmeanna bainistíochta; mionsonraí faoina hionstraimí airgeadais agus gníomhaíochtaí fálaíthe; agus a nochtadh do rioscaí creidmheasa, rioscaí leachtachta agus rioscaí margaidh. Cuirtear an mheasúnacht ar ghnóthas leantach i láthair ar leathanach 40.

Bainistíocht Rioscaí

Bíonn an Bord freagrach as córas bainistíochta rioscaí agus rialaithe inmheánaigh na GAT, rud a dearadh chun bainistiú, seachas díothú ar fad, a dhéanamh ar an riosca go dteipfead ar iarrachtaí le cuspóirí gnó a chomhlíonadh, agus ní féidir leis an gcóras seo ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar i gcoinne míráitis nó caillteanais ábhartha.

Tá an fhreagracht as monatóireacht leanúnach ar éifeachtacht an chórais seo tarmlichte ag an mBord chuig an gCoiste Iniúchóireachta. Leagtar mionsonraí amach i ndáil le hobair ar Choiste Iniúchóireachta maidir leis seo i dTuairisc an Choiste Iniúchóireachta ar leathanaigh 39 go 45.

Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach don Bhord thar cheann na Bainisteoireachta freisin maidir le hathruithe suntasacha sa timpeallacht ghnó agus sa timpeallacht sheachtrach, a théann i bhfeidhm ar rioscaí. Is mír sheasta cúrsaí rioscaí ar chlár oibre gach cruinniú Boird. Sa chás go n-aithnítear réimsí infheabhsaithe sa chóras, breithníonn an Bord na moltaí arna ndéanamh ag mBainisteoireacht agus ag an gCoiste Iniúchóireachta.

Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí tar éis na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí a théann i bhfeidhm ar an nGníomhaireacht a mheas. Maidir leis seo, tá na Stiúrthóirí tagtha ar an gconclúid go bhféadfadh an GAT a bheith

nochtaithe do rioscaí ó thaobh cúrsaí creidmheasa, leachtachta agus ón margadh mar gheall ar an úsáid a bhaineann sí as ionstaimí airgeadais le haghaidh cineálacha áirithe iasachtaí. Tá cuspóirí, beartais agus nósanna imeachta na GAT maidir leis na rioscaí seo a thomhas agus bhainistiú leagtha amach thuas agus i Nóta 18 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

Níl aon leasanna i scaireanna nó i mbintíúir na GAT ag na Stiúrthóirí nó ag an Rúnaí.

Conarthaí

Ní raibh aon chonradh ná socrú leis an GAT i rith na bliana a raibh leas ábhartha ag Stiúrthóir de chuid na GAT ann agus a bhí suntasach i ndáil le gnó na GAT.

Imeachtaí i ndiaidh an chláir chomhardaithe

Níor tharla aon imeachtaí suntasacha ó dheireadh na bliana a d'fhágfadh go gcaithfí na Ráitis Airgeadais a mhionathrú nó nóta a chur leo.

An tAcht Toghcháin, 1997

Níor thug an GAT aon sintiúis pholaitíochta i rith na bliana.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála) 2012

Tá dlite ar an GAT ceanglais Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall i leith Idirbhearta Tráchtála), 2012 a chomhlíonadh, rialacháin lenar tugadh éifeacht do Threoir Uimh. 2011/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2011 agus dá réamhtheachta, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála), 2002. Taispeánann athbhreithniú a rinneadh ar na hÍocaíochtaí go léir i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2013 nach ndearnadh aon íocaíochtaí déanacha i rith 2014 faoin Acht thuas.

Taifid Chuntasaíochta

Creideann na Stiúrthóirí gur chomhlíon siad forálacha alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 maidir leis na leabhair chuntais trí phearsanra cuntasaíochta a fhostú a bhfuil saineolas cuí acu agus trí leordhóthain acmhainní a sholáthar d'fheidhm ar airgeadais. Coimeádtar leabhair chuntais na GAT ag a hoifig chláraithe.

Rialachas Corparáideach

De réir mar a d'éiligh Cód Rialachais Chorporáidigh na Ríochta Aontaithe 2012, a ghlac an GAT go deonach, d'ullmhaigh na Stiúrthóirí Ráiteas Rialachais Chorporáidigh, atá leagtha amach ar leathanaigh 34 go 38 agus ar chuid de Thuairisc na Stiúrthóirí é chun críocha na hIonstraime Reachtúla 450/2009 de chuid Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir 2006/46) 2009.

Iniúcháirí

De réir Alt 160 (2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963, leanfaidh na hiniúcháirí, KPMG, Cuntasóirí Cairte, ar aghaidh le bheith in oifig. Molfar rún le húdarú a thabhairt do na Stiúrthóirí a luach saothair a dhéanamh amach, ag an Ollchruinniú Ginearálta.

Príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí

Tá na Stiúrthóirí tar éis na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí a théann i bhfeidhm ar an GAT a mheas. Maidir leis seo, tá na Stiúrthóirí tagtha ar an gconclúid go bhféadfadh an GAT a bheith nochtaithe do rioscaí ó thaobh cúrsaí creidmheasa, leachtachta agus ón margadh, go príomha, mar gheall ar an úsáid a bhaineann sí as ionstaimí airgeadais. Tá cuspóirí, beartaí agus nósanna imeachta na GAT maidir leis na rioscaí seo a thomhas agus bhainistiú leagtha amach i Nóta 18 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

Díbhinn


Níl aon díbhinn le fógairt i gcomhair 2014.

Thar cheann an Bhoird,




Michelle Norris
Cathaoirleach an Bhoird

2 Aibreán 2015



Barry O'Leary
Príomhfheidhmeannach

2 Aibreán 2015



Ráiteas Rialachais Chorparáidigh

Tá na Stiúrthóirí tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a choinneáil ar bun agus tacaíonn siad le Cód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe 2012 (ar fáil ag www.frc.org.uk), ar tugadh an Comhchód air roimhe seo agus a chomhlíonann an GAT go deonach. Eisíodh an *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*, arna fhoilsiú ag an Roinn Airgeadais, i mí Mheitheamh 2009 agus comhlíonann an Ghníomhaireacht an cód sin.

Tugann na Stiúrthóirí ar aird gur eisíodh leagan uasdátaithe den Chód uasdátaithe um Rialachas Corparáideach na Ríochta Aontaithe in 2014, agus go bhfuil éifeacht leis le haghaidh tréimhsí cuntasáíochta a thosaíonn i nó i ndiaidh Dheireadh Fómhair 2014. Tuigeann na Stiúrthóirí go bhfuil feidhm fós leis an gcoincheap ‘comhlíon nó mínigh’ sa Chód uasdátaithe. Rinne an Bord athbhreithniú ar a cuid oibleagáidí le déanaí faoin reachtaíocht nua lena n-áireofar ceanglais bhreise ar an mBord agus ar Choistí Iniúchóireachta maidir le comhsheasmhacht agus oiriúnacht cúrsaí a nochtadh, chomh maith le halt ar leith don Choiste Iniúchóireachta sa tuarascáil bhliantúil. Faoi mar a cheanglaítear air an GAT le Cód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe 2012, ar ghlac an GAT uirthi féin go deonach, tá ‘Ráiteas Rialachais Chorparáidigh’ ullmhaithe ag na Stiúrthóirí agus leagtar an Ráiteas seo amach sa chuid seo agus, chun críocha Rialacháin Ionstraim Reachtuil 450/2009 ón gComhphobal Eorpach (Treoir 2006/46) 2009, déanann an Ráiteas seo cuid de Thuairisc na Stiúrthóirí. Tá Cód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe 2012 comhlíonta ag an GAT ach amháin maidir le cúrsaí a phléitear sa Ráiteas faoi Chomhlíonadh Rialachais Chorparáidigh.

Cur i bhFeidhm Prionsabal agus Forálacha Chód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe

Míníonn an t-eolas seo a leanas an chaoi a gcuireann an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt, prionsabail agus forálacha *Chód Rialachais Chorparáidigh na Ríochta Aontaithe 2012* arna eisiúint ag An Chomhairle Tuairisceoireachta Airgeadais (FRC), *Iarscríbhinn Rialachais Chorparáidigh na hÉireann* arna eisiúint ag Stocmhalartán na hÉireann agus an *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*, arna fhoilsiú ag an Roinn Airgeadais.

Bord na Stiúrthóirí

Déanann an Bord na mórchinntí straitéiseacha, agus coinníonn sé aige féin an rialú lánéifeachtach ach san am céanna tugann sé don bhainistíocht feidhmiúcháin dóthain solúbthachta chun an gnó a reachtáil go héifeachtúil éifeachtach laistigh de fhrámaíocht lárnaithe tuairisceoireachta. Tá sceideal foirmiúil ábhair a bhaineann leis an GAT agus a treo sa todhchaí coinnithe aige féin ag an mBord le cinntí a dhéanamh ina leith, amhail gnóhachtálacha agus diúscairtí ollmhóra, ceapachán agus aistriú Rúnaí na Cuideachta, buiséid caiteachais agus beartais bhainistíú riosca. Tugann gach Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin breithiúnas neamhspleách leis nó léi i leith na ngnóthaí a bpléann an Bord leo, lena n-áirítear na cinn sin a bhaineann le straitéis, feidhmíocht, acmhainní agus caighdeáin iompraíochta. Is féidir le gach comhalta den Bhord teacht ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta, a bhíonn freagrach as a chinntiú go leantar nósanna imeachta an Bhoird agus go gcomhlíontar na rialacha agus na rialacháin is infheidhme. Bíonn comhairleoirí gairmiúla na GAT ar fáil le haghaidh comhairliúcháin leis na Stiúrthóirí de réir mar is gá. Féadfaidh Stiúrthóirí Aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a ghlacadh, más gá, ar chostas na Gníomhaireachta.

Ar 31 Nollaig 2014, bhí Bord na Stiúrthóirí comhdhéanta d’aon Stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin déag agus aon Stiúrthóir Feidhmiúcháin amháin. Ceapann an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil na Stiúrthóirí i gcomhchomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar feadh tréimhse nach mó ná cúig bliana, ach amháin sa chás gur cuí leis an Aire Stiúrthóir a athcheapadh ar feadh an darna téarma. Bíonn ról an Chathaoirligh agus ról an Phríomhfheidhmeannaigh scartha ó chéile. Fostaítear an Príomhfheidhmeannach ar bhonn lánaimseartha agus ní bhíonn aon ghnóthaí suntasacha eile ar a chúram. Bíonn gach Stiúrthóir eile, ach amháin an Príomhfheidhmeannach, ina Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin neamhspleácha. Tháinig an Bord le chéile seacht n-uaire in 2014 agus bíonn sé freagrach as an GAT a bhainistiú i gceart.

Freastal ar chruinnithe le linn an bliain ag críoch 31 Nollaig 2014; agus tréimhse seirbhíse ag 31 Nollaig 2014:

Comhaltaí	Cruinnithe a reáchtáladh in 2014	Tinreamh Stiúrthóirí	Fad Seirbhíse ar an mBord
Michelle Norris (Cathaoirleach neamh-fheidhmiúcháin)	7	6	2.83 bliain
Barry O'Leary (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)	7	7	1.33 bliain
Colm Brophy (Stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin)	7	5	2.75 bliain
Padraic Cafferty (Stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin)	7	5	2.75 bliain
John Hogan (Stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin)	7	7	2.83 bliain
Gerry Leahy (Stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin)	7	4	2.67 bliain
Jackie Maguire (Stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin)	7	6	12.75 bliain*
James Miley (Stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin)	7	4	2.67 bliain
Michelle Murphy (Stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin)	7	6	2.67 bliain
Michael Murray (Stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin)	7	7	2.75 bliain
Philip Nugent (Stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin)	7	6	6.67 bliain
Mary Lee Rhodes (Stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin)	7	5	2.75 bliain

* Féach ar an Ráiteas um Chomhlíonadh Rialachais Chorpáridigh ar leathanach 34.

Tá Bord na GAT comhdhéanta de dhaoine aonair a thugann raon leathan agus fairsinge taithí do ghníomhaíochtaí na GAT, agus iad roghnaithe as measc daoine i réimsí amhail beartas tithíochta, an earnáil tithíochta dheonach, na Ranna Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Airgeadais, agus luacháil tithíochta agus ba cheart go gcumasóidís don ghníomhaireacht aghaidh a thabhairt ar dhúshlán ollmhóra amach anseo.

Luach saothair na Stiúrthóirí

Cinneann an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil leibhéal luach saothair na Stiúrthóirí. Ní bhíonn luach saothair na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin nasctha le feidhmíocht. Tugann an tábla ar an gcéad leathanach eile mionsonraí na dtáillí go léir a íocadh le Stiúrthóirí i rith na bliana.

Comhaltaí	Táillí 2014 €	Táillí 2013 €
Michelle Norris	–*	–*
Colm Brophy	7,695	7,695
Padraic Cafferty	7,695	7,695
John Hogan	–	–
Gerry Leahy	7,695	7,695
Jackie Maguire	–	–
James Miley	7,695	7,695
Michelle Murphy	7,695	7,695
Michael Murray	7,695	7,695
Philip Nugent	–	–
Mary Lee Rhodes	–	–
Iomlán	46,170	46,170

* Fabhraíodh €2,591 i rith 2014 (2013: €5,182) le híoc do Ollscoil na hÉireann Baile Átha Cliath mar chúiteamh in uaireanta oibre a chaill Mícheall Norris mar gheall ar am a chaith sí i mbun a cuid dualgas mar Chathaoirleach ar an GAT.

Ráiteas Rialachais Chorporáidigh (ar lean)

Tá mionsonraí ar luach saothair an Stiúrthóra Fheidhmiúcháin/ an Phríomhfheidhmeannaigh i nóta 7 de na Ráitis Airgeadais. Cúitíodh costais iomlána €9,137 (2013: €3,101) do Stiúrthóirí i rith 2014, ar chostais taistil agus chothabhála.

Éagsúlacht

Creideann an Bord go bhfuil an éagsúlacht tábhachtach don éifeachtacht agus tá siad tar éis a bheith ag leanúint na díospóireachta ó thaobh inscne, aoise, cultúir, cúlra oideachais agus taithí gairmiúil. Cé nach gcreideann an Bord go bhfuil cuótaí sonracha maidir le critéir cosúil le hinscne cuí agus go gcreideann an Bord gur chóir go dtabharfaí deiseanna ar bhonn fiúntais, creideann an Bord go bhfuil meascán ilghnéitheach de chúlra ó thaobh scileanna, taithí agus eolais tábhachtach, agus tá inscne ina chuid shuntasach den mheascán sin.

Faoi mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2014, bhí ceathrar ban ar an mBord, as measc dhá chomhalta dhéag. Ag breathnú amach ón mBord féin, aithníonn an GAT tábhacht na héagsúlachta lena n-áirítear éagsúlacht ó thaobh inscne agus na sochair a d'fhéadfadh seo a thabhairt don eagraíocht.

Bíonn an Príomhoifigeach Feisfhmiúcháin agus na fostaithe faoi réir Cóid Iompraíochta agus caithfidh siad gach ceanglas reachtúil a chomhlíonadh, mar atá, an tAcht um Stádas Comhionann (2000), an tAcht um Chomhionannas (2004), an tAcht um Míchumas (2005) Cuid 5 agus an tAcht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) (2008), lena chinntiú go mbeidh an timpeallacht oibre saor ó idirdhealú bunaithe ar bhallraíocht de phobal an Lucht Siúil, ar chine nó ar bhunús eitneach, ar reiligiún nó chreideamh, ar aois, mhíchumas, chlaonadh gnéis nó inscne i ndáil le fostaíocht agus oiliúint cheirde nó gairmoiliúint.

Coistí an Bhoird

Tá struchtúr éifeachtach de choistí curtha ar bun ag an mBord chun cabhrú leis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Féach ar na téarmaí tagartha do gach coiste boird atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta, www.hfa.ie.

Coiste Iniúcháireachta

Féach ar Thuairisc an Choiste Iniúcháireachta ar leathanaigh idir 39 agus 45.

Coiste um Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Bhoird

Tháinig an Coiste um Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Bhoird le chéile uair amháin i rith na bliana. Bunaíodh an Coiste in 2008, le meastóireacht fhoirmiúil a dhéanamh ar fheidhmíocht an Bhoird agus ar fheidhmíocht a Choistí agus a Stiúrthóirí

indibhidiúla. Tuairiscíonn an Coiste seo don Bhord agus don Chathaoirleach go bliantúil maidir lena chinntí. Malartaítear ról Chathaoirleach an Choiste um Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Bhoird ar bhonn róta idir comhaltaí an Choiste.

Déanann an Coiste athbhreithniú ar fheidhmíocht an Bhoird agus ar fheidhmíocht a Choistí agus déanann breithmheas freisin ar gach comhalta de Bhord na Stiúrthóirí chun a chinntiú go bhfuil a ról agus a gcuspóirí á gcomhlíonadh go leordhóthanach acu. Tugann sé faoi athbhreithniú bliantúil ar neamhspleáchas gach Stiúrthóra freisin, lena n-áirítear na coinbhleachtaí leasa atá acu i ndáiríre, a d'fhéadfadh a bheith acu nó a fheictear a bheith acu agus na ceangail atá orthu ó thaobh ama de. Féach ar an Ráiteas faoi Chomhlíonadh Rialachais Chorporáidigh ar leathanach 34 le haghaidh tuilleadh faisnéise.

Cruinnithe a socraíodh don Choiste um Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Bhoird don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014:

Comhaltaí	Cruinnithe a Reachtáladh in 2014	Freastal Stiúrthóirí
Padraic Cafferty	1	1
John Hogan	1	1
Michelle Murphy	1	-
James Miley	1	1

Coiste Airgeadais

Tá na Stiúrthóirí seo a leanas ina gcomhaltaí den Choiste Airgeadais: Michelle Norris (Cathaoirleach), Barry O'Leary (Príomhfheidhmeannach), John Hogan, Michael Murray, Philip Nugent agus Mary Lee Rhodes.

Cumhachtaítear an Coiste Airgeadais thar cheann na GAT le hairgead a fháil ar iasacht agus a chruinniú agus chun aon áiseanna ceadaithe a chur i ngníomh, a úsáid agus a fheidhmiú. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí tagartha foirmiúla atá ceadaithe ag na Stiúrthóirí. Níor tháinig aon chúinsí chun cinn i rith 2014 a d'fhág gur ghá cruinniú den Choiste Airgeadais a thionól.

Coiste um Luach Saothair

Is comhaltaí den Choiste um Luach Saothair na Stiúrthóirí seo a leanas: Michelle Norris (Cathaoirleach), Jackie Maguire agus Philip Nugent.

Fágann Téarmaí Tagartha an Choiste um Luach Saothair go bhfuil sé i dteideal moltaí a dhéanamh maidir le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh lena mbreithniú ag an mBord, faoi réir cheadú a fháil ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais

Áitiúil. Leagtar amach díolaíochtaí i nóta 7 de na Ráitis Airgeadais de réir cheanglais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2013. Níor eascair aon chúinsí i rith 2014 a d'fhág gur ghá cruinniú den Choiste um Luach Saothair a thionól. Féach ar an Ráiteas faoi Chomhlíonadh Rialachais Chorporáidigh le haghaidh tuilleadh faisnéise.

An Coiste Creidmheasa

Tá Coiste Creidmheasa na GAT comhdhéanta de chomhaltaí Boird agus an Bhainistíocht. Bunaíodh an Coiste sa bhliain 2009 chun rioscaí creidmheasa a choimeád faoi chuimsiú bheartas an Bhoird, le hathbhreithniú ar a dhéanamh ar acmhainneacht chreidmheasa chomhlachtaí tithíochta ceadaithe (CTCanna) agus le teorainneacha maidir rioscaí creidmheasa a cheadú agus a chinntiú go mbíonn an cháipéisíocht ábhartha go léir in ord sula dtéitear ar aghaidh chun airgead dá leithéid a thabhairt ar airleacan do CTCanna. Feidhmíonn an coiste faoi théarmaí tagartha foirmiúla atá ceadaithe ag na Stiúrthóirí.

Cruinnithe a socraíodh don Choiste Creidmheasa don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014:

Comhaltaí	Cruinnithe a Reáchtáladh in 2014	Tinreamh na Baill
Michelle Norris	9	7
Barry O'Leary	9	8
Colm Brophy	9	5
Padraic Cafferty*	6	4
Tom Conroy	9	9
Seán Cremen	9	9
Michael Murray	9	7
Mary Lee Rhodes*	3	2

*D'éirigh Mary Lee Rhodes as an Choiste ar 30 Aibreán ar cheapachán Padraic Cafferty

Ionduchtú agus Forbairt Ghairmiúil

Tá próiseas ionduchtaithe ann do Stiúrthóirí nua. Athraíonn a mbíonn i gceist leis ó thaobh Stiúrthóirí Feidhmiúcháin agus Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin. Maidir leis an dara grúpa, tá an t-ionduchtú deartha le Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin a chur ar an eolas faoin GAT agus a cuid oibriúcháin, agus cuimsíonn soláthar ábhair faisnéise ábhartha, lena n-áirítear mionsonraí de phleananna oibriochtúla agus straitéiseacha na Cuideachta, mar aon le clár cruinnithe leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus le lucht Bainistíocht.

Caidreamh le páirtithe leasmhara

Coinníonn na Stiúrthóirí agus an Bhainistíocht dialóg leanúnach ar bun le páirtithe leasmhara na GAT maidir le ceisteanna straitéiseacha. Teastaíonn ceadú ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus/nó ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i leith gnóthaí sainithe áirithe agus coinnítear cumarsáid leanúnach ar bun leis na hAiri, trína Ranna, maidir leis na cúrsaí seo.

Freagracht agus Iniúchóireacht

Cuntais agus Freagrachtaí Stiúrthóirí

Dar leis na Stiúrthóirí, tá an Tuarascáil Airgeadais Bhliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 ag teacht le Prionsabail Chód na Ríochta Aontaithe 2012 a éilíonn cur i láthair 'measúnú sothuigte cothrom ar riocht agus ar ionchais na Cuideachta'. Tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar Thuarascáil Bhliantúil 2014 agus creideann siad go gcuireann sé measúnú cothrom intuigte i láthair ar riocht agus ionchais na Gníomhaireachta.

Ráiteas faoi Chomhlíonadh Rialachais Chorporáidigh

Is cúis áthais do na Stiúrthóirí a thuairisciú gur shocraigh an GAT *Cód Rialachais Chorporáidigh na Ríochta Aontaithe 2012* (eisiúint ag an gComhairle Tuairisceoireachta Airgeadais), *Iarscríbhinn Rialachais Chorporáidigh na hÉireann*, arna eisiúint ag Stocmhalartán na hÉireann agus an *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*, arna fhoilsiú ag an Roinn Airgeadais, a chomhlíonadh go deonach i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2014, ach amháin i gcás na nithe seo a leanas:

Méid agus struchtúr an Bhoird Reatha

Ceapann an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin ar feadh tréimhse nach mó ná cúig bliana. Féadfaidh an tAire, tar éis comhairliúcháin leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh, agus dá thoradh, níl forálacha B.2.1 an Chóid infheidhme maidir leis an GAT. Tugann an próiseas ceapacháin seo aghaidh freisin ar riachtanas na GAT déanamh amach cén chaoi a mbreathnaítear ar Stiúrthóir mar dhuine neamhspleách nó mar dhuine nach bhfuil neamhspleách. Níl aon athruithe beartaithe ar mhéid ná ar struchtúr an Bhoird agus níltear ag súil le haon athruithe dá leithéid. Tá an Rialtas tar éis socrúithe nua a thabhairt isteach chun ceapacháin a dhéanamh ar bhoird agus ar chomhlachtaí Stáit. Agus Bord reatha na GAT á cheapadh, d'iarr an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar dhaoine a raibh suim acu ann, iarratas a chur isteach ar a láithreán gréasáin d'fholúntais ar bhoird chomhlachtaí faoina coimirce. Ní gá d'Airi a bheith teoranta dóibh siúd a léiríonn spéis, ach cinnteoidh siad go mbeidh na cáilíochtaí cuí ag gach duine a cheapfar.

Ráiteas Rialachais Chorporáidigh (ar lean)

Shocraigh an Rialtas freisin go gceanglaítear orthu siúd atá á moladh lena gceapadh mar chathaoirleach ar bhoird Stáit, a bheith ar fáil don choiste Oireachtais cuí leis an gcur chuige a nglacfaidh siad mar chathaoirleach agus a ndearcadh ar a ndéanfaidh an comhlacht nó an bord atá i gceist, a phlé. Tar éis an phlé sin, glacfaidh an tAire nó an Rialtas, de réir mar is cuí, cinneadh leis an nduine ceaptha a dheimhniú mar chathaoirleach. Chuaigh Michelle Norris i láthair an Chomh-choiste Oireachtais um Chomhshaoil, Iompar, Chultúr agus an Ghaeltacht in 2012 chun na críche sin.

Stiúrthóir Neamhspleách Sinsearach neamhfheidhmiúcháin

Breithníodh an cheist ar chóir comhalta sinsearach aitheanta den Bhord, seachas an Cathaoirleach, a ainmniú le go bhféadfaí buairimh a chur faoina b(h)ráid, agus i bhfianaise an bealach a cheaptar Stiúrthóirí, an struchtúr scairsheilbhe agus nósanna imeachta reatha an Bhoird, de réir fhoráil A.4.1 den Chód. Thángthas ar an gconclúid nach bhfuil a leithéid oiriúnach agus cúrsaí mar atá, le Comhalta Bhoird Neamhfheidhmiúcháin a ainmniú mar Stiúrthóir Neamhspleách Sinsearach neamhfheidhmiúcháin.

Neamhspleáchas Stiúrtóra Neamhfheidhmiúcháin

Athcheapadh Jackie Maguire ar an mBord in 2012, agus í ceaptha in 2002 i dtosach. Is faide ná naoi mbliana fad a seirbhíse ar an mBord agus foráiltear faoi fhoráil B.1.1, agus faoi Chód Rialachais Chorporáidigh na Ríochta Aontaithe go mbíonn míniú le tabhairt do pháirtithe leasmhara maidir lena neamhspleáchas leanúnach. Measann an Bord nach bhfuil ceist ar bith ann faoi ionracas agus neamhspleáchas Jackie Maguire, Uas. Tá sí neamhspleách ar an GAT ó thaobh cúrsaí airgeadais agus tá tiomantais tráchtála eile nach beag aici. Tá taithí cuimsitheach aici ar an tionscal uathúil ina bhfeidhmíonn an GAT. Bhí a cuid taithí agus peirspictíochta fadtéarmaí fíorluachmhar don Bhord. Is é dearcadh an Bhoird nach dtagann tréimhse is faide ná naoi mbliana a bheith caite aici ar an mBord salach ar a cuid neamhspleáchais.

Nósanna imeachta le haghaidh toghcháin agus atoghcháin

Ceapann an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus bíonn siad sa phost ar feadh cibé tréimhse a shainíonn an tAire agus an ceapachán á dhéanamh ach ní ar feadh tréimhse is faide ná cúig bliana, ach amháin sa chás gur cuí leis an Aire Stiúrthóir a athcheapadh don dara téarma, agus dá thoradh sin, níl feidhm ag forálacha B.2.1, den Chód le ceapachán Stiúrthóirí na GAT. Níl aon bheartas ann leis an mBord a athnuachan.

Luach saothair na Stiúrthóirí

Níl aon bheartas um luach saothair ann atá forbraithe go himmheánach, toisc go gcinneann an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil leibhéal luach saothair na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin. Socraítear luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh de réir na dtreoirilínte reatha le aghaidh pá sa tSeirbhís Phoiblí. Ní bhíonn luach saothair Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin nasctha le feidhmíocht agus nochtáitear thuas é do gach Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar leith mar tháillí i Nóta 7 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais. Déanann an Coiste um Luach Saothair moltaí i ndáil le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh go mbreithneoidh an Bord iad, ach níor tionóladh an Coiste um Luach Saothair sa bhliain reatha.

Athbhreithniú Seachtrach ar an meastóireacht ar Fheidhmíocht an Bhoird

Éilítear le Foráil B.6.2 de Chód Rialachais Chorporáidigh na Ríochta Aontaithe gur chóir d'éascaitheoir seachtrach meastóireacht a dhéanamh ar Bhord chuideachtaí FTSE 350 gach trí bliana ar a laghad. Ní mheasann an Ghníomhaireacht go mbaineann an fhoráil seo den Chód lena struchtúr reatha.

Iníúchóireacht inmheánach

Mar gheall ar mhéid na GAT agus ar a bhfuil i gceist léi, níl feidhm na hIníúchóireachta Inmheánaí saor ó fhreagracht oibriúcháin. Tá na Stiúrthóirí sásta áfach go dtugtar leibhéal leordhóthaineach neamhspleáchais d'feidhm na hiníúchóireachta inmheánaí chun ligean di a cuid dualgas a chomhlíonadh ar bhealach oibiachtúil atá sách neamhspleách.

Nochtadh maidir leis an scéim shochar sainithe do Stiúrthóirí


Chomhlíon na Stiúrthóirí na treoirilínte maidir le nochtadh a leagtar amach sa Chód Cleachtais do Chomhlachtaí Stáit, in ionad déanamh de réir Chód Rialachais Chorporáidigh na Ríochta Aontaithe ina leith seo, mar go meastar gur oiriúnaí sin do chás na Gníomhaireachta.

Thar cheann an Bhoird,



Michelle Norris
Cathaoirleach an Bhoird

2 Aibreán 2015



Barry O'Leary
Príomhfheidhmeannach

2 Aibreán 2015

Tuairisc an Choiste Iniúcháireachta

Is é cuspóir an Choiste Iniúcháireachta, de réir a théarmaí tagartha, cabhrú leis an mBord lena mhaoirseacht ghinearálta ar thuairisceoireacht airgeadais, rialuithe inmheánacha agus ar fheidhmeanna iniúcháireachta na GAT. Comhlíontar freagrachtaí an Choiste Iniúcháireachta trína chruinnithe agus trí thuairiscí a fháil ón mBainistíocht, ón gCoiste Bainistíochta Rioscaí (ina bhfuil an Príomhfheidhmeannach, Ceann an Chisteáin agus Rúnaí na Cuideachta/an Rialtóir Airgeadais), comhairleoirí seachtracha agus na hiniúcháirí seachtracha agus inmheánacha. Tugadh na téarmaí tagartha don choiste iniúcháireachta cothrom le dáta i mí Feabhra 2014 sa chaoi go gcuirfí san áireamh an t-athbhreithniú a rinneadh ar Chód Rialachais Chorporáidigh na Ríochta Aontaithe 2012. Tá clár oibre ag an gCoiste Iniúcháireachta, de réir a Théarmaí Tagartha, don bhliain lena n-áirítear:

- monatóireacht ar an bpróiseas tuairisceoireachta airgeadais, ionracas na ráiteas airgeadais agus aon fhógraí foirmiúla a bhaineann le feidhmíocht na GAT ó thaobh cúrsaí airgeadais.
- athbhreithniú a dhéanamh ar bhreitheanna suntasacha maidir leis an tuairisceoireacht airgeadais
- athbhreithniú a dhéanamh ar aon athruithe a bheartaítear a dhéanamh ar chleachtais rialachais chorporáidigh agus tacaíocht a thabhairt go nglacfaidh an Bord na hathruithe;
- monatóireacht a dhéanamh ar iniúcháireacht reachtúil na gcuntas airgeadais;
- athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht, oibiachtúlacht, cháilíochtaí agus neamhspleáchas an Iniúcháir Seachtraigh
- moltaí a dhéanamh don Bhord i ndáil le ceapachán an Iniúcháir Seachtraigh agus luach saothair is téarmaí fostaíochta na nIniúcháirí a cheadú.
- déileáil le saincheisteanna suntasacha maidir le rialú a tharraingítear anuas de bharr Iniúcháireachta inmheánaigh nó seachtraí
- monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht shocrúithe na GAT maidir le rioscaí a bhainistiú agus cúrsaí a rialú go himmheánach; agus,
- athbhreithniú a dhéanamh ar chostas cistí agus ar na rátaí úis a ghearrtar dá réir.

Ar aon dul le Foráil C.3.4 de Chód Rialachais Chorporáidigh na Ríochta Aontaithe 2012, tá sainchúram an Choiste leathnaithe ag an mBord sa chaoi go gcaithfidh an Coiste comhairle a thabhairt don Bhord go foirmiúil maidir le cibé acu an bhfuil an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais, agus iad á nglacadh le chéile mar aonad iomlán, cothrom, comhardaithe

agus intuigthe agus go soláthraíonn siad an fhaisnéis atá riachtanach go ndéanfaidh scairshealbhóirí measúnacht ar fheidhmíocht na GAT, mar aon lena múnla agus a straitéis gnó.

Déanann an Coiste Bainistíochta Rioscaí maoirseacht ar rioscaí, agus tá an Príomhfheidhmeannach, an Ceannasaí Cistíochta agus an Rúnaí Cuideachta/Rialtóir Airgeadais ar an gCoiste sin. Tugann an Coiste seo tuairisc don Choiste Iniúcháireachta agus don Bhord ar bhonn rialta. Rinne an Bord athbhreithniú bliantúil ar an gCreat-Bheartas Bainistíochta Rioscaí ag a chruinniú ar 2 Aibreáin 2015.

Cruinnithe a socraíodh don Choiste Iniúcháireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014:

Comhaltaí	Cruinnithe a Reáchtáladh in 2014	Tinreamh na Stiúrthóirí
Colm Brophy	4	2
Padraic Cafferty	4	3
Gerry Leahy	4	3
Jackie Maguire	4	4
James Miley	4	2
Michelle Murphy	3*	3
Michael Murray	1*	1

* *Déirigh Michael Murray as an gCoiste ar 30 Aibreán ag ceapachán Michelle Murphy.*

Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach, an Ceannasaí Cistíochta agus ionadaithe na nIniúcháirí Seachtracha ar na cruinnithe ach cuireadh a fháil.

Monatóireacht ar Ionracas na Ráiteas Airgeadais lena n-áirítear Breitheanna Suntasacha

Tuairisceoireacht Airgeadais

Faigheann agus measann an Coiste Iniúcháireachta tuairiscí rialta maidir le feidhmíocht airgeadais ón mBainisteoireacht i rith na bliana, agus treoraíonn an Coiste obair an iniúcháir inmheánaigh agus faigheann tuairiscí maidir leis an obair sin. Pléann an Coiste straitéis agus fócas iniúcháireachta an Iniúcháir Seachtraigh freisin. Agus faisnéis ó na gníomhaíochtaí seo á gcur san áireamh chomh maith le dearcaí ó chruinnithe Bhord na Stiúrthóirí, chinn an Coiste Iniúcháireachta príomhríosaí na tuairisceoireachta airgeadais a bhaineann le hinfhaighteacht maoinúcháin, le gnóthas leantach agus le socruithe d'fhiacha amhrasacha a thagann chun cinn ar iasachtaí i ndiaidh 1986, i gcomhthéacs choinníollacha reatha an mhargaidh.

Tuairisc an Choiste Iniúcháireachta (ar lean)

Pléadh na saincheistanna seo leis an mBainisteoireacht i rith na bliana; leis an Iniúchóir tráth a d'athbhreithnigh agus a chomhaontaigh an Coiste plan iniúcháireachta an Iniúcháir Seachtraigh; agus freisin tráth a raibh críoch á chur leis an iniúcháireacht sheachtrach ar na Ráitis Airgeadais.

Thug an Bhainisteoireacht le fios don Choiste Iniúcháireachta go raibh Ráitis Airgeadais iniúchta na GAT ullmhaithe de réir na bprionsabal cuntasáíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn (GAAP na hÉireann). San áireamh leis an athbhreithniú seo, bhí plé leis an mBainisteoireacht faoi cháiliocht, ní amháin inghlacthacht phrionsabail chuntasáíochta na GAT, réasúntacht na meastachán agus na mbreitheanna suntasach, ach a shoiléire a nochtadh cúrsaí i Ráitis Airgeadais na GAT, lena n-áirítear an méid a nochtadh a bhain le meastacháin chriticiúla ó thaobh cúrsaí cuntasáíochta.

Infhaighteacht maoiniúcháin agus gnóthas leantach

Is ar bhonn an ghnóthais leantaigh a rinneadh na Ráitis Airgeadais seo a ullmhú. Sa cheathrú ráithe de 2014, méadaíodh teorainn chlár na NR ag an GAT ó €4.5 go dtí €5.0 billiún. Comhaontaíodh síneadh go deich mbliana a chur le huasaibíocht aon nóta ó dháta a eisithe agus cuireadh deireadh ar fad leis an tréimhse áise. Cuireann an t-athrú seo ar chumas na GAT éascú le heisiúint lena mbaineann uasaibíocht deich mbliana, agus le síneadh a chur le próifíl aibíochta a cuid maoiniúcháin agus le laghdú suntasach a dhéanamh ar na rioscaí ó thaobh leachtachta.

Faoi théarmaí chlár nua na NR, an 18 Nollaig, rinne an GAT athairgeadú ar €2.9 billiún dá chuid nótaí faoi ráthaíocht ar ráta seasta gearrthéarmach a bhí i seilbh Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN). Cuireadh nótaí faoi ráthaíocht lena bhain ráta comhlúthach níos faide, agus atá faoi ráthaíocht ag GBCN, in ionad na nótaí úd. Baineann aibíochtaí leis na nótaí ar ráta comhlúthach atá tránsithe ar eatraimh sé mhí ó Iúil 2015 go dtí Eanáir 2021. Bíonn na NR faoi ráthaíocht ag Aire Airgeadais na hÉireann.

Tá an Coiste Iniúcháireachta sásta lena nochtadh sna Ráitis Airgeadais seo maidir lena oiriúnaí is atá an toimhde maidir le gnóthas leantach agus maidir le bheith ag teacht ar mhaoiniú.

Míráitis

Dearbhaigh an Bhainisteoireacht don Choiste Iniúcháireachta nach raibh siad ar an eolas faoi aon mhíráitis ábhartha nó mhíráitis neamhábhartha a rinneadh d'aon ghnó go gcuirfí cás ar leith i láthair.

Idirchaidreamh leis an mBainisteoireacht

Mar chuid den phróiseas leis na Ráitis Airgeadais a cheadú, faigheann an Coiste Iniúcháireachta agus déanann sé léirmheas ar pháipéar arna ullmhú ag an mBainisteoireacht lena leagtar amach na rioscaí suntasacha a théann i bhfeidhm ar an GAT, measúnacht mhionsonraithe na Bainisteoireachta ar na rioscaí sin agus ar an mbealach a dhéantar iad a mhaolú. Tugann an Coiste Iniúcháireachta dúshlán na dtuairiscí agus na mbreitheanna a bhíonn sna tuairiscí seo ón mbainisteoireacht sula gcuirtear na Ráitis Airgeadais faoi bhráid an Bhoird lena bhfaomhadh. Féach ar leathanaigh 43 go 44 le haghaidh tuilleadh eolais a bhaineann le freagrachtaí leanúnacha an Choiste Iniúcháireachta i leith rialuithe inmheánacha na GAT.

Moladh go gCeadófaí na Ráitis Airgeadais

De thoradh na léirmheasanna agus na gcomhráit seo leis an mbainisteoireachta agus de thoradh na hiniúcháireachta inmheánaí agus tuairiscí an Iniúcháir Seachtraigh don Choiste Iniúcháireachta, thuairiscigh an Coiste Iniúcháireachta don Bhord go measann siad go bhfuil na Ráitis Airgeadais, agus iad á nglacadh le chéile mar aonad iomlán, cothrom, comhardaithe agus intuigthe agus go soláthraíonn siad an fhaisnéis atá riachtanach go ndéanfaidh páirtithe leasmhara measúnacht ar fheidhmíocht na cuideachta, mar aon lena múnla agus a straitéis gnó. Mhol an Coiste Iniúcháireachta freisin go gcuirfí na Ráitis Airgeadais iniúchta san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2014.

Iniúcháireacht Sheachtrach

Tairiscintí ó Ghnólaigh Iniúcháireachta

Aithníonn an Coiste na forálacha atá i gCód Rialachais Chorporáidigh na Ríochta Aontaithe 2012 i leith tairiscintí don obair iniúcháireachta. De réir Chód Rialachais Chorporáidigh na Ríochta Aontaithe 2012, ceanglaítear ar chuideachtaí FTSE 350 a gconradh don iniúcháireacht sheachtrach a chur amach le haghaidh tairiscintí anois gach 10 mbliana ar a laghad. Tá an Coiste tar éis na forálacha maidir le tairiscintí don obair iniúcháireachta atá leagtha amach sa Chód a mheas. Mar gheall ar mhéid na GAT, níl sé d'oblaigáid uirthi tairiscintí a iarraidh; ach coinneoidh an Coiste súil ar an scéal seo agus déanfaidh athbhreithniú air go bliantúil. Chuir an Ghníomhaireacht próiseas foirmiúil tairisceana i gcrích le haghaidh seirbhísí iniúcháireachta sa bhliain chomh fada le 31 Nollaig 2012. I rith an phróisis seo, mhol an Coiste go gceapfaí KPMG mar Iniúcháirí Seachtracha neamhspleácha ar feadh tionacht trí bliana. Faoi réir KPMG a bheith ag feidhmiú go sánuil ar bhonn leanúnach, faoi láthair, tá faoin gCoiste tairiscintí a

iarraidh don iniúchóireacht sheachtrach i rith na bliana airgeadais dar chríoch 31 Nollaig 2015.

Neamhspleáchas ár n-iniúchóra seachtraigh a chinntiú

Creideann an Coiste Iniúchóireachta go bhfuil neamhspleáchas ár n-Iniúchóra Seachtraigh fíorthábhachtach d'éifeachtacht ár rialachais chorparáidigh agus nár chóir amhras ar bith a bheith ann faoi. Is ábhar iontach dáiríre dar linn é neamhspleáchas an iniúchóra agus déantar athbhreithniú ar an scéal go bliantúil. Tá KPMG tar éis dearbhuithe scríofa a sholáthar don Choiste Iniúchóireachta agus gach dá bhfuil gá á nochtadh acu maidir le cumarsáid an iniúchóra neamhspleáigh leis an gCoiste Iniúchóireachta faoin neamhspleáchas, agus tá neamhspleáchas na gnóilachta sin pléite ag an gCoiste Iniúchóireachta le KPMG agus leis an mBainisteoireacht. Ní raibh aon cheisteanna ann le tabhairt d'aire lucht léite ár dTuarascála Bliantúla.

In 2014, seachas obair iniúchóireachta, bhronn an GAT obair, nach obair iniúchóireachta í, ar a hiniúchóir neamhspleách, le haghaidh seirbhísí rúnaíochta cuideachta. Rinne an Coiste Iniúchóireachta, trína théarmaí tagartha, athbhreithniú ar obair, nach obair iniúchóireachta atá ann, a rinne an t-iniúchóir seachtrach agus dhearbhaigh nach bhfuil aon éifeacht aimhleasach ar neamhspleáchas nó ar oibiachtúlacht na hoibre iniúchóireachta í féin, nó aon éifeacht aimhleasach a fheictear a bheith air sin. Déanann Bord na GAT montóireacht ar sholáthar seirbhísí nach seirbhísí iniúchóireachta iad, a thugann an t-iniúchóir seachtrach agus an Coiste Iniúchóireachta trí athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar speansais riaracháin. Mar gheall nár soláthraíodh ach aon seirbhís amháin i rith 2014 i ndáil le seirbhísí rúnaíochta cuideachta (a bhí beagán os cionn an deichiú cuid den táille iniúchóireachta iomlán), ní fhacthas go raibh sin ag teacht salach ar neamhspleáchas an iniúchóra, toisc go bhfuil na scileanna, an inniúlacht agus an t-ionracas ag KPMG leis an obair seo a dhéanamh agus meastar gur iadsan is oiriúnaí chun tabhairt faoi obair dá leithéid ar leas na GAT.

Táillí le haghaidh seirbhísí iniúchóireachta agus seirbhíse nach é d'iniúchóir neamhspleách na GAT, KPMG, i gcomhair na mblianta airgeadas dar chríoch 31 Nollaig 2014 agus 2013:

Bliain dar chríoch	31 Nollaig 2014	31 Nollaig 2013
	€'000	€'000
Iniúchóireacht ar Ráitis Airgeadais	35	29
Seirbhísí Comhairleacha Cánach	-	4
Seirbhísí Eile	4	-
Luach Saothair iomlán na nIniúchóirí	39	33

Idirchaidreamh le hiniúchóirí seachtracha

Soláthraíonn an Coiste Iniúchóireachta nasc idir an Bord agus an tIniúchóir Seachtrach agus táthar neamhspleách ar bhainistíocht na GAT. Tá KPMG, iniúchóir reachtúil na GAT, freagrach as iniúchóireacht neamhspleách a dhéanamh ar Ráitis Airgeadais na GAT de réir na gCaighdeán Iniúchóireachta sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Tá údarás agus freagracht deiridh ag an gCoiste Iniúchóireachta as gnóilacht iniúchóireachta neamhspleách na GAT a roghnú, a chúiteamh, meastóireacht a dhéanamh uirthi, agus i gcás gur cuí, athghnóilacht a chur ina háit. De réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí 1963 -2013, leanfaidh an t-iniúchóir, KPMG, Cuntasóirí Cairte, ar aghaidh le bheith sa ról seo.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta gach seirbhís dá bhfuil le soláthar ag iniúchóirí seachtracha a cheadú roimh ré. Áirítear leis na seirbhísí sin a cheadaítear roimh ré, seirbhísí iniúchóireachta, seirbhísí a bhaineann le hiniúchóireacht, seirbhísí cánach agus seirbhísí eile.

Tá sé d'údarás ag an gCoiste Iniúchóireachta a chuid comhairleoirí féin ón taobh amuigh a fhostú freisin, lena n-áirítear saineolaithe i réimsí cuntasafóichta áirithe, de réir mar mar is cuí dar leis, seachas abhcóidithe nó comhairleoirí arna bhfostú ag an mBainisteoireacht.

Tuairisc an Choiste Iniúcháireachta (ar lean)

Próiseas iniúcháireachta seachtraí a Mheasúnú

Déanann an Coiste athbhreithniú ar fheidhmíocht an Iniúcháir Seachtraigh go bliantúil ag deireadh an timtriaila iniúcháireachta bliantúla. Leis an Athbhreithniú, déantar aiseolas ón mBainisteoireacht agus, ó fhoireann na GAT a bhfuil lámh acu sa próiseas iniúcháireachta, a chur san áireamh in éineacht le hathbhreithniú ar leibhéal na seirbhíse a sholáthraíonn KPMG don GAT. Bunaithe ar a bhreithniú ar an aiseolas, in éineacht lena mheasúnacht leanúnach féin, mar shampla, trí cháilíocht thuairiscí na n-iniúcháirí seachtracha don Choiste, agus idirghníomhaíocht chomhpháirtí na hiniúcháireachta leis an gCoiste, tá an Coiste Iniúcháireachta sásta go leanann KPMG ar aghaidh le bheith ag soláthar seirbhíse iniúcháireachta éifeachtaí.

Bainistíocht Rioscaí

Faoi mar a forordaíodh leis an *gCód Cleachtais* athbhreithnithe um *Rialachas Comhlachtaí Stáit*, ghlac an Bord agus Coiste Bainistíochta Rioscaí foirmiúil, atá comhdhéanta de lucht na Bainistíochta Sinsearaí, creat beartais bhainistíochta rioscaí atá i bhfeidhm ó 2009 agus a bhfuil maoirsiú á dhéanamh ag an gCoiste Iniúcháireachta air. Bainistíonn an Príomhfheidhmeannach, an Ceannasaí Cistíochta agus Rúnaí na Cuideachta rioscaí na Gníomhaireachta le chéile agus freagracht chomhionann orthu ar fad, in áit Príomhoifigigh Rioscaí, faoi mar a cheadaítear faoin *gCód Cleachtais*. Tugann an Coiste súil ghéar ar an gCreat agus ar an mBeartas Bainistíochta Rioscaí go rialta. Is mír sheasta fós i an mhonatóireacht ar rioscaí ar chlár gach cruinniú Boird. Cuireadh clabhsúr leis an oll-athbhreithniú is déanaí ar ár gCreat agus Beartas Bainistíochta Rioscaí i mí na Nollag 2011 tar éis athbhreithnithe neamhspleáigh ar chreat an bheartais lena chinntiú gur cuimsíodh gach riosca cuí. Cuireadh an Creat agus Beartas Bainistíochta Rioscaí i ngníomh go hiomlán in 2012.

Is gnóthas airgeadais í an GAT, agus mar sin, na bunrioscaí a bhaineann leis an ngnó, baineann siad go bunúsach le cúrsaí airgeadais (.i. rioscaí ó thaobh creidmheasa, leachtachta agus an mhargaidh) agus le cúrsaí cistíochta freisin. Tugtar níos mó sonraí ar na rioscaí sin i Nóta 18. D'fhorbair an GAT próiseas bainistíochta rioscaí lena n-áirítear athbhreithnithe seasmhacha ar a punann iasachtaí agus airleacan, chomh maith le hathbhreithniú leanúnach ar rioscaí a bhaineann le cúrsaí cistíochta, rud a fhágann go mbíonn sí ann ann na rioscaí seo a bhainistiú. Chuaigh Bord na GAT le Beartas Creidmheasa maidir le hiasachtaí do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe (CTCanna) ag a chruinniú i mí Mheitheamh 2013, agus tugadh an Beartas cothrom le dáta le déanaí ag a chruinniú Boird i mí Mheáin Fómhair 2014.

Baineann riosca iarmharach go príomha le hiasachtaí ar rátaí seasta agus treoirnasctha, agus le gluaiseachtaí an ráta bhoilscithe. Déileáiltear leis seo trí bheartas um chúlchistí agus chorrailigh faoi mar a phléitear i Lámhleabhar um Beartais agus Nósanna Imeachta na Gníomhaireachta agus freisin laistigh de Chlár na Rioscaí sa Chreat is Beartas um Bainistíocht Rioscaí. Déanann an GAT athbhreithniú cuimsitheach ar rioscaí go bliantúil, athbhreithniú a cheadaíonn an Bord agus a dhéanann cuid de bheartas na Gníomhaireachta um rátaí úis agus chúlchistí i gcomhair blianta ina dhiaidh. Cuirtear an Bord ar an eolas ar bhonn ráithiúil maidir le dálaí nua agus déantar gníomhartha ceartaitheacha más gá.

Measúnaíonn an Coiste Iniúcháireachta rioscaí ábhartha mar atá:

- rioscaí maidir le maoiniú, leachtacht agus gnóthas leantach;
- riosca creidmheasa a bhaineann le hiasachtaí d'údaráis áitiúla i ndiaidh 1986;
- riosca creidmheasa a bhaineann le hiasachtaí do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe;
- riosca creidmheasa a bhaineann le hiasachtaí d'údaráis áitiúla roimh 1986; agus,
- scéim pinsin le sochair shainithe.

Iasachtaí roimh Bhealtaine 1986

Maidir le hiasachtaí a thugann an GAT d'údaráis áitiúla, tá an GAT faoi dhliteanas i leith aon chailiteanas creidmheasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó mhorgáistí roimh Bhealtaine 1986, a urraítear leis an mbunmhaoin mhorgáiste agus le hárachas um chosaint morgáiste. As suim €12.9 milliún de na hiasachtaí a tugadh roimh mhí na Bealtaine 1986 agus a bhí fós amuigh ag 31 Nollaig 2014 (2013 €19.4 milliún), níl ach €10.6 milliún (2013: €11.5 milliún) díobh sin fós dlite do na húdaráis áitiúla ó na hiasachtaithe bunúsacha agus tá soláthar iomlán ann de €1.96 milliún ann le haghaidh lagú. Tá bearna an €2.3 milliún (2013: €7.9 milliún) tagtha chun cinn toisc nach gceanglaítear ar na húdaráis áitiúla iomlán na suimeanna airgid a fhaigheann siad i ndáil le fuascailtí agus aisiócaíochtaí a chur ar ais chuig an GAT, faoi mar a cheadaítear faoi théarmaí na háise iasachta. Is é tuairim an Bhoird, cosúil le hiasachtaí a tugadh i ndiaidh 1986, nach fiú le háireamh é aon riosca creidmheasa, seachas riosca ceannasach, maidir le hiarmhéid an €2.3 milliún seo (2013: €7.9 milliún).

Tá comhthaobhacht ag údaráis áitiúla i gcoinne fuilleach €10.6 milliún na n-iasachtaí a tugadh roimh 27 Bealtaine 1986, i bhfoirm leasanna morgáiste ar mhaoín. Is nuair nach leor an chomhthaobhacht sin chun an fiachas a urscaoileadh go bhfuil an GAT faoi dhliteanas i leith aon chaillteanais lagaithe a éireoidh, agus sa chás sin amháin. Ceanglaítear ar iasachtaithe aonair Árachas um Chosaint Morgáiste a bheith acu ar a gcuid réadmhaoine. Clúdaíonn an tÁrachas seo an t-iasachtaí i gcás a báis nó míchumais maidir le suim na hiasachta atá amuigh, gan riaráistí san áireamh.

iasachtaí i ndiaidh Bealtaine 1986

Meastar nach fiú le háireamh é riosca na haisíocaíochta maidir le hiasachtaí a thugtar ar airleacan d'údaráis áitiúla ar nó i ndiaidh 27 Bealtaine 1986, seachas riosca ceannasach, os rud é gur le húdaráis áitiúla atá an gaol dlíthiúil, agus ní bhraitheann an riosca ar athruithe ar phraghsanna tithe ná ar athruithe eacnamaíochta eile.

I gcomhthéacs:

- (a) údaráis áitiúla a bheith ina gcomhlachtaí reachtúla faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus achtacháin eile;
- (b) a n-ioncain nó a maoiniú a bheith mar urrús d'íocaíocht dlíthe don GAT de na suimeanna go léir atá dlíthe ó údaráis áitiúla (mar atá leagtha amach sa chomhaontú idir gach údarás áitiúil agus an GAT);
- (c) go gceadaíonn an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil gach iasacht airleactha d'údaráis áitiúla;
- (d) go dtuigeann an Bord go dtacaíonn an Rialtas láir le húdaráis áitiúla agus iad ag freastal ar a n-oibleagáidí don GAT; agus,
- (e) ní dheachaidh aon chaillteanais don GAT de bharr a hiasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla i ndiaidh 1986.

is é tuairim an Bhoird nach fiú le háireamh é aon riosca creidmheasa, seachas riosca ceannasach, maidir le hiasachtaí a thugtar ar airleacan údaráis áitiúla ar nó tar éis 27 Bealtaine 1986, agus nár taifeadadh aon fhorálacha caillteanais iasachta i leith na n-iasachtaí sin.

Mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2014, tar éis ath-idirbheartaíocht a bheith déanta i leith téarmaí iasachtaí áirithe, bhí gach údarás áitiúil suas chun dáta maidir lena gcuid aisíocaíochtaí sceidealaithe sa phunann seo (féach ar nóta 18(a)).

Forálacha maidir le fiacha amhrasacha a eascraíonn as iasachtaí a eisíodh tar éis 1986

Níor bhain aon chaillteanais don GAT ar a cuid iasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla i ndiaidh 1986. Tá an Coiste Iniúchóireachta sásta maidir lena a oiriúnaí is atá sé an toimhde seo a úsáid agus na Ráitis Airgeadais seo á n-ullmhú agus leis an mbealach a nochtadh na cúinsí seo.

iasachtaí do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe

Chuir an GAT tús le hiasachtaí a thabhairt do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe (CTCanna) in 2012, rud ab ionann agus aistriú bunúsach ó oibríochtaí agus ó phróifíl riosca na GAT atá ann cheana. Go dtí seo, bhí neamhchosaint na GAT dírithe ar údaráis áitiúla. Tugann iasachtú d'eintitis eile leibhéal riosca níos mó le fios agus éilíonn sé seo leibhéal éagsúil measúnaithe agus díchill chuif. Chun an riosca seo a mhaolú fostaíodh gnólacht mheasúnaithe airgeadais neamhspleách agus bunaíodh Coiste Creidmheasa chun na hiarratais uile a mheasúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar iasachtaithe ar bhonn leanúnach. Caithfidh CTCanna ar mian leo iasacht a fháil ón GAT measúnú airgeadais ginearálta a sheasamh chun stádas Comhlachta Deimhnithe a fháil. Ní féidir cur isteach ar airleacain iasachtaí go dtí go ndeimhnítear an stádas sin, rud a dhéantar a mheasúnú ar bhealach cosúil leis sin ina dhiaidh.

An cuspóir a bhaineann le hairgeadú do Mhorgáiste le Ligeam Amach ar Cíos a sholáthar do CTCanna is ea an brú gearrthéarmach, ó thaobh airgeadú, a mhaolú, mar a leagtar amach thuas do thionscadail a gheobhaidh Comhaontú Íocaíochta & Infhaighteachta ar deireadh agus a bheidh incháilithe le haghaidh gnáthairgeadú le haghaidh tionscadail. Ní chuirfear an t-airgeadú ar fáil ach amháin do mhaoine a bhfuil seilbh faighte ag an CTC orthu cheana féin agus dá bhfuil an Áis an Airleacain Chaipitil le haghaidh Léasa, má bhaineann sin le hábhar, agus airgeadú Comhaontú Íocaíochta & Infhaighteachta, ceadaithe i bprionsabal. Tá sé i gceist gur iasachtaí gearrthéarmacha a bheidh sna hiasachtaí agus go ndaingneofar iad trí mhuirear tosaigh ar na maoine.

An cuspóir a bhaineann le hairgeadú le haghaidh Tógála Nua a sholáthar do CTCanna is ea an brú gearrthéarmach ó thaobh airgeadú a bhíonn ar CTCanna, agus a bhaineann le tógáil cóiríochta oiriúnaí, a mhaolú, a gheobhaidh Comhaontú Íocaíochta & Infhaighteachta ar deireadh agus a bheidh incháilithe le haghaidh gnáthairgeadú le haghaidh tionscadail. Déanfar gach áis iasachta a thairiscint ar bhonn tionscadail shonraigh, le haghaidh scéimeanna (.i. go dtógfar na maoine ar an láthair a roghnaíodh) dá bhfuil airgeadú Áis an Airleacain Chaipitil le haghaidh Léasa agus Comhaontú Íocaíochta & Infhaighteachta ceadaithe, i bprionsabal, ag an Údarás Áitiúil.

Tuairisc an Choiste Iniúcháireachta (ar lean)

Tá sé i gceist gur iasachtaí gearrthéarmacha a bheidh sna hiasachtaí agus go ndaingneofar iad trí mhuirear tosaigh ar na maoine, lena gcuimseofar aon fhorbairt ar an láthair sin.

Cistíocht

Maidir leis an teacht a bhíonn ag an GAT ar iasachtaí, agus costas na n-iasachtaí sin, téann a rátálacha creidimheasa, faoi mar a mheasúnaíonn gníomhaireachtaí rátála idirnáisiúnta iad, i bhfeidhm ar na cúrsaí sin, i measca rudaí eile. I mí Eanáir 2014, rinne *Moody's Investors Service* uasghrádú ar an rátáil fiachais ghearrthéarmach a bhain le clár páipéir thráchtála €6 billiún na GAT Airgeadais Tithíochta go P-2. Léiríonn an gníomh rátála seo uasghrádú Moody a rinneadh an 17 Eanáir 2014 ar Phoblacht na hÉireann, ráthóir an chlár PE, go Baa3/P-3 le dearcadh dearfach. Cuireadh athstruchtúir ar fhiachas na GAT i gcrích leis an GBCN ag deireadh 2014 agus cuireadh nótaí faoi ráthaíocht lena bhain ráta comhlúthach níos faide, agus atá i seilbh GBCN freisin, in ionad €2,872 milliún nótaí de nótaí gearrthéarmacha.

Athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha

Bíonn an Bord freagrach as córas bainistíochta rioscaí agus rialaithe inmheánaigh a choinneáil ar bun a sholáthraíonn deimhniú réasúnta i dtaobh oibriúcháin éifeachtach éifeachtúil, i dtaobh an rialaithe inmheánaigh airgeadais, agus go bhfuil dlíthe agus rialacháin á gcomhlíonadh. Sa chomhthéacs seo, tugann an Coiste Iniúcháireachta aird ar na nithe a oireann, dar leo, do ghnó na Gníomhaireachta, d'ábharthacht na rioscaí airgeadais a bhíonn de dhlúth agus d'inneach an ghnó, agus do na costais agus na sochair choibhneasta i dtaca le sainrialuithe a chur i ngníomh. Tá beartas leagtha amach ag an GAT ina Lámhleabhar Beartas agus Nósanna Imeachta lena féidir le fostaithe nithe atá ina n údar imní a tharraingt anuas, faoi rún, faoi nithe a d'fhéadfadh a bheith ina mírialtachtaí i dtuairisceoireacht airgeadais nó nithe eile.

Chomhaontaigh an Bord, ag a chruinniú i mí Mheáin Fómhair 2012, go gcoinneofaí tasc an athbhreithnithe mionsonraithe ar rioscaí ina mhír sheasta ar chlár oibre chruinnithe an Choiste Iniúcháireachta amach anseo. Tuairiscíonn an Coiste Iniúcháireachta, agus déanann moltaí don Bhord ina dhiaidh sin, faoina gcuid torthaí, agus tá sé curtha de chúram ar an mBord maoirseacht a dhéanamh ar rioscaí agus moltaí ón gCoiste a bhreithniú.

Ag formhór chruinnithe an Choiste Iniúcháireachta, déantar athbhreithniú ar réimse amháin de rioscaí faoi mar a thuairiscítear go mion in Alt A4 de Chlár Rioscaí na GAT, atá laistigh de Chreat agus Beartas Bainistíochta Riosca na GAT.

Dearadh córas um rialú inmheánach na GAT chun deimhniú réasúnta, ach ní deimhniú absalóideach, a sholáthar in aghaidh an riosca go dtarlódh earráidí ábhartha, calaois nó caillteanais. D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh duine in ann teacht timpeall ar rialuithe inmheánacha, nó iad a sháru. Anuas air sin, mar gheall ar athrú ar chúinsí, d'fhéadfadh go mbeadh athrú ar éifeachtúlacht chórais rialaithe inmheánaigh le himeacht aimsire agus féachann lucht bainistíochta na Gníomhaireachta leis na córais rialaithe inmheánacha a leasú in am trátha de réir mar a thagann athrú ar chúrsaí an ghnó bunaidh.

Déanann an tIniúcháir Inmheánach córais na GAT um rialú inmheánach a shonrú agus a mheas, mar bhonn don tuairisceoireacht ar leordhóthaineacht agus éifeachtacht na gcóras. Comhaontaítear plean faofa leis an gCoiste Iniúcháireachta agus pleanáil, déanann agus measann an tIniúcháir Inmheánach a chuid oibre bunaithe ar an scideal sin. Má aimsítear laigí suntasacha a bheith ar na rialuithe inmheánacha laistigh de shampla ar bith a thástáiltear, sa chás sin, filleann an t-iniúcháir inmheánach ar a bheith ag déanamh tástálacha substaineacha ar na réimsí mar ar aimsíodh na rialuithe a bheith mí-éifeachtach / lochtach. Déanann an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú ar na tuairiscí a dhéanann an t-iniúcháir inmheánach faoi dhó sa bhliain agus bíonn cruinniú príobháideach ag an iniúcháir inmheánach leis an gcoiste uair sa bhliain, gan an bhainisteoireacht a bheith i láthair, áit ar féidir leis an Iniúcháir Inmheánach nó leis an gcoiste, aon saincheisteanna a tharraingt anuas.

Tá struchtúr eagrúcháin bunaithe ag na Stiúrthóirí lena ngabhann freagracht shainmhínithe as an rialú inmheánach le haghaidh gach comhchuid de ghnó na GAT agus déanann an Príomhfheidhmeannach tuairisc ina leith sin go foirmiúil uair sa bhliain, i dteannta leis an bhfreagracht ghaolmhar as athbhreithniú a dhéanamh go tréimhsiúil ar éifeachtacht rialú inmheánach den sórt sin agus déanann an tIniúcháir Inmheánach tástáil air i rith na bliana agus eisítear tuairiscí don Choiste Iniúcháireachta faoi dhó sa bhliain.

Is iad seo a leanas atá comhchodanna buntábhachtacha an chórais um rialú inmheánach:

- struchtúr eagraíochta atá sainmhínithe go soiléir agus lena ndéantar dualgais agus teorainneacha údarais a idirdhealú óna chéile go cuí;
- doiciméadú á dhéanamh ar rialuithe inmheánacha airgeadais i Lámhleabhar um Beartais agus Nósanna Imeachta, a ndéanann an Bord athbhreithniú go leathbhliantúil orthu, agus ceadaíonn an Bord aon athruithe dá ndéantar ina dhiaidh sin orthu;

- (c) teorainneacha agus nósanna imeachta atá sainmhínithe go soiléir le haghaidh caiteachais airgeadais lena n-áirítear cúrsaí soláthair agus caiteachas caipitil;
- (d) buiséid bhliantúla (agus bealaí chun torthaí iarbhrí a chur i gcomparáid le buiséid i rith na bliana) agus pleananna fadtéarmacha don GAT ina sonraítear príomhríoscaí agus deiseanna;
- (e) cuntais bhainistíochta mhíosúla a ullmhaítear agus a gcuirtear i láthair an Bhoird;
- (f) déanann iniúcháir inmheánach athbhreithniú ar chórais agus ar rialuithe buntábhachtacha airgeadais;
- (g) pléann Coiste Iniúcháireachta le haon cheisteanna suntasacha a tharraingítear anuas in Iniúcháireacht inmheánach nó Sheachtrach; agus,
- (h) ullmhú agus eisiúint tuairiscí airgeadais, an Tuarascáil Bhliantúil san áireamh, á mbainistiú ag an Rannóg Airgeadais faoi mhaoirseacht an Choiste Iniúcháireachta. Déantar an próiseas tuairisceoireachta airgeadais a rialú trí úsáid a bhaint as beartaí cuntasóireachta doiciméadaithe. Cé go bhfuil freagracht ar na Stiúrthóirí as na Ráitis Airgeadais a úllmhú, tacaíonn an Bhainistíocht Shinsearach leis na Stiúrthóirí, chomh maith le comhairleoirí gairmiúla, mar shampla achtúire, a bhfuil sé d'fhreagracht orthu agus iad cuntasach as eolas a chur ar fáil de réir na mbeartas aontaithe lena n-áirítear tabhairt chun críche agus réiteach na faisnéise airgeadais i gcórais phróiseála. Cuirtear taca lena cháilíocht trí shocruithe maidir le hidirdhealú idir dualgaisí chun seiceáil neamhspleách ar iomláine na dtuairiscí airgeadais a éascú. Tá an fhaisnéis airgeadais do gach bliain faoi réir a hathbhreithnithe ag an mBainistíocht Shinsearach sula gcuirtear í faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta í. Déanann an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú ar an Tuarascáil Bhliantúil freisin sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird í d'fhonn a fhaomhadh.

Tá athbhreithniú agus plé leis an mBainisteoireacht déanta ag an gCoiste Iniúcháireachta ar a mheasúnacht agus ar a thuairisc ar éifeachtacht chóras um rialú inmheánach na GAT maidir le tuairisceoireacht airgeadais agus teicneolaíocht fhaisnéise mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2014.

Comhráití leis an iniúcháir

Tá tuairisc ón Iniúcháir Seachtrach faighte agus pléite ag an gCoiste Iniúcháireachta maidir le torthaí na hidirghníomhaíochta le haghaidh na hiniúcháireachta seachtraí, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis na rioscaí a tugadh le fios thuas. Thuairiscigh an tIniúcháir Seachtrach don Choiste Iniúcháireachta faoi na míráitis a fuair siad i rith a gcuid oibre agus níl aon suimeanna ábhartha fós ann gan choigeartú.

Éifeachtacht an Choiste

Déanann idir an Bord agus an Coiste féin athbhreithniú ar éifeachtacht an Choiste ar bhonn bliantúil. Tar éis athbhreithnithe dá leithéid, tá an Coiste sásta a thabhairt le fios go meastar go gcomhlíonann sé a chuid dualgas, de réir a théarmaí tagartha, ago héifeachtach éifeachtúil.

Conclúid

Tar éis don Choiste Iniúcháireachta súil a thabhairt ar ar cuireadh i láthair agus ar na tuairiscí ón mBainisteoireacht agus ón Iniúcháireacht Inmheánach, agus dearcaí a chuir an t-Iniúcháir Seachtrach in iúl curtha san áireamh, tá an Coiste Iniúcháireachta sásta go dtugtar aghaidh go cuí ar na breitheanna criticiúla agus ar na meastacháin bhuntábhachtacha sna Ráitis Airgeadais i leith na suimeanna a dtuairiscítear ina dtaobh agus a nochtheadh araon. Tá an Coiste sásta freisin go ndearnadh grinnscrúdú mar is cuí ar, agus gur tugadh a ndúshlán, do na toimhdí suntasacha a úsáideadh chun luach sócmhainní agus dliteanas a dhéanamh amach.



Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Bíonn na Stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais a ullmhú, de réir na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme.

Ceanglaíonn dlí na gcuideachtaí ar na Stiúrthóirí Ráitis Airgeadais a ullmhú i leith gach bliain airgeadais. Faoi dlí sin roghnaigh na Stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais a ullmhú de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar go Coitianta Leis in Éirinn, ina gcuimsítear an dlí is infheidhme agus na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairisceoireachta Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn in éineacht le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013. Faoi dhlí na gcuideachtaí, caithfidh na Stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais a cheadú nuair atá siad sásta go dtugann siad léargas fíor cóthrom ar ghnóthaí na cuideachta agus ar an mbrabús agus ar an gcaillteanas don bhliain sin.

Agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus ansin iad a fheidhmiú ar bhealach comhleanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bheidh réasúnach agus críonna; agus
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás gur mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an GAT ar aghaidh i mbun gnó.

Ceanglaítear ar na Stiúrthóirí faoi dhlí na gcuideachtaí freisin tuairisc ó Stiúrthóirí a chur isteach lena n-áirítear athbhreithniú cothrom ar an ngnó agus cur síos ar na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí. Faoi Dhlí na gCuideachtaí, ceanglaítear ar Stiúrthóirí tuairisc a ullmhú le déileáil, oiread agus is ábhartha le staid ghnóthaí na Cuideachta a thuiscint, le haon athrú i rith na bliana airgeadais ar chineál gnó na cuideachta. Bíonn na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád a nochtáíonn le cruinneas réasúnach ag am ar bith staid airgeadais na GAT agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013. Bíonn siad freagrach freisin as gach beart is féidir leo a dhéanamh le réasún a dhéanamh chun sócmhainní na cuideachta a chosaint agus chun teacht roimh chalaois agus mhírialtachtaí eile agus iad a bhrath.

Bíonn na Stiúrthóirí freagrach freisin as an láithreán gréasáin (www.hfa.ie) a chothabháil agus as sláine an láithreáin. Bíonn na Stiúrthóirí freagrach freisin as Tuairisc Stiúrthóirí a ullmhú a chomhlíonfaidh ceanglais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 to 2013.

Ráiteas na Stiúrthóirí

Dearbhaíonn gach duine de na Stiúrthóirí, a bhfuil a n-ainmneacha agus a bhfeidhmeanna liostaithe ar leathanaigh 10, 11 agus 30, ar feadh eolas agus tuairim gach duine:


- go dtugann Ráitis Airgeadais na GAT, arna ullmhú de réir GAAP na hÉireann, léargas fíor cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais, agus ar staid airgeadais na GAT mar a bhí ag 31 Nollaig 2014 agus ar bhrabús na GAT don bhliain dar chríoch sin; agus,
- go bhfuil an Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais, agus iad á nglacadh le chéile mar aonad iomlán, cothrom, comhardaithe agus intuigthe agus go soláthraíonn siad an fhaisnéis atá riachtanach go ndéanfaidh scairshealbhóirí measúnacht ar fheidhmíocht na GAT, mar aon lena múnla agus a straitéis gnó.

Thar cheann an Bhoird,



Michelle Norris
Cathaoirleach an Bhoird

2 Aibreán 2015



Barry O'Leary
Príomhfheidhmeannach

2 Aibreán 2015

Tuairisc an Iniúcháir Neamhspleáigh

To Chomhaltaí na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta cpt.

Tuairim agus conclúid ag teacht chun cinn ónár n-iniúcháireacht:

1. Tá ár dtuairim faoi na Ráitis Airgeadais gan mhodhnú

Tá iniúcháireacht déanta againn ar Ráitis Airgeadais (“Ráitis Airgeadais”) na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta cpt (an “GAT”) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014 faoi mar atá leagtha amach ar leathanaigh 50 go 86, lena n-áirítear an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, Ráiteas i leith iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta, agus na nótaí gaolmhara. Rinneadh ár n-iniúcháireacht de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (CIIs) (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Is é ár dtuairim:

- go dtugann na Ráitis Airgeadais léargas fíor cothrom, de réir na gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Coitianta Leo in Éirinn, ar an staid ina raibh gnóthaí na GAT ar 31 Nollaig 2014 agus ar a barrachas don bhliain dar chríoch sin; agus
- gur ullmhaíodh na ráitis i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013.

2. Ár measúnacht ar rioscaí maidir le míráiteas ábhartha

Is iad na rioscaí maidir le míráitis ábhartha a dtugtar tuairisc mhionsonraithe fúthu sa chuid seo den tuairisc na rioscaí sin atá measta againn, inár dtuairim ghairmiúil, mar rioscaí a raibh an éifeacht is mó acu ar: an straitéis iniúcháireachta fhoriomlán; leithdháileadh acmhainní inár n-iniúcháireacht; agus ar a bheith ag stiúradh iarrachtaí na foirne a fostaíodh. Dearadh ár nósanna imeachta iniúcháireachta a bhaineann leis na rioscaí seo i gcomhthéacs ár n-iniúcháireachta ar na Ráitis Airgeadais mar aonad iomlán. Ní mhodhnaítear ár dtuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais i leith aon cheann de na rioscaí seo, agus ní chuirimid tuairim in iúl maidir leis na rioscaí aonair seo.

Agus muid ag teacht ar ár dtuairim iniúcháireachta thuas maidir leis na ráitis iniúcháireachta, is iad seo a leanas na rioscaí maidir le míráiteas ábhartha a raibh an éifeacht is mó acu ar ár n-iniúcháireacht:

Riosca Creidmheasa le hiasachtaí a tugadh ar airleacain d’údaráis áitiúla i ndiaidh 1986

Féach ar Leathanach 42 Rialachas – Ráiteas Rialachais Chorpáráidigh agus Leathanach 56 de Nóta 1 – Achoimre ar Bheartais Chuntasaíochta Suntasacha.

An riosca

Tá riosca ann go dtiocfaidh riosca creidmheasa, seachas riosca ceannasach, chun cinn ar iasachtaí a tugadh ar airleacan do na húdaráis áitiúla ar nó i ndiaidh 1986 agus gur chóir socrúithe le haghaidh caillteanas ar iasachtaí a thaifeadadh i leith na n-iasachtaí sin. Is é tuairim an Bhoird nach fiú le háireamh é aon riosca creidmheasa, seachas riosca ceannasach na hÉireann, maidir le hiasachtaí a thugtar ar airleacan d’údaráis áitiúla ar nó i ndiaidh 27 Bealtaine 1986.

Ár bhFreagairt

Lenár nósanna imeachta, áiríodh stádas na n-údaráis áitiúla a bhreithniú chomh maith le tacaíocht a fuarthas ón Rialtas lárnach, grinnscrúdú a dhéanamh ar na máistir-chomhaontuithe i leith iasachtaí, ar stair aisíocaíochta iasachtaí agus ar an stádas íocaíochta an 31 Nollaig 2014. Cruinnithe le Coiste Iniúcháireachta na GAT agus baill na Bainisteoireachta chun a ndearcaí a thuiscint agus a ndúshlán a thabhairt. Tá measúnacht déanta againn freisin ar cibé acu an dtugtar leordhóthain de léiriú sa mhéid a nochtadh sna Ráitis Airgeadais ar mheasúnacht an Bhoird ar chúrsaí maidir le rioscaí creidmheasa i leith iasachtaí a tugadh i ndiaidh 1986.

Rochtain ar Mhaoiniú agus Gnóthas Leantach

Féach ar Leathanach 40 Rialachas– Ráiteas Rialachais Chorpáráidigh agus Leathanach 55 de Nóta 1 – Achoimre ar Bheartais Chuntasaíochta Suntasacha.

An riosca

Iasachtaí a sholáthraítear d’Údaráis Áitiúla agus do chomhlachtaí tithíochta ceadaíthe atá i bhformhór shócmhainní na GAT faoi mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2014. Iasachtaí fadtéarmacha a bhíonn i gceist leo agus baineann meántréimhse aibíochta 24.5 bliain leo (2013: 23.7 bliain). Soláthraíonn an GBCN formhór mhaoiniú na GAT mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2014, agus b’ionann é agus €3.1 billiún i mbliana le meántréimhse aibíochta de 3.4 bliain (2013: €3.7 billiún agus le meántréimhse aibíochta 2.8 mí). Tá riosca ann nach mbeidh teacht ag an GAT ar mhaoiniú leordhóthaineach chun a cuid dliteanas a athairgeadú de réir mar a bhíonn siad dlite, ach is é dearcadh an Bhoird go mbeidh teacht ag an GAT ar mhaoiniú leordhóthaineach le haghaidh tréimhse 12 mí ar a laghad ón tráth a shínítear na Ráitis Airgeadais.

Tuairisc an Iniúcháir Neamhspleáigh (ar lean)

Ár bhFreagairt

Sa réimse seo, san áireamh lenár gcuid nósanna imeachta, áiríodh i measc nithe eile, cruinniú le Coiste Iniúcháireachta na GAT agus Bainisteoireacht an Chisteáin chun riachtanais agus pleananna na GAT ó thaobh maoiniúcháin a thuiscint. Rinne muid grinnscrúdú freisin ar pháipéar boird lenar tugadh eolas mionsonraithe faoi staid na GAT ó thaobh cúrsaí leachtachta agus lenar leagadh amach athstruchtúrú fhiachas na GAT a comhaontaíodh le GBCN. Fuaireamar mionsonraí ón mbainisteoireacht maidir leis an ngníomhaíocht um athairgeadú a rinneadh ó dheireadh na bliana ar aon iarmhéideanna a tháinig in aibíocht roimh dháta na tuarascála seo. Mheasúnaíomar freisin cibé acu a léiríonn an méid a nochtadh, sna Ráitis Airgeadais, na rioscaí atá roimh an GAT ó thaobh maoiniúcháin agus a bheith ag obair mar ghnóthach leantach, go cuí.

3. Mar a chuir muid ábharthacht i bhfeidhm agus forléargas ar scóip ár n-iniúcháireachta

Socráíodh gur €22 milliún an ábharthacht do na Ráitis Airgeadais mar aonad iomlán. Ríomhadh seo agus úsáid á baint as tagarmharc de shócmhainní iomlána, a mheasaimidne a bheith ar cheann de na príomh-thagarmharcanna laistigh de na Ráitis Airgeadais a bhaineann le comhaltaí na GAT agus iad ag measúnú na feidhmíochta ó thaobh cúrsaí airgeadais.

Tuairiscimid do lucht an Choiste Iniúcháireachta gach míráiteas ceartaithe agus neamhcheartaithe a d'aithin muid trínár n-iniúcháireacht, os cionn €500,000; le cois míráiteas iniúcháireachta eile faoi bhun an tairsigh sin a chreidimid gur fiú a thuairisciú ar fhorais cháilíochtúla.

4. Níl aon rud le tuairisciú againn i leith gnóthaí ar a bhfuil ceangal orainn tuairisciú ina dtaobh trí eisceacht

Ceanglaíonn Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (CIIs) (an Ríocht Aontaithe agus Éire) go dtuairisceoid muid má aithníonn muid, bunaithe ar an eolas a fhaighimid le linn ár n-iniúcháireachta, faisnéis sa Tuarascáil Bhliantúil ina bhfuil neamhréir ábhartha leis an eolas sin nó leis na Ráitis Airgeadais, nó míráiteas ábhartha fírice, nó atá míthreorach ar bhealach eile.

Go háirithe, ceanglaítear orainn tuairisciú duit:

- má d'aithin muid aon neamhréireanna idir an t-eolas a fuaireamar i rith ár n-iniúcháireachta agus ráiteas na Stiúrthóirí go measann siad go bhfuil an Tuarascáil Bhliantúil cothrom, comhardaithe agus intuigthe agus go soláthraíonn sí an fhaisnéis atá riachtanach go ndéanfaidh scairshealbhóirí measúnacht ar fheidhmíocht an aonáin, mar aon lena mhúnla agus a straitéis ghnó; nó
- mura nochtar na nithe sin, a chuir muid in iúl don Choiste Iniúcháireachta, i *Rialachas agus Maoirseacht – Ráiteas Rialachais Chorpáráidigh*, mar is cuí.

Ceanglaíonn téarmaí ár bhfostaíochta orainn léirmheas a thabhairt orthu seo a leanas:

- Ráiteas na Stiúrthóirí, atá leagtha amach ar leathanach 30, i ndáil le gnóthas leantach;
- ar an gcuid den Ráiteas Rialachais Chorpáráidigh ar leathanach 34-38 a bhaineann leis an mbealach a chomhlíon an chuideachta na deich bhforáil de Chód Rialachais Chorpáráidigh na Ríochta Aontaithe; agus
- eilimintí áirithe maidir le nithe a nocht Coiste um Luach Saothair Bhord na Stiúrthóirí do scairshealbhóirí sa tuarascáil.

Lena chois sin, ceanglaíonn Achtanna na gCuideachtaí orainn tuairisciú duit, mura ndéantar luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta a shonraítear leis an dlí, a nochtadh dar linne.

5. Leagtar amach thíos ár gconclúidí ar nithe eile ar a gceanglaíonn na hAchtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013 orainn tuairisciú ina leith

Fuaireamar an fhaisnéis ar fad agus gach míniúchán a mheasaimid a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúcháireachta.

Tá Clár Comhardaithe na GAT ag teacht le leabhair na gcuntas agus, dar linn, choinnigh an GAT leabhair chuntas chearta.

Táimid den tuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuairisc na Stiúrthóirí ag teacht leis na Ráitis Airgeadais agus go bhfuil an cur síos a thugtar i Rialachas agus Maoirseacht – Ráiteas Rialachais Chorpáráidigh faoi phríomhghnéithe na gcóras inmheánach rialaithe agus bainistíochta rioscaí i ndáil leis an bpróiseas leis na Ráitis Airgeadais a ullmhú, ag teacht leis na Ráitis Airgeadais.

Is mó má leathchuid de scairchaipiteal glaoite iad glansócmhainní na GAT, faoi mar atá curtha in iúl ar an gClár Comhardaithe agus, dar linn, ar an mbonn sin, nach raibh cás ó thaobh cúrsaí airgeadais ann ag 31 Nollaig 2014 a d'fhágadh faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1983, go gcaithfí cruinniú ginearálta urghnách den GAT a thionól.

Bonn ár dtuairisce, freagrachtaí agus srianta ar úsáid

Faoi mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí mar atá leagtha amach ar leathanach 46, tá na Stiúrthóirí freagrach as na Ráitis Airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor cothrom. Tá de fhreagracht orainne iniúchadh a dhéanamh agus tuairim a chur in iúl faoi na Ráitis Airgeadais de réir an dlí is infheidhme agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn). Ceanglaíonn na Caighdeáin sin orainn na Caighdeáin Eitice d'Iniúchóirí de chuid na Comhairle Tuairisceoireachta Airgeadais a chomhlíonadh.

Is éard a bhaineann le hiniúchóireacht a dhéantar de réir na CII (An Ríocht Aontaithe agus Éire) leordhóthain fianaise a fháil faoi na suimeanna agus an méid a nochtar sna Ráitis Airgeadais chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na Ráitis Airgeadais saor ó mhí-ráiteas ábhartha, cibé calaois nó earráid is cúis leis. Leis seo, áirítear measúnacht: ar cibé acu a n-oireann na beartaí chuntasaíochta do chúinsí na GAT agus ar feidhmíodh iad go comhsheasmhach agus ar nochtadh iad go leordhóthaineach; réasúnacht na meastachán cuntasaíochta suntasach arna ndéanamh ag na stiúrthóirí; agus mar a cuireadh na Ráitis Airgeadais i láthair ar an iomlán.

Lena chois sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ar fad sa Tuarascáil Bhliantúil chun aon neamhréireanna ábhartha leis na Ráitis Airgeadais iniúchta a aithint agus aon fhaisnéis, a aithint i gcás gur cosúil gur faisnéis atá ann atá mícheart go hábhartha agus atá bunaithe ar, nó ar neamhréir go hábhartha, leis an eolas a fuaireamar le linn dúinn an iniúchóireacht a dhéanamh. Má thagaimid ar an eolas faoi aon nithe is cosúil le mí-ráitis ábhartha nó míréireachtaí, déanaimid machnamh ar na himpleachtaí dár dtuairisc.

Cé go ndeantar iniúchóireacht a dhéantar de réir ISAs (an Ríocht Aontaithe agus Éire) le dearbhú réasúnach a sholáthar go n-aithneofar míráitis nó easnaimh ábhartha, ní thugtar ráthaíocht go ndéanfar amhlaidh leis an iniúchóireacht. Ina áit sin, pleanálann an t-Iniúcháir an iniúchóireacht sa chaoi go ndéanfaidh sé nó sí amach fairsinge na tástála a theastaíonn go laghdófar an dóchúlacht, go leibhéal íseal oiriúnach, nach

sáraíonn líon na míráiteas neamhcheartaithe agus neamhbhraite comhbhailithe an ábharthacht do na Ráitis Airgeadais mar aonad iomlán. Ceanglaítear orainn leis an tástail seo obair shuntasach iniúchóireachta a dhéanamh ar raon leathan sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus speansas chomh maith le cuid shuntasach ama ag na baill is mó taithí ar an bhfoireann iniúchóireachta, go háirithe an comhpháirtí atá freagrach as an iniúchóireacht, a dhíríú ar réimsí suibhiachtúla den chuntasaíocht agus tuairisceoireacht, agus ar na réimsí sin amháin.

Tá an tuairisc seo á déanamh do chomhaltaí na GAT amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Rinneadh ár n-obair iniúchóireachta ionas go mbeimis in ann a rá le comhaltaí na GAT na nithe sin is gá dúinn a rá leo i dtuairisc iniúcháir agus ní chun aon chríoch ar bith eile. A mhéid is a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid orainn féin freagracht d'aon duine eile seachas an Ghníomhaireacht agus comhaltaí na Gníomhaireachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuairisc seo nó as na na tuairimí atá déanta againn.



Killian Croke
le haghaidh agus thar ceann
KPMG

Cuntasóirí Cairte, Gnólacht Iniúchóireachta Reachtuil
1 Plás Mháistir an Chuain,
Lárionad Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (IFSC),
Baile Átha Cliath 1,
Éire

2 Aibreán 2015



Cuntas ioncaim agus caiteachais

		31 Nollaig 2014	31 Nollaig 2013
	Nóta	€'000	€'000
Ioncam Úis	4	81,857	90,419
Speanas Úis	5	(67,274)	(69,964)
Glan Ioncam ó Ús		14,583	20,455
Caiteachas Riaracháin	7	(1,207)	(1,194)
Léas Oibriúcháin	7	(153)	(153)
Gnóthachan ar shocraíocht/chiorrúchán	7	574	-
Dímheas ar Shócmhainní Inláimhsithe	10	(27)	(23)
Gnóthachan ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh Ioncam /speansas Airgeadais		13,770	19,085
Ioncam Airgeadais	8	217	811
Speansais Airgeadais	8	(116)	(136)
Gnóthachan ar ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh ioncaim airgeadais		13,871	19,760


Déanann na nótaí a ghabhann leis seo ar leathanaigh 55-86 dlúthchuid de na Ráitis Airgeadais.

Thar cheann an Bhoird,



Michelle Norris
Cathaoirleach an Bhoird

2 Aibreán 2015



Barry O'Leary
Príomhfheidhmeannach

2 Aibreán 2015

Ráiteas faoi iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta

		31 Nollaig 2014	31 Nollaig 2013
	Nóta	€'000	€'000
Gnóthachan ar ghnáth-ghníomhaíochtaí i ndiaidh ioncaim airgeadais		13,871	19,760
Gnóthachan/(caillteanas) Achtúireachta	17	(1,136)	591
Gnóthachain aitheanta iomlána don bhliain airgeadais		12,735	20,351

Clár comhardaithe

Sócmhainní	Nóta	31 Nollaig 2014 €'000	31 Nollaig 2013 €'000
Airgead tirim agus a choibhéis in airgead tirim	9	17,677	74,352
Sócmhainní inláimhsithe	10	105	51
Iasachtaí agus airleacain d'údaráis áitiúla agus d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe	11	4,297,883	4,442,074
Fiachóirí agus infháltas eile		-	32
Sócmhainní iomlána		4,315,665	4,516,509
Dliteanais			
Urrúis fiachais in eisiúint	12	4,098,304	4,303,907
Iasachtaí bainc	16	110,394	118,673
Easnamh na scéime pinsean	17	583	86
Ábhair iníoctha eile		414	608
Dliteanais Iomlána		4,209,695	4,423,274
Cothromas			
Scairchaipiteal glaoite	22	39	39
Barrachas coinnithe	23	105,931	93,196
Cothromas Iomlán		105,970	93,235
Dliteanais agus cothromas iomlán		4,315,665	4,516,509


Déanann na nótaí a ghabhann leis seo ar leathanaigh 55-86 dlúthchuid de na Ráitis Airgeadais.

Thar cheann an Bhoird,



Michelle Norris
Cathaoirleach an Bhoird

2 Aibreán 2015



Barry O'Leary
Príomhfheidhmeannach

2 Aibreán 2015

Ráiteas faoi shreabhadh airgid

		31 Nollaig 2014	31 Nollaig 2013
	Nóta	€'000	€'000
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin agus trádála	19	158,775	133,472
Torthaí ar infheistíochtaí agus ar sheirbhísíú airgeadais		-	-
Caiteachas caipitil	20	(81)	(33)
Insreabhadhairgid roimh bhainistíocht acmhainní leachtacha agus airgeadú		158,694	133,439
Eisreabhadhairgid ó bhainistíocht acmhainní leachtacha agus airgeadú	21	(215,369)	(79,968)
(Laghdú)/méadú ar airgead tirim i rith na bliana		(56,675)	53,471
Airgead Tirim agus a Choibhéis ag 1 Eanáir		74,352	20,881
Airgead Tirim agus a Choibhéis ag 31 Nollaig		17,677	74,352

Réiteach idir an glan-sreabhadh airgid agus an ghluaiseacht i nglanfhiachas

		31 Nollaig 2014	31 Nollaig 2013
	Nóta	€'000	€'000
(Laghdú)/méadú ar airgead tirim i rith na bliana		(56,675)	53,471
Gluaiseachtaí neamhairgid	21	(1,487)	(2,351)
Airgead tirim a úsáideadh chun oibleagáidí airgeadais a shocrú	21	215,369	79,967
Gluaiseacht i bhfiachas glan i rith na bliana		157,207	131,087
Fiachas glan ag tús na bliana		(4,348,229)	(4,479,316)
Fiachas glan ag deireadh na bliana		(4,191,022)	(4,348,229)

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

1. Achoimre ar Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm ar bhealach comhleanúnach i dtaca le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le Ráitis Airgeadais na Gníomhaireachta.

An bonn ar ar ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin go sonraítear, ag luach cothrom i leith an riosca atá fáilithe, sócmhainní airgeadais aitheanta agus dliteanais airgeadais aitheanta atá fáilithe. Déantar gach ionstraim dhíorthach agus sócmhainn dá gcoinnítear i leith scéimeanna sochair shainithe a thomhas ar luach cothrom.

Comhlíonann na Ráitis Airgeadais an cleachtas cuntasíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn, lena n-áirítear dlíthe na hÉireann a chomhlíonadh chomh maith le Caighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais ("FRS") na Comhairle Tuairisceoireachta Airgeadais, faoi mar a d'fhógair Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn iad. Na beartais chuntasaíochta a leagtar amach thíos, cuireadh i bhfeidhm iad ar bhealach comhleanúnach i leith gach tréimhse dá gcuirtear i láthair sna Ráitis Airgeadais seo.

Mar gheall ar a bhfuil i gceist le gnó na GAT agus cineál na n-idirbheart a mbítear ina mbun, tá na Stiúrthóirí tar éis an cuntas brabús agus caillteanas a chur in oiriúint do chúinsí an ghnó de réir Alt 4(13) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986. Roghnaigh na Stiúrthóirí a gcuid Ráiteas Airgeadais a chur i láthair i bhformáid a úsáideann forais airgeadais cosúil léi.

Rochtain ar Mhaoiniú agus Gnóthas Leantach

Is ar bhonn an ghnóthais leantaigh a rinneadh na Ráitis Airgeadais a ullmhú. Agus an measúnú seo á dhéanamh ag Bord na Stiúrthóirí faoi acmhainn na GAT leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, cuireadh san áireamh na rioscaí suntasacha agus éiginnteacht shuntasach atá ag dul i bhfeidhm ar an GAT faoi láthair, go háirithe maidir leis an deacracht a bhaineann le teacht ar mhaoiniú.

Tugtar de chumhacht don GAT faoi Alt 17 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002 agus faoi Alt 19 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2002 a iarraidh ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) tabhairt faoi iasachtaí a fháil agus fiachas a bhainistiú thar ceann na Gníomhaireachta. Faoi réir na dtéarmaí i gcomhaontú foirmiúil idir an GBCN agus an GAT, is í an GAT a shocraíonn an beartas ginearálta ar dá réir a tharlaíonn an maoiniú a dhéanann an GBCN maraon leis na hionstraimí fiachais cuí. Is i gcomhar go dlúth le GBCN, agus ar chomhairle GBCN, a ghníomhaíonn an GAT maidir leis na cláir i ndáil le páipéar eurothrachtála [PE] agus NR. Bhí luach €3.14 billiún i bhfoirm NR ceannaithe ag GBCN faoin 31 Nollaig 2014 (2013: €3.70bn).

Mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2014, níor soláthraíodh cuid ar bith de mhaoiniú na GAT faoin gclár PE (2013: €0 milliún). Níor tarraingíodh aon mhaoiniú PE síos i rith 2014 (2013: €143 milliún).

Sa cheathrú ráithe de 2014, méadaíodh teorainn chlár na NR ag an GAT ó €4.5 go dtí €5.0 billiún. Bhí tréimhse cúig bliana áis Chlár na Notáí faoi Ráthaíocht le dul in éag ag deireadh Lúnasa 2015 agus chuir seo srian ar aibíocht aon nóta go dtí cibé tréimhse is ísle de 364 lá nó an dáta sin. Aontaíodh síneadh go deich mbliana a chur le huasaibíocht aon nóta ó dháta a eisithe agus deireadh ar fad a chur leis an tréimhse áise. Cuireann na hathruithe seo ar chumas na GAT éascú le heisiúint lena mbaineann uasaibíocht deich mbliana agus le síneadh a chur le próifíl aibíochta a cuid maoiniúcháin agus le laghdú suntasach a dhéanamh ar na rioscaí ó thaobh leachtachta.

Faoi théarmaí chlár nua na NR, an 18 Nollaig 2014, rinne an GAT athairgeadú ar €2,872 billiún dá chuid nótaí faoi ráthaíocht ar ráta seasta gearrthéarmach a bhí i seilbh Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN). Cuireadh nótaí faoi ráthaíocht lena bhain ráta comhlúthach níos faide, agus atá i seilbh Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta freisin, in ionad na nótaí úd. Baineann aibíochtaí leis na nótaí ar ráta comhlúthach atá tránsithe ar eatraimh sé mí ó Iúil 2015 go dtí Eanáir 2021. Déantar na rátaí úis a athshocrú ar bhonn ráithiúil, ar chorrach thar ráta trí mhí Euribor®. Bíonn na NR faoi ráthaíocht ag Aire Airgeadais na hÉireann.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

1. Achoimre ar Beartaí Shuntasacha Chuntasaíochta (ar lean)

Go stairiúil, thiomsaigh an Ghníomhaireacht formhór a cuid maoiníocháin tríd an gclár PE agus sa cheathrú ráithe de 2013, liostaigh an Ghníomhaireacht a clár PE ar Stocmhalartán na hÉireann an athair le héascú le huair a d'fhéadfadh sí filleadh ar mhargáí seachtracha. Tá na Stiúrthóirí sásta go bhfuil raon leordhóthaineach de roghanna maoinithe ar fáil di, rud a ligfidh don Ghníomhaireacht leanúint ar aghaidh le bheith ag soláthar airgeadais leanúnaigh dá custaiméirí agus lena cuid oibríochtaí chomh fada agus is féidir a thuar amach anseo. Tugtar dearbhú do na Stiúrthóirí freisin, i bhfianaise an athairgeadaithe a rinneadh le déanaí ar nótaí gearrthéarmacha lena mbaineann nótaí ar ráta comhlúthach níos fadtéarmaí leis an GBCN, go mbeidh teacht ag an GAT ar mhaoiniú leordhóthanach go ceann 12 mí ar a laghad ón dáta a cheadófar na Ráitis Airgeadais seo; gur cuí i gcónaí na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, agus go leanfaidh an GAT i mbun gnó chomh fada agus is féidir a thuar.

Airgeadra feidhmiúil agus láithreoireachta

Cuirtear na Ráitis Airgeadais seo i láthair in Euro, airgeadra feidhmiúil na GAT. Ach amháin sa chás go dtugtar a mhalairt le fios, rinneadh an fhaisnéis airgeadais a chuirtear i láthair in euro a shlánú go dtí an an míle ba chongaraí.

Úsáid as meastacháin agus breitheanna

Bíonn ar an lucht bainistíochta, le linn Ráitis Airgeadais a ullmhú, meastacháin, breithiúnais agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar an mbealach a gcuirtear beartaí chuntasaíochta i bhfeidhm agus ar an luach a luaitear le sócmhainní, dliteanais, ioncam agus costais.

Bíonn athbhreithniú á dhéanamh go leanúnach ar mheastacháin agus ar thoimhdí bunúsacha. Aithnítear leasú a dhéantar ar mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse ina ndéantar an meastachán a leasú agus in aon tréimhsí as sin amach a dtéann an leasú i bhfeidhm ina leith.

Tá na breitheanna a théann i bhfeidhm go mór ar na Ráitis Airgeadais, agus iad sin a mbeadh baol ann go dteastódh coigeartú ábhartha uathu an bhliain dar gcionn, i réimsí na gcaillteanas lagaithe a d'fhéadfadh a theacht i gceist maidir le hiasachtaí agus airleacain a eisíodh roimh 1986 agus maidir le hiasachtaí do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe.

Caillteanas lagaithe ar iasachtaí agus ar airleacain

Tugann an GAT iasachtaí d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe (CTCanna) go príomha. Tá próifíl riosca creidmheasa éagsúil ag na hiasachtaí seo. Baineann an bhreith is suntasaí ar ar ullmháodh na Ráitis Airgeadais le dearcadh na Stiúrthóirí ar riosca creidmheasa na n-iasachtaí a eisíodh i ndiaidh 1986. Is féidir míniú níos mionsonraithe ina leith seo a fháil i Nóta 18(a).

Tugann an GAT iasachtaí d'údaráis áitiúla. I gcomhthéacs (a) gur comhlachtaí reachtúla faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus faoi achtacháin eile na húdaráis áitiúla, agus (b) go bhfuil teacht isteach nó cistí na n-údarás áitiúil ina n-urrús i leith gach suim atá dlite don GAT a íoc go cuí léi ag údaráis áitiúla (mar a leagtar síos sa chomhaontú idir gach údarás áitiúil faoi seach agus an GAT), (c) gach iasacht a thugtar ar airleacan do na húdráis áitiúla a bheith á fhaomhadh ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus (d) tuiscint an Bhoird go dtacaíonn Rialtas láir le húdaráis áitiúla agus a n-oibleagáidí don GAT á gcomhlíonadh agus (e) ní dheachaidh aon chaillteanais don GAT de bharr a hiasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla i ndiaidh 1986; is é tuairim an Bhoird nach fiú le háireamh é aon riosca creidmheasa, seachas riosca ceannasach, maidir le hiasachtaí a thugtar ar airleacan d'údaráis áitiúla ar nó i ndiaidh 27 Bealtaine 1986 agus níor taifeadadh aon soláthar caillteanais iasachta i leith na n-iasachtaí sin.

I measc réimsí eile a bhféadfadh tionchar nach mbeadh chomh suntasach acu ar thuairisceoireacht airgeadais na GAT, áirítear caillteanais de bharr lagú a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar iasachtaí a eisíodh roimh 1986, ar iasachtaí do CTCanna agus agus sochair d'fhostaithe.

Dlítear aon chaillteanais chreidmheasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn as an €10.6 milliún (2013: €11.5 milliún) atá fós dlite do na húdaráis áitiúla ó na hiasachtaí bunúsacha ar mhorgáistí a ceadáodh roimh an 27 Bealtaine 1986 agus a bhfuil an bhunmhaoín atá faoi mhorgáiste mar urrús leo, a chur ar an GAT. Tá comhsholáthar de €1.96 milliún aitheanta i leith na gcuntas sin. Tagair do Nóta 18 (a) le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

Tosaíodh ar iasachtaí a thabhairt do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe go díreach in 2012 agus ba é €34.50 milliún (2013: €22.81m) iomlán na n-iarhmhéideanna mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2014. Níor tharla aon chaillteanais iasachtaí ar iasachtaí do CTCanna agus mar sin, ní dhearnadh aon liúntais le haghaidh caillteanais ar iasachtaí.

1. Sócmhainní agus dliteanais airgeadais (ar lean)

Sochair d'fhostaithe

Feidhmíonn an GAT scéim pinsin le sochair shainithe a dtagann gach ball den fhoireann faoina scáth. Déantar luach margaidh sócmhainní agus luach achúireachta dhliteanais na scéime a luacháil go bliantúil. Baineann leis sin go ndéanadh an lucht bainistíochta, i gcomhairle le hachtúire seachtrach, toimhdí maidir le boilsciú ar phraghasanna, ardú ar thuarastail agus ar phinsin, fáiltas ar infheistíocht agus ré saolach na bhfostaithe sa todhchaí. Bíonn raon inghlactha i gceist inar féidir le meastacháin den chineál sin a theacht go dliteanach. D'fhéadfadh gur tionchar eile ar fad a bheadh ar na torthaí i leith na tréimhse agus ar an riocht airgeadais dá réir, dá mbainfi úsáid as malairt toimhdí. Foilsítear breis sonraí ina leith seo i Nóta 17 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

Sócmhainní agus dliteanais airgeadais

Aitheantas

Tugann an GAT aitheantas ar dtús, ar luach cóir, d'iasachtaí agus do shuimeanna ar airleacan, d'éarlaisí, d'urrúis fiachais ar eisiúint agus do bhannaí innéacsna sctha ar an dáta a gcuirtear tús leo.

Dí-aitheantas

Stadann GAT ó aitheantas a thabhairt do shócmhainn airgeadais nuair a théann na cearta faoi chonradh ar shreabhadh airgid ón tsócmhainn in éag, nó nuair a aistrítear na cearta faoi chonradh ar shreabhadh airgid an tsócmhainn airgeadais a fháil trí idirbheartaíocht lena n-aistrítear an riosca ar fad agus an gnóthachan uile a bheag nó a mhór a ghabhann le húinéireacht ar an tsócmhainn airgeadais. Aithnítear mar shócmhainn nó dliteanas ar leith d'aon leas i sócmhainní airgeadais aistrithe, ar leas é a chruthaigh nó a choimeád an GAT.

Stadann an GAT ó dhliteanas airgeadais a aithint nuair a bhíonn na dualgais a leagtar uirthi faoin gconradh curtha di aici nó ar sin a chur ar ceal nó a dhul in éag.

D'fhéadfadh an GAT idirbhearta a dhéanamh trína n-aistrítear sócmhainní atá aitheanta ar a clár comhardaithe ach go gcoinníonn sí gach riosca agus gach gnóthachan araon a bhaineann leis na sócmhainní aistrithe nó sciar áirithe díobh. Sa chás go gcoinnítear na rioscaí agus an gnóthachan ar fad, a bheag nó a mhór, ní stadtar sa chás sin ó na sócmhainní aistrithe a aithint ar an gclár comhardaithe.

Fritháireamh

Déantar fritháireamh maidir le sócmhainní agus dliteanais airgeadais agus cuirtear an tsuim ghlan i láthair sa chlár comhardaithe nuair atá de cheart ag an GAT faoin dlí, agus sa chás sin amháin, na suimeanna a fhritháireamh agus nuair atá de rún ag an GAT réiteach maidir leis an tsócmhainn ar bhonn glansuime nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a réiteach an tráth céanna. Cuirtear ioncam agus speansais i láthair ar bhonn glansuime nuair a bhíonn de rún agus d'acmhainn ag an GAT na suimeanna a fhritháireamh.

Costas amúchta a thomhas

Is ionann costas amúchta sócmhainne nó dliteanais airgeadais agus an tsuim a luaitear leis an tsócmhainn nó an dliteanas airgeadais nuair a aithnítear ar dtús é, lúide aisiocaíochtaí i leith na príomhshuime, móide nó lúide an amúchadh carnach, agus modh an ráta éifeachtaigh úis á chur in úsáid maidir le haon difríocht idir an tsuim a aithníodh ar dtús agus an tsuim aibíochta, lúide aon laghdú maidir le lagú.

An luach cóir a mheas

Bíonn an próiseas maidir le luach cóir a lua le sócmhainní airgeadais agus le dliteanais airgeadais bunaithe ar phraghasanna foilsithe an mhargaidh nó ar thairiscintí praghasanna ó dhéileálaithe i ndáil le hionstraimí airgeadais arna dtrádáil ar mhargaí beo. Maidir le luach foilsithe an mhargaidh, is ar an bpraghas tairisceana a bhunaítear é ach sin a bheith ar fáil. I gcás na n-ionstraimí airgeadais eile ar fad, socraítear an luach cóir trí mhodhanna luachála a chur in úsáid. I gcás urrús nach mbíonn luach foilsithe an mhargaidh ar fáil lena aghaidh, baineann an GAT leas as teicnící meastacháin chun an luach cóir a shocrú. Áirítear ar na modhanna meastúcháin a úsáidtear, sreabhadh airgid lascainithe, samhalacha inmheánacha lena mbaintear leas as sonraí soiléire an mhargaidh nó as comparáidí le hurrúis eile atá ar aon dul, a bheag nó a mhór, leis na cinn faoi chaibidil.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

1. Sócmhainní agus dliteanais airgeadais (ar lean)

lasachtaí agus suimeanna infhaighte

Is sócmhainní airgeadais nach díorthaigh iad iasachtaí agus suimeanna infhaighte, a mbíonn íocaíochtaí seasta nó íocaíochtaí indeimhnithe ag gabháil leo agus nach luaitear ar mhargadh beo agus nach bhfuil i gceist ag an GAT iad a dhíol láithreach ná sa ghearrthéarma.

Déantar iasachtaí agus suimeanna infhaighte a mheas ar dtús ar an luach cóir maidir leis an gcomaoin a fuarthas agus coinnítear ina dhiaidh sin iad arna lua de réir an chostais amúchta lúide soláthar maidir le lagú. Is ar bhonn an ráta úis éifeachtaigh a thugtar aitheantas don ioncam ó iasachtaí agus ó shuimeanna infhaighte.

Lagú a aithint agus a thomhas

Déanann an GAT, tráth an chlár chomhardaithe i ngach tréimhse airgeadais, an cheist a mheas cé acu an bhfuil fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú tarlaíthe maidir le sócmhainní airgeadais nach ar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas a iompraítear iad. Áirítear lagú tarlaíthe maidir le sócmhainní airgeadais sa chás gur léir ó fhianaise oibiachtúil gur tharla eachtra caillteanais ó rinneadh an tsócmhainn a aithint ar dtús agus go bhfuil tionchar, ar féidir é a mheas go hiontaoifa, ag an eachtra caillteanais sin ar shreabhadh airgid na sócmhainne sin san am atá le teacht.

Déanann an GAT fianaise maidir le lagú a mheas ag leibhéal sócmhainne amháin faoi leith agus ag an leibhéal tiomsaithe chomh maith. Déantar measúnú maidir le gach sócmhainn airgeadais a bhfuil suntas léi aisti féin i ndáil le lagú faoi leith maidir leis an tsócmhainn sin. Déantar gach sócmhainn shuntasach ansin nach meastar gur tharla lagú faoi leith i ndáil leo, a mheas mar thiomsú d'fhonn aon lagú a fulaingtódh ach nár tuairiscíodh go fóill a thabhairt chun aire. Sócmhainní nach bhfuil suntasach astu féin, déantar an measúnú maidir le lagú ina leith arna dtabhairt ina dtiomsú de shócmhainní airgeadais (arna n-iompar de réir an chostais amúchta) a bhfuil tréithe riosca den chineál céanna ag baint leo. Déantar caillteanas mar gheall ar lagú ar shócmhainní arna n-iompar de réir an chostais amúchta a thomhas de réir an difríocht atá idir luach iompair na sócmhainní airgeadais agus luach reatha an tsreafa airgid measta arna lascainiú de réir an ráta úis éifeachtach a bhain leis na sócmhainní ar dtús. Déantar caillteanais a aithint i mbrabúis agus i gcaillteanais agus léirítear iad i gcuntas liúntais maidir le hiasachtaí agus airgead ar airleacan.

Gníomhaíonn iarraidh ar ath-idirbheartaíocht mar rud a spreagfaidh tástáil maidir le lagú faoi FRS 26, toisc go bhféadfadh sin a dhearbhu go bhfuil lagú tarlaíthe. Déantar gach iasacht a mheasúnaítear le haghaidh ath-idirbheartaíochta a thástáil ó thaobh lagaíthe faoi FRS 26 agus i gcás go measfar iasacht a bheith lagaíthe, tiomsaítear soláthar cuí chun clúdach a dhéanamh ar an difríocht idir luach iompair na hiasachta, agus luach reatha shreabhadh an airgid thirim a mheasfar a bheidh ann amach anseo, agus é lascainithe de réir ráta úis bhunaidh éifeachtaigh na hiasachta. I gcás go mbeidh na téarmaí a bhaineann le hiasachtaí a ndearnadh ath-idirbheartaíocht ina leith agus a cuireadh faoi réir fhoráil maidir le lagú, difriúil go maith ó théarmaí bunaidh na hiasachta, de réir anailíse cainníochtúla nó cáilíochtúla, déantar an iasacht bhunaidh a dhí-aithint agus aithnítear iasacht nua ar luach cothrom. Aithnítear aon difríocht idir luach iompair na hiasachta agus luach cothrom théarmaí nua na hiasachta tar éis ath-idirbheartaíochta sa ráiteas ioncaim.

Leantar den aitheantas maidir le hús ar an tsócmhainn lagaíthe agus déantar díscríobh sa chás go meastar maidir le hiasacht nach féidir bailiúchán a dhéanamh i leith cuid de nó an iomláin, nó go bhfuil cuid de nó an t-iomlán maite. Cuirtear suimeanna díscríofa de mhuirear in aghaidh soláthairtí a rinneadh roimhe sin maidir le lagú nó luaitear sa chuntas ioncaim agus caiteachais go díreach iad.

Airgead tirim agus coibhéis airgid

Is é atá i gceist le hairgead tirim agus a choibhéis ná airgead tirim sa bhanc agus ar láimh agus infheistíochtaí gearrthéarmacha, i bhfoirm nótaí gealltanais nó páipéar tráchtála den chuid is mó lena mbaineann aibíocht faoi cheann trí mhí nó tráth is luaithe ná sin tráth a bhfaighte, atá so-aistrithe go dtí suim airgid thirim atá ar eolas, agus ar fíorbheag an baol go dtiocfadh athrú ar a luach. Aithnítear ioncam ó infheistíochtaí den sórt sin ar bhonn úis éifeachtaigh ar feadh na tréimhse go dtarlaíonn aibíocht.

Sócmhainní seasta inláimhsithe agus cúrsaí dímhéasa

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe de réir an chostais lúide dímhéas carntha agus aon lagú. Déantar an muirear maidir le dímhéas a ríomh ar an mbonn seo a leanas sa chaoi is go ndéantar díscríobh ar chostas tosaigh gach sócmhainne seasta lúide an luach iarmharach i rith ré measta fiúntais gach sócmhainne seasta:

Trealamh ríomhaireachta	Líne dhíreach thar 3 bliana
Trealamh eile	Líne dhíreach thar 5 bliana

1. Sócmhainní agus dliteanais airgeadais (ar lean)

Déantar athbhreithniú go tráthrialta maidir le meastacháin i ndáil leis an ré measta fiúntais. Déantar soláthar freisin, nuair is gá sin, do lagú ar bith ar shócmhainní seasta inláimhsithe. Déantar athbhreithniú ar luach iompair na sócmhainní seasta inláimhsithe ar gach dáta tuairiscithe d'fhonn a dhéanamh amach cé acu an bhfuil aon chomhartha go bhfuil lagú i gceist. Má tá comhartha den sórt sin ann, déantar an tsócmhainn a thástáil maidir le lagú trí chomparáid a dhéanamh idir an luach iompair agus an luach a d'fhéadfaí a aisghabháil, luach is ionann agus cibé acu is airde idir an tsuim a gheofaí ón tsócmhainn a dhíol nó an luach atá leis an tsócmhainn in úsáid. Aithnítear caillteanais ó lagú sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Ús infhaighte agus iníoctha

Aithnítear ús atá infhaighte agus iníoctha maidir le hionstraimí airgeadais arna rangú mar iasachtaí agus airgead ar airleacan, agus mar dhliteanais airgeadais de réir an chostais amúchta, ar bhonn ráta éifeachtach úis. Cuirtear san áireamh leis an ríomh sin ús a fuarthas nó a íocadh, táillí agus coimisiúin a íocadh nó a fuarthas atá ina ndlúthchuid den toradh chomh maith le costais incriminteacha na n-idirbheart. Nuair a bunaíodh an banna innéacsnaastha, measadh go raibh dlúthbhaint ag gné an bhoilscithe leis an toradh agus nár ghá dá réir sin cuntasáiocht faoi leith i ndáil leis mar dhíorthach neadaithe. Déantar dá bharr sin toradh réamh-mheasta an bhoilscithe a chur san áireamh sa ríomh ar an ráta éifeachtach úis freisin agus déantar athmheasúnú air sin gach leathbhliain. Is ionann an ráta éifeachtach úis agus an ráta trína ndéantar lascainiú ar an sreabhadh airgid measta san am atá le teacht, ar feadh ré ionchais na hionstraime airgeadais nó, tréimhse níos giorra ná sin sa chás gur cuí sin, i ndáil le luach iompair glan na sócmhainne airgeadais nó an dliteanais airgeadais ar a aithint den chéad uair.

Airgeadraí iasachta

Déantar idirbhearta ainmnithe in airgeadra seachas an euro a lua de réir na rátaí a bhí i réim tráth na beartaíochta féin. Aistrítear sócmhainní airgid agus dliteanais in airgeadra eachtrach de réir na rátaí atá i réim ar dháta an chlár chomhardaithe. Déileáiltear leis na difríochtaí malairte sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Tuairisciú teascán

Níl ach aon oibríocht amháin ag an GAT agus ní dhéantar sin ach in aon tír amháin. Déanann an bhainisteoireacht athbhreithniú ar oibríochtaí na Gníomhaireachta mar aonad iomlán agus ní dhéanann idirdhealú idir teascáin oibriúcháin. Mar sin, tuairiscítear oibríochtaí sna Ráitis Airgeadais seo mar theascán aonair.

Léas oibriúcháin

Nochtar costais maidir le léasanna oibriúcháin ar leithligh sa Chuntas Ioncaim & Caiteachais ar bhonn fabhrúithe ar feadh théarma an léasa agus modh na líne díri i bhfeidhm. Aithnítear dreasachtaí maidir leis an léas oibriúcháin ar an gclár comhardaithe agus scaoiltear iad ar bhonn dronnlíneach thar an tréimhse chomh fada leis an chéad athbhreithniú de réir ráta an mhargaidh atá ina chuid den léas.

Ioncam airgeadais

Cuimsíonn ioncam airgeadais an t-ioncam ó ús ar chistí infheistithe. Aithnítear ioncam ó ús de réir mar a fhabhraíonn sé agus modh an ráta éifeachtaigh úis á úsáid.

Sochair na bhFostaithe

Is ionann easnamh nó barrachas glan na GAT maidir leis an bplean pinsin le sochair shainithe agus an t-easnamh nó an barrachas dá réir i ndáil le luach cóir shócmhainní an phlean i gcomórtas le luach reatha na sochar a bheidh dlite do na fostaithe san am atá le teacht i gcúiteamh ar a gcuid fónaimh le linn na tréimhse reatha agus tréimhsí roimhe seo. Is ionann an ráta lascaine a chuirtear i bhfeidhm agus toradh an mhargaidh ar bhannaí corparáideacha ardháilíochta ag dáta an chlár chomhardaithe a bhfuil dátaí aibíochta ag dul leo a thagann a bheag nó a mhór leis na téarmaí maidir le dualgaí na GAT. Achtúire cáilithe neamhspleách a dhéanann an t-áireamh agus is é modh chostas réamh-mheasta an aonaid a chuirtear i bhfeidhm. Cuirtear gnóthachain agus caillteanais achtúireachta go díreach ar an ráiteas faoi ghnóthachain agus caillteanais aitheanta sa tréimhse chéanna ina dtabhaítear iad.

Ar an tionchar ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais áirítear an costas seirbhíse reatha, an costas seirbhíse roimhe seo, an costas úis maidir le dliteanais na scéime, agus an toradh measta maidir le sócmhainní an phlean.

An tEolas is Déanaí faoi Chaighdeán Chuntasaíochta

Tá an GAT ag measúnú thionchar an athraithe ar an GAAP faoi láthair, lena n-áirítear a cuid córas cuntasáiochta agus bainistíochta rioscaí, straitéisí um fálú agus sochair d'fhostaithe.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

2. Stádas na GAT agus idirbhearta le páirtithe gaolmhara

Is cuideachta faoi theorainn scaireanna í An Gníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt arna cur chun cinn ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoi théarmaí an Achta um An Gníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981. Is é an tAire Airgeadais úinéir tairbhiúil scairchaipiteal eisithe na Gníomhaireachta. Bunaíodh an GAT ina cuideachta theoranta phríobháideach ar an 8 Feabhra 1982 agus rinneadh cuideachta theoranta phoiblí di ar an 13 Eanáir 1983.

Maidir le gnáthchúrsaí gnó, is é Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ('GBCN'), ar comhlacht Rialtais freisin é agus a meastar dá bharr sin gur páirtí gaolmhar atá ann, a chuireann maoiniú ar fáil don GAT. Is féidir sonraí a aimsiú i Nóta 13 faoi na méideanna a bhí gan íoc ar an 31 Nollaig 2014 faoin gclár na Nótaí faoi Ráthaíocht arb é GBCN a chuireann ar fáil é. B'ionann iomlán an chaiteachais ar ús i ndáil leis na háiseanna (2013: € 2.51m) sin don GBCN agus €46.87m i gcomhair 2014 (2013: €50.08 milliún), agus €0.60m d'údarás áitiúla don bhliain airgeadais.

I ngnáthchúrsaí gnó, tugann an GAT cistí ar iasacht d'údarás áitiúla, ar comhlachtaí Rialtais atá iontu agus a meastar dá bharr sin gur páirtithe gaolmhara iad. Tugtar sonraí i Nóta 4 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais faoin ús a saothraíodh ar na cistí ar airleacan sin. Feidhmíonn Irish Life Corporate Business bainistíocht /riarach scéim phinsin na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta (féach Nóta 17) go, le héifeacht ó 1 Eanáir 2012.

I ngnáthchúrsaí gnó, cuireann an GAT cistí i dtaisce ó bharrachais ghearrthéarmacha a thagann chun cinn le Bainc-Aontas Éireann cpt, (atá i seilbh an stáit faoi láthair), nó an GBCN, ar chuntais na GAT a bhaineann leis an státchiste nó a bhaineann le speansais. Ba ionann agus €0.05 milliún an t-ús a tuilleadh ar na taiscí seo le linn 2014 (2013: €0.68 milliún) agus b'ionann agus €17.68 milliún (2013: €0.35 milliún) na suimeanna i dtaisce mar a bhí an 31 Nollaig 2014.

Idirbhearta le príomhphearsanra bainistíochta

Áirítear ar phríomhphearsanra an lucht bainistíochta na daoine sin a bhfuil d'údarás acu nó de fhreagracht orthu gníomhaíochtaí na GAT a rialú, agus áireofaí orthu seo Bord na Stiúrthóirí, an Ceannasaí Cistíochta agus an Ceannasaí Airgeadais. Chomh maith lena gcuid tuarastal, focann an Gníomhaireacht ranníocaíochtaí le plean sochair shainithe iarfhostaíochta ar son príomhphearsanra den lucht bainistíochta. Is mar seo mar a leanas a cuimsíodh iomlán an chúitimh de phríomhphearsanra den lucht bainistíochta:

	31 Nollaig 2014	31 Nollaig 2013
	€'000	€'000
Tuarastail *	270	183
Táillí Stiúrthóirí	46	46
Ranníocaíochtaí Pinsin	42	42
	358	271

* San áireamh leis na tuarastail, tá an luach saothair don Stiúrthóir Feidhmiúcháin /Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a dtugtar sonraí i ngeall air i Nóta 7, chomh maith le príomhphearsanra bainistíochta atá ar tuarastal. Tá aon fhostaí buntábhachtach ambáin den bhainisteoireacht i Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí.

3. Stádas na GAT maidir le cúrsaí cánach

Faoi Alt 218 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, tá ioncam a thuilleann an GAT de thoradh an ghnó maidir le hiasachtaí agus airleacain a dhéanamh faoi Alt 5 d'Acht na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe, 1981, saor ó Cháin Corparáide. Bíonn díolúine maidir le Cáin Chorporáide i geist freisin maidir le hioncam atá inmhuirerairthe faoi Chás III, Sceideal D.

Faoi Alt 172(A) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1999, tá de cheart ag an GAT díbhinní a íoc gan Cáin Iarchoimeáda Díbhinne bainte as.

4. Ioncam úis – gníomhaíochtaí leantacha

	31 Nollaig 2014 €'000	31 Nollaig 2013 €'000
Ús ar airleacain d'údaráis áitiúla:		
Tar éis 27 Bealtaine 1986	81,007	89,484
Roimh 27 Bealtaine 1986	188	662
Ús ar airleacain do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe	662	273
	81,857	90,419

B'ionann luach iomlán an ioncaim ó ús ar shócmhainní airgeadais nach ar a luach cóir a iompraítear iad maidir leis an gCuntas ioncaim agus caiteachais agus ús comhlán €82.75 milliún, agus tá san áireamh leis sin €0.08 milliún d'Ioncam airgeadais, (féach Nóta 8) i ndáil leis an mbliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014 (2013: €91.58 milliún a bhfuil €0.67 milliún d'Ioncam airgeadais i gceist leis).

5. Speansas úis – gníomhaíochtaí leantacha

	31 Nollaig 2014 €'000	31 Nollaig 2013 €'000
<i>Bannaí innéacsnaasctha – ús éifeachtach</i>		
Ús ar bhannaí	7,887	7,875
Préimh ar fhuascailt bannaí (Nóta 14)	1,279	2,141
<i>Costais stoic agus iasachtaí</i>		
Ús is iníochta ar iasachtaí bainc, ar pháipéar tráchtála, ar nótaí faoi ráthaíocht agus ar stoc	57,849	59,661
<i>Táillí agus speansas coimisiúin</i>		
Táillí Páipéir Eurothráchtála (PE)	259	287
Speansas úis iomlán	67,274	69,964

6. Caiteachas nach caiteachais úis é

	31 Nollaig 2014 €'000	31 Nollaig 2013 €'000
<i>Caiteachas Riaracháin</i>		
Léas Oibriúcháin (Nóta 7)	153	153
Caiteachas ginearálta, luach saothair do Stiúrthóirí agus Costais Fostaithe (Nóta 7)	1,207	1,194
Dímheas (Nóta 10)	27	23
Caiteachas riaracháin iomlán	1,387	1,370

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

7. Caiteachas riaracháin

Ceangaltais maidir leis an Léas Oibriúcháin

Tá ceangaltais ar an GAT faoi léas oibriúcháin (áitribh oifige) íocaíochtaí bliantúla mar a leanas a dhéanamh:

Léas ag dul in éag:

Foirgnimh
€'000

Tréimhse is giorra ná aon bhliain amháin	-
Tar éis bliana ach níos giorra ná cúig bliana	153
Tar éis cúig bliana	-

Caiteachas riaracháin

Thángthas ar an gcaiteachas riaracháin tar éis muirir mar seo a leanas a ghearradh:

Bliain dar chríoch	31 Nollaig 2014 €'000	31 Nollaig 2013 €'000
Luach saothair an iniúcháir		
Iniúchadh ar Ráitis Airgeadais	35	29
Seirbhísí comhairleacha cánach		4
Seirbhísí eile	4	-
Luach saothair iomlán an iniúcháir	39	33
Speansais Ghinearálta	278	334
Luach saothair Stiúrthóirí		
Táillí – an Cathaoirleach	–*	-
Táillí – Stiúrthóirí eile	46	46
Luach saothair an Stiúrthóra Feidhmiúcháin/an Phríomhoifigigh		
Fheidhmiúcháin	106	106
Ranníocaíochtaí pinsin	42	42
Luach saothair iomlán na Stiúrthóirí	194	194
Costais fostaithe (gan Stiúrthóirí san áireamh)		
Tuarastail	547	432
Costais leasa shóisialaigh	54	41
Costais seirbhíse - pinsean - faoi láthair	95	125
Costais seirbhíse - pinsean - san am atá caite	-	-
Costais iomlána a bhaineann le fostaithe	696	598
Speansas riaracháin iomlán	1,207	1,159

7. Caiteachas riaracháin (ar lean)

Bliain dar chríoch	31 Nollaig 2014 €'000	31 Nollaig 2013 €'000
Gnóthachan ar shocraíocht / chiorrúchán	574**	-

* Íocadh suim €2,591 (2013: €5,181) le hOllscoil na hÉireann Baile Átha Cliath mar chúiteamh in uaireanta oibre a chaill Michelle Norris mar gheall ar am a chaith sí i mbun a cuid dualgas mar Chatbairleach ar an nGníomhaireacht le haghaidh 2014. Ba é aon duine déag (2013: aon duine déag) meánlón na bhfostaithe, lena n-áirítear an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, i rith na bliana.

Ba é €270k suim iomlán na dtuarastal do phríomhbhaill na bainisteoireachta. Is le haghaidh na foirne riaracháin a bhí iarmhéid an €383k.

Ba é €14,550 (2013: €13,469) suim an ÍMAT/ ÁSPC agus CBL ag deireadh na bliana.

**Tar éis an tsoiléirithe i leith costais seirbhíse roimhe seo a bhain le beirt fhostaithe a d'éirigh as, d'aithin an GAT gnóthachan socraíochta/ ciorrúcháin de €574,000 sa bhliain reatha.

8. Ioncam airgeadais

Bliain dar chríoch	31 Nollaig 2014 €'000	31 Nollaig 2013 €'000
Ioncam infheistíochta ar thaiscí gearrthéarmacha	36	14
Ús a fuarthas ar iarmhéideanna airgid thirim	46	681
Toradh measta ar shócmhainní pinsin	135	116
Glanioncam airgeadais	217	811

Speansas Airgeadais

Bliain dar chríoch	31 Nollaig 2014 €'000	31 Nollaig 2013 €'000
Costas úis ar dhliteanais phinsin	116	136
Speansas airgeadais iomlán	116	136

9. Airgead tirim agus cóibhéisí airgid

Bliain dar chríoch	31 Nollaig 2014 €'000	31 Nollaig 2013 €'000
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	17,677	352
Suimmeana arna gcoinneáil ina n-éarlaisí gearrthéarmacha leis an GBCN	-	74,000
	17,677	74,352

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

10. Sócmhainní seasta inláimhsithe – Trealamh ríomhaireachta agus trealamh eile

Bliain dar chríoch	31 Nollaig 2014 €'000
Costas nó luacháil	
Ag 1 Eanáir 2014	219
Breisiúcháin	81
Ag deireadh na bliana	300
Ag deireadh na bliana	
Dímheas Carntha	168
Ag tús na bliana	27
Ag deireadh na bliana	195
<i>Leabharluach glan</i>	
31 Nollaig 2014	105
31 Nollaig 2013	51

11. Iasachtaí agus airleacain d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe

Bliain dar chríoch	31 Nollaig 2014 €'000	31 Nollaig 2013 €'000
Iasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla	4,154,695	4,305,935
Iasachtaí a tugadh ar airleacan do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe	34,503	22,818
Iomlán na n-iarhmhéideanna dlite ar airleacain	4,189,198	4,328,753
Lúide: Comhsholáthar	(1,961)	(1,711)
	4,187,237	4,327,042
Dlite ó údaráis áitiúla	110,646	115,032
Iomlán na n-iasachtaí agus airleacan d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe	4,297,883	4,442,074

Is leis an GAT a bhaineann dliteanais maidir le haon chaillteanais chreidmheasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir leis an €10.6 milliún (2013: €11.5 milliún) atá fós dlite do na húdaráis áitiúla ó na hiasachtaithe bunúsacha ar mhorgáistí a ceadaiodh roimh mhí na Bealtaine 1986 a bhfuil an bhunmhaoín atá faoi mhorgáiste mar urrús leo. Tá soláthar dar luach €1.96 milliún aitheanta i leith na n-iasachtaí sin. Tá breis sonraí ina leith sin le fáil i Nóta 18 (a). Tá an soláthar seo bunaithe ar an meastachán is fearr de chuid na GAT ar luach reatha an tsreafa airgid thirim a bheidh ann amach anseo i gcomparáid le luach iompair na n-iasachtaí faoi mar a bhí an 31 Nollaig 2014 agus é faoi réir ag athruithe sna toimhdí bunúsacha agus d'fhéadfadh go méadófaí nó go laghdófaí é i mblianta amach anseo.

11. Iasachtaí agus airleacain d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe (ar lean)

I gcomhthéacs (a) gur comhlachtaí reachtúla faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus faoi achtacháin eile iad na húdaráis áitiúla, (b) go bhfuil teacht isteach nó cistí na n-údarás áitiúil ina n-urrús i leith gach suim atá dlite don Ghníomhaireacht a íoc go cuí léi ag údaráis áitiúla (mar a leagtar síos sa chomhaontú idir gach údarás áitiúil faoi seach agus an GAT), agus (c) go gceadaíonn an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil gach iasacht a thugtar ar airleacan d'údaráis áitiúla, agus (d) tuiscint an Bhoird go dtacaíonn an Rialtas láir le húdaráis áitiúla chun a n-oibleagáidí i leith na GAT a chomhlíonadh; (e) ní dheachaidh aon chaillteanais don GAT de bharr a hiasachtaí a tugadh ar airleacan d'údaráis áitiúla i ndiaidh 1986; is é tuairim an Bhoird nach fiú le háireamh é aon riosca creidmheasa, seachas riosca ceannasach, maidir le hiasachtaí a thugtar ar airleacan d'údaráis áitiúla ar nó i ndiaidh 27 Bealtaine 1986 agus ní thaifeadtar aon fhorálacha caillteanais iasachta i leith na n-iasachtaí sin. Tagair le do thoil do Nóta 18 (a) le haghaidh breis sonraí.

Tosaíodh ar iasachtaí a thabhairt do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe go díreach in 2012 agus aithnítear caillteanais de bhar na n-iasachtaí seo sa mhéid go dtagann caillteanais dá leithéid chun cinn. Níor tháinig aon chaillteanais dá leithéid chun cinn in 2014 agus ní mheastar aon soláthar a bheith riachtanach i leith na n-airleacan seo faoi mar a bhí cúrsaí ag 31 Nollaig, 2014.

12. Úrrús Fiachais ar Eisiúint

Bliain dar chríoch	31 Nollaig 2014 €'000	31 Nollaig 2013 €'000
Páipéar Tráchtála agus Nótaí faoi Ráthaíocht (Nóta 13)	3,797,570	4,004,668
Bannaí Innéacsnaascha (Nóta 14)	203,503	202,369
Stoc na GAT 8.75% (Nóta 15)	97,231	96,870
Úrrús Fiachais Iomlána a Eisiódh	4,098,304	4,303,907

13. Úrrús Fiachais ar eisiúint – Páipéir Thráchtála agus Nótaí faoi Ráthaíocht

Bliain dar chríoch	31 Nollaig 2014 €'000	31 Nollaig 2013 €'000
Nótaí faoi Ráthaíocht		
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	3,144,515	3,703,756
Údaráis Áitiúla	643,029	287,378
Ciste Comhshaoil	7,417	7,244
NR maidir le Coiste PRMR	1,132	-
Iomlán an Pháipéir Thráchtála agus na Nótaí faoi Ráthaíocht a tugadh ar airleacan	3,796,093	3,998,378
Ús is iníoctha ar Pháipéir thráchtála agus Nótaí faoi Ráthaíocht	1,477	6,290
Iomlán na bPáipéir Thráchtála agus Nótaí faoi Ráthaíocht	3,797,570	4,004,668

Tagann an páipéar tráchtála agus na nótaí faoi ráthaíocht faoi lánráthaíocht an Aire Airgeadais.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

14. Urrúis fiachais ar eisiúint – Bannaí innéacsnaasctha

	31 Nollaig 2014	31 Nollaig 2013
	€'000	€'000
Eisiúintí bannaí 4% na GAT Bannaí Innéacsnaasctha 2015		
Luach ainmniúil bannaí	95,230	95,230
Glanspeansais neamhamúchta agus préimh/lascaine ar eisiúint	114	267
Soláthar do phréimh ar fhuascailt bannaí	106,160	104,881
Iomlán na mbannaí in eisiúint	201,504	200,378
Ús is iníoctha ar Bannaí innéacsnaasctha	1,999	1,991
Iomlán na mBannaí innéacsnaasctha	203,503	202,369

Leagtar amach aibíochtaí na n-urrús fiachais ar eisiúint i Nóta 18 (c).

Soláthar do phréimh ar fhuascailt Bhannaí innéacsnaasctha

	Muirear	Iarchurtha	Soláthraithe
	€'000	€'000	€'000
31 Nollaig 2014			
Ag tús na bliana	105,650	(769)	104,881
A d'eascair i rith na bliana	328	951	1,279
Ag deireadh na bliana	105,978	182	106,160
31 Nollaig 2013			
Ag tús na bliana	104,356	(1,616)	102,740
A d'eascair i rith na bliana	1,294	847	2,141
Ag deireadh na bliana	105,650	(769)	104,881

Is trí thagairt don chéatadán d'ardú ar an Innéacs Praghasanna Tomhaltais ó bhonndáta gach eisiúint den bhanna go dtí an t-innéacs is infheidhme sé mhí roimh dháta an chúpóin a bhaineann le hábhar a shocraítear an phréimh a bhíonn le híoc tráth na fuascailte. Tagann an banna faoi lánráthaíocht an Aire Airgeadais.

15. Urrúis Fiachais ar eisiúint - Stoc na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta 8.75%

	31 Nollaig 2014	31 Nollaig 2013
	€'000	€'000
Stoc na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta 8.75% ag parluach	95,230	95,230
Lúide: Lascaine neamhamúchta ar eisiúint	(1,149)	(1,510)
	94,081	93,720
Ús Cúpóin is infíochta	3,150	3,150
Iomlán	97,231	96,870

Tagann an parluach atá dlite ar fhuascailt an stoic seo agus an t-ús ar an stoc seo faoi lánráthaíocht an Aire Airgeadais. Tá mionsonraí faoi aibíochtaí na n-urrús fiachais atá in eisiúint sa tábla i Nóta 18 (c).

16. Iasachtaí Bainc

Bliain dar chríoch	31 Nollaig 2014	31 Nollaig 2013
	€'000	€'000
Iasachtaí Bainc		
Idir aon agus dhá bhliain	719	-
Idir dhá agus cúig bliana	3,958	6,273
Tar éis breis is cúig bliana	105,717	112,400
Iomlán	110,394	118,673

Bíonn na hiasachtaí bainc faoi ráthaíocht iomlán ag an Aire Airgeadais, ach amháin dhá áis ar luach €25 milliún leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus le Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa, chun críocha iasachtaí gan ráthaíocht do thionscadail uisce, dramhaíola agus chomhshaoil. Tugtar níos mó mionsonraí faoi aibíocht na suimeanna a bheidh dlite tar éis breis is bliana i Nóta 18(c).

17. Barrachas/(easnamh) pinsin

Feidhmíonn an GAT scéim pinsin le sochair shainithe a chlúdaíonn gach fostaí buan. Maoinítear an scéim pinsin seo go hinmheánach.

Ar an 30ú Meán Fómhair 2014 a rinneadh an luacháil iomlán achtúireachta is deireanaí agus úsáid á bhaint as an Modh Comhiomláin. Ba é an toimhde ba shuntasáí a bhí mar bhonn faoin luacháil achtúireachta go sáróidh an ráta fadtéarma fáltais ar infheistíochtaí an boilsciú maidir le tuarastail le 2% in aghaidh na bliana.

Ar an 31 Nollaig 2014 b'ionann luach an mhargaidh ar shócmhainní an chiste agus €3.19 milliún (2013: €2.70 milliún). Tá ardú déanta ar na ranníocaíochtaí isteach sa chiste de réir moladh an achtúire. Tá an tuarascáil achtúireachta ar fáil lena grinnscrúdú ag comhaltaí na scéime.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

17. Barrachas/(easnamh) (ar lean)

Chun críche Shochair Scoir FRS 17, tá na sonraí luachála is deireanaí tugtha cothrom le dáta go dtí an 31 Nollaig 2014 ag achúire cáilithe neamhspleách a rinne an luacháil ar bhonn mhodh chostas réamh-mheasta an aonaid. Seo a leanas na gnéithe is tábhachtaí den bhonn tuisceana achúireachta a úsáideadh:

	31 Nollaig 2014	31 Nollaig 2013	31 Nollaig 2012
	%	%	%
Ráta ardaithe ar thuarastail	3.00	3.50	3.50
Ráta ardaithe ar íocaíochtaí pinsin	2.00	2.00	2.00
Ráta lascaíne	2.00	4.00	3.25
Toimhde boilsicthe	1.50	2.00	2.00
Ionchais Saoil			
Tar éis dul ar scor – fear in aois a 65	24.1 bliain	24.1 bliain	24.1 bliain
Tar éis dul ar scor – bean in aois a 65	27.8 bliain	27.8 bliain	27.8 bliain

Féadtar anailís a dhéanamh ar Bharrachais/(easnamh) na scéime mar seo a leanas:

	31 Noll 2014	31 Noll 2013	31 Noll 2012	31 Noll 2011	31 Noll 2010
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Sócmhainní Pinsin	3,192	2,699	3,381	2,773	2,631
Dlíteanais Phinsin	(3,775)	(2,785)	(4,060)	(2,124)	(1,894)
Barrachas/(Easnamh)	(583)	(86)	(679)	649	737

Arna bhunú ar na toimhdí sin, leagtar amach sa tábla seo a leanas margadhluach shócmhainní na scéime le sochair shainithe chomh maith leis an luacháil is deireanaí maidir le dlíteanais na scéime arna n-uasdátú i ndáil le gluaiseachtaí sna toimhdí airgeadais:

	Luach ar 31 Noll 2014	Luach ar 31 Noll 2013	Luach ar 31 Noll 2012
	€'000	€'000	€'000
Gnáthscaireanna	2,660	2,264	2,691
Bannaí	532	385	644
Maoín	-	50	46
Airgead tirim agus sócmhainní eile	-	-	0
Iomlán mhargadhluach shócmhainní na scéime pinsin	3,192	2,699	3,381
Luach láithreach ar dhlíteanais na scéime pinsin	(3,775)	(2,785)	(4,060)
Glan (easnamh) /barrachas iomlán pinsin aitheanta ar an gclár comhardaithe	(583)	(86)	(679)

Rinneadh an fáltas ionchais a ríomh trí theacht ar mheán ualaithe na bhfáltas fadtéarmacha ionchais ó gach ceann de na príomhaicmí sócmhainní atá sa scéim – glactar le hualach de réir an sciar den scéim a bhaineann le gach ceann de na príomhaicmí sócmhainní sin. Léiríodh tionchar an phinsin sa toradh ionchais. I gcás na gcothromas 4.5%, do mhaíon 2.5%, do bhannaí 1.5%, glactar le toradh ionchais is ionann agus 0.2%. Déantar an toradh a bhfuiltear ag súil leis i gcomhar 2015 a ríomh chun críocho léargais amháin, faoi GAAP athbhreithnithe na hÉireann, socrófar an toradh a mbeifear ag súil leis ar shócmhainní go mbeidh sé cothrom leis an ráta lascaíne.

17. Barrachas/(easnamh) (ar lean)

Athruithe i luach reatha na hoibleagáide sa tsochar sainithe mar a leanas:

	31 Nollaig 2014	31 Nollaig 2013
	€'000	€'000
Luach reatha oibleagáidí na sochar sainithe ag 1 Eanáir	(2,785)	(4,060)
Costas seirbhíse reatha agus roimhe seo	(95)	(125)
Costas Úis	(116)	(136)
Ranníocaíochtaí ó fhostaithe	(24)	(25)
Gnóthachan ar Shocraíocht/Chiorriúchán	574	-
(Caillteanais) agus gnóthachain achtúireachta	(1,342)	187
Sochair íoctha	13	1,374
Luach reatha oibleagáidí na sochar sainithe ag 31 Nollaig	(3,775)	(2,785)

Mar seo a leanas na hathruithe i luach cóir na sócmhainní sa phlean:

	31 Nollaig 2014	31 Nollaig 2013
Luach cóir ar shócmhainní an phlean ar 1 Eanáir	2,699	3,381
Toradh ionchais ar shócmhainní an phlean	135	116
Ranníocaíochtaí ó fhostóirí	141	147
Ranníocaíochtaí ó fhostaithe	24	25
Gnóthachain achtúireachta	206	404
Sochair íoctha	(13)	(1,374)
Luach cóir ar shócmhainní an phlean ar 31 Nollaig	3,192	2,699

Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas achtúireachta:

	31 Noll 2014	31 Noll 2013	31 Noll 2012	31 Noll 2011	31 Noll 2010
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
An difríocht idir toradh ionchais agus toradh iarbhír ar shócmhainní	206	404	344	(190)	75
Arna lua mar chéatadán de shócmhainní scéime	6.45%	14.97%	10.17%	6.86%	2.85%
(Caillteanais) agus gnóthachain achtúireachta ar dhliteanais na scéime	(1,342)	187	(1,725)	38	34
Arna lua mar chéatadán de dhliteanas na scéime	35.55%	6.71%	42.49%	1.4%	1.8%
Iomlán ghnóthachain agus (chailteanais) achtúireachta	(1,136)	591	(1,381)	(152)	109
Arna lua mar chéatadán de dhliteanais na scéime	30.09%	21.22%	34.01%	7.16%	5.76%

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

17. Barrachas/(easnamh) (ar lean)

Ghnóthachain agus caillteanais achtúireachta charnacha aitheanta sa Ráiteas faoi Ghnóthachain Aitheanta Iomlána:

	31 Nollaig 2014	31 Nollaig 2013
Suim charnach ar 1 Eanáir	(1,909)	(2,500)
Aithníodh i rith na tréimhse	(1,136)	591
Suim charnach ar 31 Nollaig	(3,045)	(1,909)

Cuirtear na suimeanna a bhaineann leis an scéim shochar sainithe a aithníodh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais i láthair i Nóta 8.

Ranníocaíochtaí Ionchais ó Fhostóirí:

	2015	2014
	€'000	€'000
Ranníocaíochtaí Ionchais ó Fhostóirí	130	130

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais

Réamhrá agus léargas ginearálta

Tharlódh nochtadh i gcás na GAT do rioscaí mar seo a leanas ón úsáid a bhaineann sí as ionstraimí airgeadais:

- riosca creidmheasa
- riosca leachtachta
- rioscaí margaidh (lena n-áirítear ráta úis, boilsciú agus airgeadra). Cuirtear eolas i láthair sa nóta seo faoin nochtadh a bhaineann don GAT maidir le gach ceann de na rioscaí thuas chomh maith le heolas faoi chuspóirí, faoi bheartais agus faoi nósanna imeachta na GAT chun an baol ó rioscaí a mheas agus a bhainistiú.

(a) Creat bainistíochta rioscaí

Is ar Bhord na Stiúrthóirí atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le Creat Bainistíochta Rioscaí a chur ar bun don GAT agus maoirseacht a dhéanamh ina leith. Tá beartais bainistíocht riosca na GAT curtha ar bun na rioscaí a bhíonn roimh an GAT a shonrú agus a anailísiú, chun teorainneacha agus rialuithe cuí a leagan síos agus chun monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus ar chloí le teorainneacha. Déantar athbhreithniú rialta ar bheartais agus ar chórais bhainistíochta rioscaí d'fhonn athruithe ar riocht an mhargaidh, ar tháirgí agus ar na seirbhísí a tháirgtear a léiriú. Áirítear beartais ar úsáid hionstraimí díorthaigh airgeadais i Lámhleabhar Beartas & Nósanna Imeachta na GAT. Tacaíonn siad seo leis an GAT agus cinntíonn go gcomhlíonann sí a ceanglais faoi Shonraíocht agus Ceanglais an Aire Airgeadais arna n-eisiúint faoi fhorálacha an Achta um Idirbhearta Airgeadais Chuideachtaí Áirithe agus Chomhlachtaí Eile, 1992 agus cuireann siad sárchleachtas maidir le húsáid ionstraimí díorthaigh cisteáin san áireamh. Is í an phríomhaidhm a bhíonn le hionstaimí díorthaigh airgeadais a úsáid comhréir a dhéanamh maidir le riosca nó riosca maidir le hathruithe ionchais ar rátaí malairte eachtraí i ndáil le sócmhainní agus dliteanais na GAT a chur ar neamhní.

Ceadaítear faoin 'Sonraíocht agus Ceanglais' reatha (atá bailí go 31 Nollaig 2017), atá de réir beartas a d'aontaigh an Bord, conarthaí maidir le hiomlaoid rátaí úis (€400 milliún), réamhchonarthaí malairte eachtraí (€6.0 billiún), réamh-chomhaontuithe rátaí (€80 milliún), agus caidhpeanna rátaí úis (€300 milliún). Leagtar amach mionsonraí sa 'Sonraíocht agus Ceanglais' faoi na cineálacha frithpháirtithe agus faoi fhreagrachtaí an Bhoird i ndáil le bainistíocht díorthaigh.

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Ní féidir idirbhearta a dhéanamh ach amháin le ceadú Phríomhfheidhmeannach na GAT nó le ceadú an Cheannasaí Cistíochta nó an Cheannasaí Airgeadais (i gcás na n-idirbheart sin a bhfuil Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ag feidhmiú mar ghníomhaire/frithpháirtí, tá tugtha d'údarás do Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta feidhmiú thar ceann na Gníomhaireachta. Cé nach gá ceadú foirmiúil le haon idirbheart a dhéantar, ní mór a nótáil ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, ag an gCeannasaí Cistíochta nó an Ceannasaí Airgeadais) agus cuirtear na hidirbhearta seo faoi phróiseas seiceála maidir le hiniúcháireacht inmheánach go tráthrialta a fhaid agus is ann dóibh.

Déanann an GAT faoina clár páipéir eurothrachtála (PE), PE a eisiúint in airgeadra seachas an euro. D'fhoill maolú fálaíthe in aghaidh an riosca airgeadra sin, ceanglaíonn an GAT réamhchomhaontuithe rátaí maidir le hairgeadra iasachta. Ní raibh aon mhargáí PE gan íoc (2013: €0) ag an nGníomhaireacht ag deireadh na bliana. Tá sonraí breise maidir le riosca airgeadra san áireamh i nóta (c) thíos.

Cé go leagan an tábla thíos amach cuspóir na hiasachta a cuireadh ar fáil d'údaráis áitiúla, measann an Ghníomhaireacht go bhfuil dhá chatagóir iasachtaí go príomha aici le húdaráis áitiúla, mar atá, iad sin a ceadáíodh roimh agus i nidiadh an 27 Bealtaine 1986 agus catagóir ar leith d'iasachtaí do CTCanna. Ní hionann an phróifíl maidir le riosca creidmheasa i ndáil leis an trí chatagóir.

Riosca Creidmheasa

Is éard is riosca creidmheasa ann ná riosca caillteanais airgeadais don GAT sa chás go dteipeann ar chustaiméir nó ar fhrithpháirtí le hionstraim airgeadais na dualgaí faoin gconradh a chomhlíonadh agus is i ndáil le hiasachtaí agus airgead a thugann an GAT ar airleacan dá cuid custaiméirí, údaráis áitiúla na hÉireann agus comhlachtaí tithíochta ceadaithe, is mó a thagann sé i gceist. Leagtar uasnochtadh na GAT do riosca creidmheasa amach sa tábla thíos.

	31 Nollaig 2014	31 Nollaig 2013
Sócmhainní airgeadais	€'000	€'000
Iasachtaí ar airleacan d'údaráis áitiúla	4,154,695	4,305,935
Iasachtaí ar airleacan do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta	34,503	22,818
Iomlán na nIasachtaí a tugadh ar airleacan	4,189,198	4,328,753
Lúide comhsholáthar - Údaráis Áitiúla	(1,961)	(1,711)
	4,187,237	4,327,042
Dlite ó údaráis áitiúla	110,646	115,032
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	17,677	74,352
Dlite ó fhiachóirí agus infháltas eile	-	32
	4,315,560	4,516,458

Ceadaítear don GAT airgead a tabhairt ar airleacan dóibh seo a leanas faoi láthair:

- údaráis áitiúla agus an earnáil dheonach tithíochta d'fhoill a úsáid acusan chun críche ar bith a bhfuil údarás leis faoi Achtanna na dTithe 1966 go dtí 2009.
- údaráis áitiúla do thionscadail chaipitil arna n-údarú faoi alt 17 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Déantar iarmhéideanna dlite ó Údarás Áitiúla agus ó CTCanna a chatagóiriú mar a leanas:

Iarmhéid dlite ar airleacain	31 Nollaig 2014	31 Nollaig 2013
	€'000	€'000
Iasachtaí bainteach le Morgáiste Tithíochta *	1,208,468	1,293,405
Fóirdheontas Caipitil agus Cíosa	1,100,767	1,139,420
Maoiniú Idirlinne	470,275	495,269
Éadail Talún	484,618	507,011
Tionscadail Uisce, Dramhaíola agus Comhshaoil	368,469	355,810
Iasachtaí eile Tithíochta nach mbaineann le Morgáistí	522,098	515,020
Airleacain atá dlite ó údaráis áitiúla	4,154,695	4,305,935
Airleacain atá dlite ó chomhlachtaí tithíochta ceadaithe	34,503	22,818
Olliomlán na n-iarmhéideanna dlite ar airleacain	4,189,198	4,328,753

*Tá €12.93m d'iasachtaí a eisíodh roimh 1986 san áireamh sna hiasachtaí Morgáiste a bhaineann le Tithíocht (2013: €19.4m)

Beartais agus Nósanna Imeachta le riosca creidmheasa a bhainistiú

Comhthaobhacht

Tá dliteanas ar an GAT maidir le haon chaillteanas creidmheasa a eascraíonn ar mhorgáistí a tugadh roimh Bhealtaine 1986 agus a bhfuil an bhunmhaoín atá faoi mhorgáiste agus árachas cosanta morgáiste mar urrús leo. Bíonn comhthaobhacht ar láimh ag na húdaráis áitiúla i bhfoirm leasanna morgáistí maidir leis an maoín agus bhíonn árachas cosanta morgáiste ag iasachtaithe aonair. Ní thagann an GAT faoi dhliteanas i leith aon chaillteanas lagaithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn ach amháin sa chás nach leor luach na comhthaobhachta sin chun an fiachas a scaoileadh.

Tá urrús ag an GAT ar iasachtaí tar éis Bealtaine 1986, nuair a urscaoileadh muirir agus íocaíochtaí tosaíochta, ar ioncain nó ar chistí na n-údaráis áitiúla d'íocaíocht dlite don GAT de na suimeanna dlite uile. Maidir le hiasachtaí do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe (CTCanna), ceadáitear don GAT faoi alt 17 d'Acht na dTithe (Foráil Ilghnéitheach) 2002 iasachtaí a thabhairt do CTCanna.

Faoi Thionscnamh um Léasú Tithíochta Sóisialta na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, ligeann an Roinn sin, trí údaráis áitiúla, aonaid tithíochta cuí ó CTCanna amach ar leas, a thugtar ar cíos do thionóntaí tithíochta sóisialta atá ainmnithe ag údaráis áitiúla. Ceannaíonn nó tógann na comhlachtaí réadmhaoín agus maoínítear sin trí airgeadas i bhfoirm iasachtaí a thiomsaíonn an CTC (ón GAT nó ón earnáil phríobháideach). Maoineoidh ioncam a gheobhaidh na CTCanna ó léas, a thóg an Roinn sin amach ar feadh tréimhse chomh fada le 30 bliain, aisíocaíocht iasacht na Gníomhaireachta.

Tá Beartas Creidmheasa ceadaithe ag an GAT maidir le hiasachtaí a thabhairt do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe a cheadaigh an Bord i mí Mheitheamh 2013, agus a tugadh cothrom le dáta le déanaí i mí Mheáin Fómhair 2014. Coinníonn an Coiste Creidmheasa rioscaí creidmheasa laistigh de theorainneacha an Bhoird agus tuairiscíonn faoi chreidiúnacht CTCanna.

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Iasachtaithe lagaithe agus dlite thar téarma

Ní dhéantar measúnú ar mheastacháin maidir le luach cóir ach amháin sa chás go meastar iasacht faoi leith a bheith dlite thar téarma nó lagaithe. Seo mar leanas sainmhíniúchán maidir le dlite thar téarma agus lagaithe:

Is ionann iasacht lagaithe agus iasacht a gcinneann an GAT gur dócha nach mbeifear in ann an príomhshuim agus an t-ús ar fad atá dlite a bhailiú de réir théarmaí an chonradh a ghabhann leis an iasacht. Sainmhínítear iasachtaí, a bhfuil íocaíochtaí úis nó íocaíochtaí príomhshuime faoin gconradh i ndáil leo, mar iasachtaí atá dlite thar a dtéarma. Ní raibh aon iasachtaí de chuid na GAT ná airgead ar airleacan dlite thar a dtéarma ar an 31 Nollaig 2014 (2012: nialas). Tá sonraí iasachtaí a bhí faoi réir athchaibidlíochta i rith na bliana i gcuid na n-Iasachtaí Athchaibidlíochta den nóta seo.

	31 Nollaig 2014	31 Nollaig 2013
Anailís ar iasachtaí d'údaráis áitiúla	€'000	€'000
Iasachtaí roimh 1986	12,929	19,400
Iasachtaí tar éis 1986	4,141,766	4,286,535
Iasachtaí do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe	34,503	22,818
	4,189,198	4,328,753
Comhsholáthar		
Iasachtaí roimh 1986	1,961	1,711
Iasachtaí tar éis 1986	-	-
	1,961	1,711

Ní fiú le háireamh é aon riosca creidmheasa, seachas riosca ceannasach, maidir le hiasachtaí a thugtar ar airleacan d'údaráis áitiúla ar nó i ndiaidh 27 Bealtaine 1986 agus ní thaifeadtar aon soláthair le haghaidh caillteanas ar iasachtaí i leith na n-iasachtaí seo. Is comhlachtaí iad údaráis áitiúla atá comhdhéanta faoi reacht. Tá gach iasacht a thugtar ar airleacan d'údaráis áitiúla ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Is é tuairim láidir an Bhoird nach n-eascaíonn riosca creidmheasa, sa chomhthéacs seo.

Aithnítear caillteanais de bharr iasachtaí a tugadh do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe go díreach, sa mhéid go dtagann caillteanais chun cinn. Níor tháinig aon chaillteanais dá leithéid chun cinn in 2014.

Tá Bord na Stiúrthóirí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar riosca creidmheasa na Gníomhaireachta lena n-áirítear:

- beartais chreidmheasa a chur le chéile i gcomhar leis an mBainistíocht maidir le coinníollacha comhthaobhachta, nósanna imeachta um doiciméadú agus cúrsaí dlí faoi chuimsiú na gceanglas reachtúla;
- an córas údarúcháin agus faomhadh a leagan síos maidir le frithpháirtithe nua (comhlachtaí nach údaráis áitiúla iad) agus rialacha maidir leis an gcomhchruinniú iasachta ina leith;
- athbhreithniú a dhéanamh maidir leis an gcomhlíontas i gcás beartas agus nósanna imeachta inmheánacha;
- monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a nochtar an beartas maidir le hiasachtaí;
- aon iasachtaí a thugtar do CTCanna faoi théarma alt 17 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002 a cheadú agus a chinntiú go mbíonn gach iasacht a thugtar ar airleacan ag teacht le Beartas Creidmheasa na Gníomhaireachta;
- acmhainneacht chreidmheasa gach CTC a mheas agus a cheadú a thabhairt dá réir sin sula gceanglaíonn an GAT aon Mháistir-Chomhaontú maidir le hiasacht;
- cinntiú go mbíonn an cháipéisíocht ar fad a bhaineann le hábhar cruinnithe i gcás an iarratais ar chreidmheas; agus
- an riosca creidmheasa a choinneáil laistigh de theorainneacha ceadaithe an Bhoird.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

An Próiseas le Riaráiste Morgáistí a Réiteach (PRMR)

I mí Lúnasa 2012, sholáthair an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil cúnamh d'údarais áitiúla maidir le bheith ag déileáil le riaráiste a lucht faighte iasachtaí, trí bheith ag eisiúint treoirlínte lenar tugadh mionsonraí faoin bPróiseas a bhí beartaithe le Riaráiste Morgáistí a Réiteach (PRMR). Léiríonn siad seo Cód Iompair an Bhainc Ceannais maidir le Riaráiste Morgáiste agus tá sé de rún acu cur chuige a chaighdeánú i leith an ardaithe atá ag teacht ar leibhéil na riaráistí in Eanáil na nÚdarás Áitiúil. Is éard atá i gceist leis an bPróisis le Riaráiste Morgáistí a Réiteach (PRMR) ná próiseas ina bhfuil cúig chéim a luadh i dtreoirlínte na Roinne.

Sa chaoi go ndéanfar caillteanais amach anseo a fhritháireamh agus chun maolú a dhéanamh ar thionchar na srianta airgeadais atá le cur i bhfeidhm ar shruthanna ioncaim na n-údarás áitiúil, bhunaigh an Roinn CPRÁ préimh PRMR chun tosú ar chúlchistí a charnadh. Tá PRMR tar éis a bheith i bhfeidhm d'údarais áitiúla ón 1 Deireadh Fómhair 2012 trí phréimh a fheidhmiú i leith gach cuntas iasachta ar ráta athraitheach ag údarais áitiúla a bhaineann le morgáistí. Baileoidh an GAT préimh 0.80% de PRMR (ón 1 Eanáir 2014) ar bhonn leathbhliantúil thar ceann Phainéil Bhreithniúcháin PRMR agus coinneofar i gcuntas ar leith é, ar a mbeidh ús á thuilleadh, agus é de rún ag an GAT go dtarraingeofar air, de réir mar is gá, nuair a thabharfar an t-údarú cuí. Ceannaítear Nóta faoi Ráthaíocht le Ciste PRMR i gcomhair na suimeanna a chruinnítear thar a gceann.

Bhunaigh Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae Painéal Breithniúcháin chun ciste PRMR a fheidhmiú agus chun iarratais ar chúnamh ó údarais áitiúla faoin Scéim a mheasúnú. Tá Bainisteoir Contae, na Ceannasaithe Airgeadais agus Bainisteoir Feidhmiúcháin ar na Seirbhísí Bainistíochta Tithíochta ar an bPainéal seo. Déanfaidh údarais áitiúla iarratais ar chúnamh ó Chiste Préimhe PRMR ar bhonn leanúnach. Cuirfear cinntí chun iarratais a cheadú/cuid díobh a cheadú in iúl don Ghníomhaireacht, a dhéanfaidh socrúithe ansin go n-íofar an tsuim cheadaithe ó Chiste PRMR leis an údarás a rinne an t-iarratas, de réir teoracha a gheobhaidh siad ón bPainéal.

Ba cheart béim a leagan air nach mbeidh de ról ag an nGníomhaireacht i gCiste PRMR ach an Préimh PRMR a bhailiú, thar ceann na n-údarás áitiúil, agus na cistí sin a íoc faoi mar a iarrann an Painéal Breithniúcháin, de réir na dtéoracha a luadh thuas.

Réiteach Chiste PRMR

	€ '000
Fáltais chuig Ciste PRMR	10,254
Íocaíochtaí amach as an gCiste PRMR	(9,133)
Ús tuillte	11
Iarmhéid ag 31 Noll 2014	1,132

Deireadh á chur leis an Scéim Chomhiomlánaithe Talún

Tháinig an scéim seo de chuid na Roinne Comhshaoil i bhfeidhm in 2010 den chéad uair agus é de chuspóir leis an scéim go ndéanfaí laghdú, de réir a chéile, i gcaitheamh tréimhse thart faoi 10 mbliana, ar iarmhéid na n-iasachtaí a bheidh amuigh le haghaidh talún ar leabhair na n-údarás áitiúil.

Tugadh socrúithe nua d'údarais áitiúla i mí Mheitheamh 2012 inar athraíodh téarmaí na scéime sa chaoi go gcaithfí iasachtaí talún, nach raibh ach an t-ús le híoc orthu, a mbeadh tagtha in aibíocht nó a dtiocfaidh in aibíocht in 2012 agus ina dhiaidh sin, a íoc ar ais nó a athrú go mbeidh siad ina mbliana chaighdeánach lena ngabhaidh téarma chomh fada le 25 bliana, agus an Roinn ag forchúiteamh chostas iomlán na n-íocaíochtaí caipitil agus blianachta úis.

I gcomhthéacs an bhrú leanúnaigh ar acmhainní an Státchiste, chuir an Roinn athbhreithniú eile ar fheidhmiú na Scéime seo i gcrích, i gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, in 2013. Leis an athbhreithniú, thángthas ar an gconclúid go gcuirfí deireadh leis an Scéim Chomhiomlánaithe Talún. Leanfaidh an Roinn Comhshaoil ar aghaidh le bheith ag cur maoiniúcháin ar fáil le híocaíochtaí iasachtaí blianachta a fhorchúiteamh le húdarais áitiúla i leith talún a ceadáíodh a bheith ina páirt den Scéim cheana féin. Spreagadh údarais áitiúla, nár glacadh iasachtaí dá gcuid isteach sa scéim cheana féin, le dul i dteagmháil leis an nGníomhaireacht le socrúithe a dhéanamh de réir mar ba ghá. (Féach ar iasachtaí a ndearnadh idirbheartaíocht ina leith thíos).

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Leanfaidh an GAT ar aghaidh le bheith ag déileáil leis an Roinn Comhshaoil agus le hearnáil an rialtais áitiúil i ndáil le leabhar iasachtaí na n-údarás áitiúil a bhainistiú i gcoitinne. Tá an GAT tar éis téarmaí iasachtaí, a bhfuil ath-idirbheartaíocht déanta le hÚdarás Áitiúla i leith a dtéarmaí agus lena mbaineann tréimhse 'ús amháin' chomh fada le cúig bliana, a thairiscint i leith na n-iasachtaí sin, agus fillfidh na hiasachtaí le bheith ina ngnáthbhlianachtaí ina dhiaidh. Cuirfidh seo ar chumas na nÚdarás Áitiúil atá i gceist malairt úsáide a lorg do na tailte.

Iasachtaí Ath-idirbheartaithe

Is ionann iasachtaí faoi théarmaí ath-idirbheartaithe agus iasachtaí a ndearnadh athstruchtúru ina leith mar gheall ar chúinsí buiséid agus i gcás go bhfuil lamháltais déanta ag an GAT nach mbeadh san áireamh murach sin.

Féachann an GAT le bheith ag obair leis na húdarás áitiúla le struchtúir chuí iasachtaí a fhorbairt dóibh gur fearr a bheidh siad ag teacht le cúinsí airgeadais na n-údarás féin. Maidir leis seo, féadfaidh an GAT téarmaí sínte a sholáthar le haghaidh iasachtaí, tréimhsí saor ó ús nó ath-idirbheartaíocht eile a thairiscint de réir mar is cuí.

I rith 2014, rinne an GAT ath-idirbheartaíocht i leith luach €238.95 milliún (2013: €108.03) d'iasachtaí nár bhain le tithíocht agus €0milliún (2013: €28.60) i leith iasachtaí a bhain le tithíocht. Tharla an ath-idirbheartaíocht seo i gcomhthéacs €4.2 billiún d'iasachtaí a tugadh ar airleacain d'údarás áitiúla faoi mar a bhí 31 Nollaig 2014 agus mar sin, is ionann é agus gníomhaíocht ath-idirbheartaíochta circa. 4.8% in 2014 (2013: 3.8%).

Tugadh iasachtaí lena bhain ús amháin is nach d'fhág gur tharla lagú nó dí-aithint ar shócmhainní bunaidh na n-iasachtaí, d'iasachtaí a ndearnadh idirbheartaíocht ina leith agus a bhain le tithíocht, agus nár bhain le tithíocht, toisc nach modhnú suntasach ar na téarmaí a bhí ann. Scoireann an GAT de bheith ag meas go bhfuil ath-idirbheartaíocht déanta i leith na n-iasachtaí seo nuair a bheidh 1 bhliain amháin d'aisíocaíochtaí sceidealaithe suas chun dáta, dulta in éag tar éis na hath-idirbheartaíochta. Maidir leis seo, measann an GAT go ndearnadh ath-idirbheartaíocht i leith luach €202.4 milliún d'iasachtaí (2013: €164.52 milliún) mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2014 agus gur aithníodh €1.60 milliún (2013: €1.60 milliún) d'ioncam úis ar na sócmhainní sin.

31 Nollaig 2014	Líon na n-iasachtaí	Luach Iompair €'000
Líon na n-iasachtaí a ndearnadh ath-idirbheartaíocht ina leith – staid tosaigh	190	164,516
Ath-idirbheartaíocht ina leith i rith na bliana	106	238,950
Aisíoctha i rith na bliana	-	-
Lúide iasachtaí nach meastar ath-idirbheartaíocht a bheith déanta ina leith a thuilleadh	(193)	(201,069)
Líon na n-iasachtaí a ndearnadh ath-idirbheartaíocht ina leith – staid deiridh	103	202,397

31 Nollaig 2013	Líon na n-iasachtaí	Luach Iompair €'000
Líon na n-iasachtaí a ndearnadh ath-idirbheartaíocht ina leith – staid tosaigh	39	33,375
Ath-idirbheartaíocht ina leith i rith na bliana	162	136,639
Aisíoctha i rith na bliana	-	(109)
Lúide iasachtaí nach meastar ath-idirbheartaíocht a bheith déanta ina leith a thuilleadh	(11)	(5,389)
Líon na n-iasachtaí a ndearnadh ath-idirbheartaíocht ina leith – staid deiridh	190	164,516

Tráth 31 Nollaig 2014, aistríodh €117.53 milliún (2013: €59.55 milliún) d'iasachtaí le haghaidh éadail talún, tráth a dtagtha in aibíocht, le bheith ina n-iasachtaí blianachta a bheadh le híoc ar ais thar tréimhse suas le 30 bliain. Is ionann an t-ús a fabhraíodh ar iasachtaí a athraíodh ar theacht in aibíocht dóibh ag 31 Nollaig 2014 agus €1.18 milliún (2013: €0.62 milliún).

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Comhchruinniúcháin

Is le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí tithíochta ceadaithe, a mbíonn uile faoi cheadú ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a bhaineann gach iasacht agus suim airgid ar airleacan.

Gné eile den riosca creidmheasa maidir leis an nGníomhaireacht oiread agus atá an GAT nochtaithe d'institiúidí (Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta go príomha), a bhfuil infheistíochtaí gearrthéarmacha aici léi. Déanann an Bord beartas maidir leis an nochtacht i gcás infheistíochta agus frithpháirtithe a aontú go tráthrialta. Ní thagann infheistíocht i gceist faoi láthair ach amháin i gcomhthéacs na bainistíochta ó lá go lá ar chúrsaí leachtachta. Ag 31 Nollaig 2014 ní raibh aon infheistíochtaí ag an GAT (2013: €74 milliún) i Nótaí Státhchiste leis an GBCN.

Is é Banc Aontais Éireann cpt an fhrithpháirtí maidir le hairgead tirim faoi láthair, agus suim de €17.677 milliún ina seilbh an 31 Nollaig 2014 (2013: €0.352 milliún). Ar an 31 Nollaig 2014, ba é BB (2013: BB) an rátáil do Bhanc Aontais Éireann ag Standard and Poor's.

(b) Riosca Leachtachta

Is ionann riosca leachtachta agus an riosca go mbeadh deacracht ag an GAT maidir le hoibleagáidí óna dliteanais airgeadais a shásamh. Rinne an GAT athairgeadú ar €2,872 billiún dá chuid nótaí faoi ráthaíocht ar ráta seasta gearrthéarmach a bhí i seilbh Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN). Cuireadh nótaí faoi ráthaíocht lenar bhain ráta comhlúthach níos faide, agus atá i seilbh GBCN freisin, in ionad na nótaí úd. Baineann aibíochtaí leis na nótaí ar ráta comhlúthach atá tránsithe ar eatraimh sé mí ó Iúil 2015 go dtí Eanáir 2021. Déantar na rátaí úis a athshocrú ar bhonn ráithiúil, ar chorrach thar ráta trí mhí Euribor®. Tá na NR faoi ráthaíocht Aire Airgeadais na hÉireann. I gcodarsnacht leis seo, bíonn meántearma iasachta bunaidh 24 bliain ag iasachtaí agus infháltais (2013: 24 bliain). Is ionann seo ag mímhéaitseáil shuntasach sa phunann aibíochta, ach i bhfianaise na ndearbhuithe a fuarthas ón GBCN maidir le leanúnachas agus oiread na cistíochta ar ráta comhlúthach, is é tuairim an Bhoird go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil chun freastal d'aon riosca leachtachta a eascródh as seo go ceann an chéad 12 mí eile. Tá NR ag an GAT le húdaráis áitiúla freisin agus líon beag acu leis an gCiste Comhshaoil (féach Nóta 13).

Agus riosca leachtachta á bhainistiú, coinníonn bainisteoireacht na GAT cruinnithe rialta leis an GBCN, leis na Bainc, CTCanna agus le rannpháirtithe eile sa mhargadh chun an t-éileamh a bheidh ar iasachtaí amach anseo a mheasúnú, chomh maith le riachtanais mhaoiniúcháin; le rochtain ar fhoinsí maoiniúcháin a chomhaontú; le foinsí agus struchtúir mhalartacha mhaoiniúcháin a lorg; idirbheartaíocht a dhéanamh i leith téarmaí agus coinníollacha agus na tiomantais riachtanacha a fháil maidir le maoiniú. Maidir leis seo, tá an GBCN tar éis a dhearbhuí go bhfuil riachtanais mhaoiniúcháin na GAT i gcomhair 2015 curtha san áireamh mar chuid den phróiseas pleanála foriomlán le haghaidh maoiniúcháin Stáit.

Leagtar amach sa tábla seo a leanas anailís aibíochta ar dhliteanais airgeadais ar bhonn neamhslasaine de réir aibíochta an chonartha atá fanta ag deireadh na bliana:

	Suim Anonn	Ollsreabhadh ainmniúil isteach (amach)	Níos lú ná 1 mí amháin	1–3 Mhí	3 Mhí go 1 bhliain amháin	1–5 bliana	Níos mó ná 5 bliana
31 Noll 2014	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Dlíteanais neamhdhíorthaigh							
Áis Nótaí faoi Ráthaíocht	(3,796,094)	(3,800,844)	(621,611)	(131,561)	(271,825)	(2,018,798)	(757,049)
Iasacht inathraitheach 20 bliain	(110,394)	(116,558)	-	(64)	(6,346)	(35,074)	(75,074)
Bannaí innéacsnaascha	(201,506)	(206,121)	-	-	(206,121)	-	-
Stoc ar Ráta Seasta 8.75%	(94,081)	(129,610)	-	(4,166)	(4,166)	(121,278)	-
	(4,202,075)	(4,253,133)	(621,611)	(135,791)	(488,458)	(2,175,150)	(832,123)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

	Suim Anonn	Ollsreabhadh ainmniúil isteach (amach)	Níos lú ná 1 mí amháin	1–3 Mhí	3 Mhí go 1 bhliain amháin	1–5 bliana	Níos mó ná 5 bliana
31 Noll 2013	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Dliteanais neamhdhíorthaigh							
Áis nótaí faoi ráthaíocht	(3,998,378)	(4,009,667)	(2,321,601)	(1,688,066)	-	-	-
Iasacht inathraitheach 20 bliain	(118,673)	(127,234)	-	(86)	(9,113)	(34,904)	(83,131)
Bannaí innéacsnaastha	(200,378)	(218,750)	-	-	(7,942)	(210,808)	-
Stoc ar Ráta Seasta 8.75%	(93,720)	(129,610)	-	(4,166)	(4,166)	(121,278)	-
	(4,411,149)	(4,485,261)	(2,321,601)	(1,692,318)	(21,221)	(366,990)	(83,131)

Bainistíocht an riosca leachtachta

Is é beartas na GAT i ndáil leis an riosca leachtachta a chinntiú, trí athbhreithniú go tráthrialta ar an riachtanas maidir le sreabhadh airgid, gur féidir léi a cuid dualgaísaí maoinithe a shásamh go ceann tréimhse cuí amach roimpi.

Ceadaíonn an Bord leasú síor-rialta ar an bPlean Corparáide cúig bliana sa chéad leath de gach bliain. Cuirtear i gcuntas lena linn sin ríomh inmheánach na GAT féin i ndáil le hacmainní, meastacháin faoi iasachtaí ar airleacan, iasachtaí a bheidh ag aibiú i rith na bliana agus roghanna ó thaobh maoinithe.

Cuirtear athbhreithniú rialta maidir le riocht airgeadais na GAT i láthair an Bhoird chomh maith le cuntais bhainistíochta míosúla.

Déanann an Bord athbhreithniú go rialta ar an gclár fiachais reatha, lena n-áirítear tuairisc gach ráithe ar chistí comhoiriúnacha, ar shuimeanna a fuarthas ar iasacht agus suimeanna ar airleacan de réir chineál na n-iasachtaí agus an tráth aibíochta, chomh maith le mionchuntas ar chaipiteal, struchtúr rátaí úis, comhdhéanamh an airgeadra, costais iasachta, agus próifíl aibíochta.

Déanann an GAT maoiniú ar a cuid oibriúcháin trí mheascán d'eisiúintí bannaí, páipéar Eurothrachtála agus Nótaí faoi Ráthaíocht, rótharraingtí bainc agus brabús coinnithe. Le hAlt 17 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002 agus alt 19 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2002, tugtar de chumhacht don GAT iarraidh ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) tabhairt faoi obair, maidir le hiasachtaí a fháil agus fiachas a bhainistiú, thar ceann na GAT. Gníomhaíonn an GAT i ndlúthchomhairle leis, agus ar chomhairle an GBCN maidir lena cláir pháipéar eurothrachtála [PE] agus NR. Bhí €3.14bn de GNannna ceannaithe ag an GBCN mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2014 (2013: €3.70bn).

Ag 31 Nollaig 2013 níor soláthraíodh aon chuid de mhaoiniúchán na Gn GAT íomhaireachta faoin gclár PE (2013: €0 milliún). Níor tarraingíodh aon mhaoiniúchán PE síos le linn na bliana. Mar gheall ar na dearbhuithe atá an GBCN tar éis a thabhairt áfach maidir le leanúnachas agus oiread na cistíochta ar ráta comhlúthach, is é tuairim an Bhoird go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil chun freastal d'aon riosca leachtachta a eascródh as seo go ceann an chéad 12 mí eile. Tá NR ag an GAT le húdarais áitiúla freisin agus líon beag acu leis an gCiste Comhshaoil (féach Nóta 13).

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Agus riosca leachtachta á bhainistiú, coinníonn bainisteoireacht na GAT cruinnithe rialta leis an GBCN, leis na Bainc, CTCanna agus le rannpháirtithe eile sa mhargadh chun an t-éileamh a bheidh ar iasachtaí amach anseo a mheasúnú, chomh maith le riachtanais mhaoiniúcháin; le rochtain ar fhoinsí maoiniúcháin a chomhaontú; le foinsí agus struchtúir mhalartacha mhaoiniúcháin a lorg; idirbheartaíocht a dhéanamh i leith téarmaí agus coinníollacha agus na tiomantais riachtanacha a fháil maidir le maoiniú. Bhí tionchar suntasach ag rátlácha creidmheasa an stáit roimhe seo, agus dá réir sin rátaí creidmheasa na GAT, agus ag tarraingt siar na hÉireann ó na margaí maoinithe, ar an teacht a bhí ag an GAT ar mhaoiniú trína clár PE. I mí Eanáir 2014, rinne Moody's Investors Service uasghrádú ar an rátaíl fiachais ghearrthéarmach a bhain le clár páipéir thráchtála €6 billiún na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta cpt go P-2. Léiríonn an gníomh rátála seo uasghrádú Moody a rinneadh an 17 Eanáir 2014 ar Phoblacht na hÉireann, ráthóir an chlár PE, go Baa3/P-3 le dearcadh dearfach.

Bíonn áiseanna rótharraingte na GAT (€50 milliún ar fáil ar 31 Nollaig 2014) faoi réir ag athbhreithniú bliantúil ag baincírí na GAT. Tá roinnt iasachtaí meántearma ar ráta seasta eisithe ag an GAT roimhe seo d'údaráis áitiúla ar mhaithe le tithíocht agus cúrsaí a bhaineann le tithíocht agus rinne an GAT maoiniú i ndáil leis na hiasachtaí sin le Nótaí Meántearma ar ráta seasta comhoiriúnach. Mar gheall air sin, tá comhoiriúnú iomlán déanta ar na hiasachtaí ó thaobh téarma agus ráta úis agus níl aon riosca leachtachta i gceist leo. Faigheann an GAT iasachtaí ar rátaí comhlúthacha den chuid is mó.

Ba é 1.26% é arna thabhairt de réir na bliana i gcomparáid le 1.25% sa bhliain 2013 a bhí i gceist le meánchostas fhiachas na GAT sa bhliain 2014, mar gheall ar mhéadú ar rátaí EURIBOR le linn a' chiad leath de 2014 a dithíodh le laghdú ar rátaí sa dara leath de 2014.

(c) Rioscaí margaidh

Is ionann riosca margaidh agus an baol go rachadh athrú ar phraghsanna an mhargaidh, mar shampla rátaí úis agus rátaí malairte eachtraí, i bhfeidhm ar ioncam na GAT nó ar luach na n-ionstraimí airgeadais atá ina seilbh. Is é cuspóir na bainistíochta rioscaí margaidh go laghdófar oiread agus is féidir nó go bhfaighfear réidh go hiomlán le nochtacht do rioscaí an mhargaidh.

Bainistíocht rioscaí margaidh

Dealaíonn an GAT rioscaí margaidh a dheighilt ina rioscaí a bhaineann le hathrú ar rátaí athraitheacha úis, i rátaí malairte eachtraí agus i mboilsciú. Déantar bainistíocht ar nochtadh do riosca maidir le rátaí úis trí neamhréir idir a bhfuil faighte ar iasacht agus a bhfuil tugtha ar airleacan ag an GAT faoi scáth gach clár faoi leith - ráta innéacsnaesthesia, ráta seasta agus ráta comhlúthach, a chúngú oiread agus is féidir sin. Cuirtear na neamhchinnteachtaí seo a leanas san áireamh agus an beartas á shocrú i leith:

- cásanna in ar féidir le iasachtaí iasacht a fhuascailt gan phíonós;
- cásanna ina bhféadfadh nach mbeadh glacadh i gcónaí ag margaí speisialaithe (e.g. innéacsnaesthesia) le heisiúintí agus le fuascailtí; agus
- cásanna ina bhfuil gnó na GAT faoi réir athruithe i mbeartas rialtais.

Is é cur chuige ginearálta na GAT i ndáil le bainistiú nochtadh riosca ó thaobh rátaí úis ná corrlaigh a shaothrú chun cur leis an mbrabúsacht agus beart a dhéanamh chomh maith trí rátaí úis a shocrú lena gcosnaítear an GAT ar rioscaí iarmhairte, de réir mar a fheictear sin, trí thagairt a dhéanamh do chásanna agus do thoisíocht éagsúla. Déanann an Bord measúnú ar an gcás go rialta agus socraíonn leibhéal na gcúlchistí atá de dhíth uair sa bhliain.

Déantar anailís ar na holldlíteanais airgeadais thíos:

	31 Nollaig 2014 €'000	31 Nollaig 2013 €'000
Ráta seasta	30,236	50,392
Ráta Comhlúthach:		
Euribor®	4,169,634	4,339,706
Innéacsnaesthesia	117,651	128,071
	4,317,521	4,518,169

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Thug an GAT airleacain nua ar ráta seasta agus ráta comhlúthach i rith na bliana airgeadais. Ráta seasta €0.10 milliún: ráta comhlúthach €152.47 milliún. (2013: Ráta seasta €0.45 milliún: Ráta comhlúthach €138.24 milliún). Rangaítear airleacain innéacsasctha na GAT mar shócmhainní ar ráta comhlúthach. Próifíl riosca maidir le ráta úis ar shócmhainní airgeadais mar a bhí ag:

	31 Nollaig 2014	31 Nollaig 2013
Meánráta úis seasta ualaithe	6.08%	5.02%
Meánráta úis comhlúthach ualaithe	1.85%	1.95%
Meántréimhse ualaithe a bhaineann le sócmhainní ar ráta úis seasta	11.3 bliana	13.5 bliana

Is iasachtaí ar feadh 30 bliain a eisíodh sa bhliain 1986 cuid mhór de na hiasachtaí ar ráta seasta ón GAT. Is ar feadh tréimhsí i bhfad níos giorra ná sin, téarmaí iasachta idir cúig agus deich mbliana ar an meán, a shocraítear iasachtaí nua a tugadh ar airleacan ón 27 Bealtaine 1986 ar aghaidh. Iasachtaí d'údaráis áitiúla ar feadh tréimhsí idir aon bhliain amháin agus caoga bliain atá i gceist leis na hiasachtaí ar ráta comhlúthach. Bunaithe ar iarmhéideanna iasachta bunaidh ar airleacan, is téarma 24.5 bliain (2013: 23.7 bliain) an meán téarma bunaidh ualaithe le haghaidh iasachta bunaidh.

Áirítear ar dhilteanais ar ráta comhlúthach NR na GAT, agus fiachas Bhanc Infheistíochta na hEorpa agus Comhairle Bhanc Forbartha na hEorpa. Fiachas gearrthéarma arna phraghsáil de réir innéacs athraitheigh (EURIBOR®) atá san fhiachas sin. Déantar iasachtaithe innéacsasctha, a phraghastar lasmuigh de Phraghas Innéacs Tomhaltóirí, a rangú ar dhilteannais ar ráta comhlúthach freisin. Is é tuairim na Stiúrthóirí go ndéantar an fiachas a rangú go cuí mar fhiachas ar ráta comhlúthach.

Déantar anailís ar phríomhshuimeanna na ndilteanas airgeadais thíos:

	31 Nollaig 2014	31 Nollaig 2013
	€'000	€'000
Ráta seasta	94,081	93,720
Ráta Comhlúthach:		
Euribor®	3,906,488	4,117,051
Innéacsasctha	201,506	200,378
	4,202,075	4,411,149

Próifíl riosca ráta úis na ndilteanas airgeadais mar a bhí aig deireadh na bliana dar dáta:

	31 Nollaig 2014	31 Nollaig 2013
Meánráta úis seasta ualaithe	8.86%	8.89%
Meántréimhse ualaithe a bhaineann le sócmhainní ar ráta úis seasta (blianta)	3.1 bliana	4.1 bliana
Meánráta úis comhlúthach ualaithe	1.02%	1.25%
Meántréimhse ualaithe dá bhfuil dliteanais ar ráta úis athraitheach socraithe (laethanta)	51 laethanta	80 laethanta

Cuimsíonn na dliteanais airgeadais ar ráta comhlúthach iasachtaí bainc agus Nótaí faoi Ráthaíocht lena ngabhann ús ar rátaí a shocraítear roimh ré ar feadh tréimhsí idir trí mhí agus sé mhí trína gcur i gcomórtas le EURIBOR® trí mhí agus sé mhí agus dliteanais innéacsasctha lena ngabhann ús ar rátaí a ríomhtar i gcomórtas leis an Innéacs Praghsanna Tomhaltais in Éirinn.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Léiríonn an tábla seo a leanas aibíocht chonarthaí agus athphraghsáil sócmhainní airgeadais ag dáta deireadh na bliana:

	Aibíocht 31 Nollaig 2014 €'000	Athphraghsáil 31 Nollaig 2014 €'000
Aibíocht agus ráta úis sócmhainní airgeadais		
Suimeanna dlite i mí amháin nó níos lú	394,395	4,187,880
Suimeanna dlite idir aon mhí agus trí mhí	-	102,648
Suimeanna dlite idir trí mhí agus dhá mhí déag	306,056	2,122
Suimeanna dlite idir bliain amháin agus dhá bhliain	27,232	286
Suimeanna dlite idir dhá bhliain agus trí bliana	21,698	6,615
Suimeanna dlite idir trí bliana agus ceithre bliana	22,963	1,901
Suimeanna dlite idir ceithre bliana agus cúig bliana	24,661	789
Suimeanna dlite tar éis níos mó ná cúig bliana	3,520,516	15,281
	4,317,521	4,317,522

	Aibíocht 31 Nollaig 2013 €'000	Athphraghsáil 31 Nollaig 2013 €'000
Aibíocht agus ráta úis sócmhainní airgeadais		
Suimeanna dlite i mí amháin nó níos lú	519,783	4,363,948
Suimeanna dlite idir mí amháin agus trí mhí	1,744	107,789
Suimeanna dlite idir trí mhí agus dhá mhí déag	306,670	3,047
Suimeanna dlite idir bliain amháin agus dhá bhliain	73,726	29
Suimeanna dlite idir dhá bhliain agus trí bliana	31,909	418
Suimeanna dlite idir trí bliana agus ceithre bliana	30,074	9,231
Suimeanna dlite idir ceithre bliana agus cúig bliana	24,126	2,512
Suimeanna dlite tar éis níos mó ná cúig bliana	3,530,137	31,195
	4,518,169	4,518,169

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Léiríonn an tábla seo a leanas aibíocht agus athphraghsáil phríomhshuimeanna na ndliteanas airgeadais ag dáta deireadh na bliana:

	Aibíocht	Athphraghsáil
	€'000	€'000
Aibíocht, bearta leachtachta agus ráta úis dliteanas airgeadais mar a bhí an 31 Nollaig 2014		
In aibíocht i mí amháin nó níos lú	621,308	3,540,677
In aibíocht idir mí amháin agus trí mhí	131,485	168,985
In aibíocht idir trí mhí agus dhá mhí déag	472,806	398,332
In aibíocht i níos mó ná 1 bhliain agus níos lú ná 2 bhliain	504,719	-
In aibíocht i níos mó ná 2 bhliain agus níos lú ná 3 bliana	506,959	-
In aibíocht i níos mó ná 3 bliana agus níos lú ná 4 bliana	599,081	94,081
In aibíocht i níos mó ná 4 bliana agus níos lú ná 5 bliana	504,000	-
In aibíocht i níos mó ná 5 bliana	861,717	-
	4,202,075	4,202,075

	Aibíocht	Athphraghsáil
	€'000	€'000
Aibíocht, bearta leachtachta agus ráta úis dliteanas airgeadais mar a bhí an 31 Nollaig 2013		
In aibíocht i mí amháin nó níos lú	2,322,326	2,322,326
In aibíocht idir mí amháin agus trí mhí	1,676,053	1,676,053
In aibíocht idir trí mhí agus dhá mhí déag	-	-
In aibíocht i níos mó ná bliain amháin agus níos lú ná 2 bhliain	200,377	200,377
In aibíocht i níos mó ná dhá bhliain agus níos lú ná 3 bliana	1,078	1,078
In aibíocht i níos mó ná trí bliana agus níos lú ná 4 bliana	3,945	3,945
In aibíocht i níos mó ná 4 bliana agus níos lú ná 5 bliana	94,970	94,970
In aibíocht i níos mó ná 5 bliana	112,400	112,400
	4,411,149	4,411,149

Áiseanna tiomanta neamhtharraingte

Bhí luach €39.60 milliún (2013: €31.33 milliún) d'áiseanna tiomanta neamhtharraingte ag an GAT mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2014, is iad seo na suimeanna seo atá fós le tarraingt ar áiseanna tiomanta ceadaithe.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscáir airgeadais (ar lean)

Íogaireacht i leith riosca ráta úis

Bheadh tionchar ag anailís ar íogaireacht na GAT i leith ardú nó laghdú i rátaí úis margaidh (ag glacadh leis go mbíonn seasamh cláir chomhordaithe seasta ann) ar ghnóthachain / (caillteanais) don bhliain airgeadais mar seo a leanas:

	100 bp d'ardú comhthreormhar	100 bp de laghdú comhthreormhar	50 bp d'ardú comhthreormhar	50 bp de laghdú comhthreormhar
	€'000 Gnóthachan	€'000 (Caillteanas)	€'000 Gnóthachan	€'000 (Caillteanas)
Ag 31 Nollaig 2014	12,215	(16,061)	6,107	(6,870)
Ag 31 Nollaig 2013	11,780	(12,023)	5,890	(5,932)

Rinneadh na figiúirí thuas a ríomh trí mhaoiniú PE ar ráta athraitheach ar na dátaí thuas leis na hiarmhéideanna gan íoc ar iasachtaí ar airleacan ar ráta athraitheach a fhritháireamh. Glactar le meánfhigiúr lárpheint don bhliain de réir an fhéilire, ó thaobh méaduithe ar rátaí úis thuas. Ní bhíonn suimeanna ar airleacan ar ráta seasta ná maoiniú ar ráta seasta íogair maidir le hathruithe i rátaí úis an mhargaidh agus, dá bhrí sin, ní chuirtear san áireamh san anailís seo iad.

Nochtadh do riosca maidir le ráta boilscithe

Eascaíonn riosca a bhaineann le boilsciú mar gheall ar neamhréir idir suimeanna iasachta agus airleacain innéacsasctha, a bhaineann go dlúth leis na conarthaí is ábhar don dá thaobh de leabhar na GAT. Déanann an GAT bainistíocht i leith an riosca sin, nuair nach bhfuil ionstraimí fálaite ar fáil go réidh, trí phunainn na suimeanna a fuarthas ar iasacht agus na suimeanna a tugadh ar iasacht a chur i gcomhréir lena chéile a oiread is féidir agus corrlaigh a shocrú sa bhreis ar an gcostas agus sin á cheadú ag an mBord. Is é beartas na GAT a chinntiú go gcuirtear cúlchistí leordhóthanacha de leataobh chun soláthar do na rioscáir ionchais aitheanta sa tréimhse lena mbaineann nochtadh dá leithéid.

Amhail an 31 Nollaig 2014, ba é €90.34 milliún (2013: €76.80 milliún) an neamhréir boilscithe - is ionann an mhímheaitseáil seo agus luach na mbannaí mar a bhí an 31 Nollaig 2014 lúide airleacain d'iasachtaí innéacsasctha a bhí amuigh ag deireadh na bliana. I ndáil le neamhréir boilscithe agus athraitheacht maidir le corrlaigh, socraíonn an Bord figiúr cúlchiste don bhliain reatha, arna bhunú ar threochtaí san am roimhe sin. Maidir le réimsí eile (e.g. an costas ionchais a d'fhéadfadh baint le neamhréir idir sócmhainní ar ráta fadtéarmach seasta (airleacan le húdarais áitiúla) agus dliteanais (bannaí)), cuireann an Bord cúlchistí i leataobh arna mbunú ar luach glan reatha na gcaillteanas ionchais de réir rátaí lascaire reatha an mhargaidh.

Bhí luach cóir na sócmhainní innéacsasctha níos airde ná an luach iompair mar gheall go ngearrtar an ráta ioncaim ar na hiasachtaí innéacsasctha ar chorrach infheidhme ar ráta seasta móide boilsciú. Téann sin i bhfeidhm freisin ar an ráta lascaire a úsáidtear chun an luach cóir a ríomh, arb é atá i gceist leis an meánráta ioncaim a ghearrtar i leith na bliana lúide an ráta EURIBOR® ag deireadh na bliana.

Seo mar a leanas an anailís ar íogaireacht na GAT maidir le hardú nó íslíú ar na rátaí boilscithe a chuirtear san áireamh leis an innéacs praghasanna tomhaltais (ar an tuiscint go leanann staid an chláir chomhordaithe mar atá):

	100 bp d'ardú comhthreor-mhar	100 bp de laghdú comhthreor-mhar	50 bp d'ardú comhthreor-mhar	50 bp de laghdú comhthreor-mhar
	€'000 (Caillteanas)	€'000 Gnóthachan	€'000 (Caillteanas)	€'000 Gnóthachan
At 31 Nollaig 2014	(441)	441	(221)	221
At 31 Nollaig 2013	(384)	384	(192)	192

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Luach Cóir

Leagtar amach sna táblaí seo a leanas luach cóir na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadais mar a bhí an 31 Nollaig 2014 agus an 31 Nollaig 2013:

	Luach Anonn €'000	Luach Cóir €'000
31 Noll 2014		
Sócmhainní airgeadais		
<i>Iasachtaí agus Infháiltais</i>		
Ráta seasta	30,236	39,031
Ráta comhlúthach	4,169,634	4,196,149
Innéacsnaasctha	117,651	134,896
	4,317,521	4,370,076
Dliteanais airgeadais		
Ráta seasta	94,081	120,436
Ráta comhlúthach	3,906,488	3,906,488
Innéacsnaasctha	201,506	206,121
	4,202,075	4,233,045

Táthar den tuairim gur meastachán réasúnta ar an luach cóir an tsuim ghlánluacha a luaitear le gach sócmhainn nó dliteanas eile nach ar a luach cóir atá sé á iompar. Cuirtear faisnéis le haghaidh iasachtaí i láthair thíos:

	Luach Anonn €'000	Luach Cóir €'000
31 Noll 2013		
Sócmhainní airgeadais		
<i>Iasachtaí agus Infháiltais:</i>		
Ráta seasta	50,392	48,169
Ráta comhlúthach	4,339,706	3,623,319
Innéacsnaasctha	128,071	120,600
	4,518,169	3,792,088
Dliteanais airgeadais		
Ráta seasta	93,720	110,184
Ráta comhlúthach	4,117,051	4,117,050
Innéacsnaasctha	200,378	192,739
	4,411,149	4,419,973

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

18. Bainistíocht rioscaí airgeadais (ar lean)

Feidhmíonn an GAT i margadh sách speisialta lena bhfreastalaítear ar riachtanas le maoiniú d'údarais áitiúla agus don tithíocht shóisialta. Is deacair mar sin faisnéis mhargaidh a fháil ar a ríomhaí luach cothrom dá sócmhainní agus dliteanas innéacsasctha agus ar ráta seasta. Táthar tar éis luachanna cothroma sócmhainní agus dliteanas airgeadais ar ráta seasta a lascainiú agus úsáid á baint as torthaí bhannaí ábhartha de chuid Rialtas na hÉireann de réir mar a bhí ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Tá seo bunaithe ar a nochtaithe is atá an GAT do rioscaí ceannasacha faoi mar a phléitear sa chuid den nóta seo a bhaineann le rioscaí ó thaobh leachtachta. Faoi mar a bhí amhlaidh sa bhliain roimhe, taispeántar sócmhainní agus dliteanas ar ráta comhlúthaigh ar an luach par atá dlite dóibh toisc gur téarma gearrthéarmach a n-aibíochtaí.

Is ionann luach cóir shócmhainní na GAT arna ríomh agus €4.37 billiún (2013: €3.80 billiún) agus tá luach cothrom a cuid dliteanas measta ag €4.23bn (2013:€4.42 billiún). D'fhéadfadh suim difriúil go maith teacht chun cinn dá mbeadh duine le húsáid a bhaint as toimhdí malartacha le luach cothrom a ríomh.

Agus sin á roghnú mar mhodheolaíocht, shocraigh na Stiúrthóirí gan leas a bhaint as an bpraghas a luaitear ar an margadh leis na bannaí innéacsasctha, atá le teacht in aibíocht in 2015, toisc gur beag stocshealbhóir a choinníonn iad agus gur annamh a dhéantar a dtrádáil. Measadh gur thug an luach, trí thagairt do rátaí inathraitheacha, léargas níos cruinne ar an scéal agus gur fhág sin go rabhthas in ann idir shócmhainní agus dhliteanas a mheasúnú ar bhonn cosúil le chéile, mar gheall go mbeidh an banna ag teacht in aibíocht i mí Aibreáin 2015, ní dócha go mbeidh a luach cothrom an-difriúil.

19. Réiteach an chaiteachais le glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin agus trádála

	31 Nollaig 2014	31 Nollaig 2013
	€'000	€'000
<i>Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</i>		
Brabús don tréimhse	13,871	19,760
Amúchadh an lascaine préimhe ar dhliteanas	1,487	2,350
Dímheas	27	23
Gnóthachan ar Shocraíocht/ Chiorrúchán	(574)	-
Costais achtúireachta maidir le pinsin	(65)	-
Muirir mar gheall ar Lagú	250	299
Glansuim airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	14,996	22,432
<i>Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí trádála</i>		
Glan laghdú ar iasachtaí agus ar airleacain d'údarais áitiúla agus do chomhlachtaí tithíochta ceadaithe (gan soláthair do MPI san áireamh)	143,941	110,712
Glan laghdú ar fhéichiúnaithe agus ar réamhíocaíochtaí eile	32	186
Glan (laghdú) / méadú ar chreidiúnaithe eile	(194)	142
Glansuim airgid ó ghníomhaíochtaí trádála	143,779	111,040
Glan-insreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin agus trádála	158,775	133,472

20. Anailís ar shreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta

	31 Nollaig 2014	31 Nollaig 2013
	€'000	€'000
<i>Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</i>		
Ríomhairí agus trealamh a fháil	(81)	(33)
Fáltais ó dhíolachán ríomhairí agus trealamh	0	0
Glansuim airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta	(81)	(33)

21. Gluaiseacht in airgead tirim, acmhainní leachtacha agus airgeadú

	At 31 Nollaig 2013	Sreabhadh Airgid	Gluaiseachtaí Neamh-airgid	At 31 Nollaig 2014
Anailís ar athruithe ar ghlanuim an fhiachais	€'000	€'000	€'000	€'000
Airgead tirim agus a choibhéis	74,352	(56,675)	-	17,677
Rotharraingt	-	-	-	-
	74,352	(56,675)	-	17,677
Nótaí faoi Ráthaíocht	(3,998,378)	202,285	-	(3,796,093)
Iasachtaí Baine	(118,673)	8,279	-	(110,394)
Bannaí Innéacsnaascha	(95,497)	-	153	(95,344)
Socrú le haghaidh préimhe ar bhannaí a fhuascailt	(104,881)	-	(1,279)	(106,160)
Stoc 8.75% na GAT 2018	(93,720)	-	(361)	(94,081)
Ús iníochta ar áiseanna	(11,432)	4,805	-	(6,627)
	(4,422,581)	215,369	(1,487)	(4,208,699)
Glanfhiachas	(4,348,229)	158,694	(1,487)	(4,191,022)

B'ionann na fáltais ó iasachtaí a eisíodh le linn 2014 agus €30.29 billiún (13: €32.00 billiún) agus b'ionann aisíocaíocht iasachtaí le linn 2014 agus €30.34 billiún (2013: €32.10 billiún).

22. Scairchaipiteal

Tá 30,000 gnáthscair ann ar luach €1.30, iad údaráithe, leithroinnnte, glaoite agus láníochta sa chaoi agus go mb'ionann a luach iomlán agus €39,000 ar an 31 Nollaig 2014 agus ar an 31 Nollaig 2013.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

23. Réiteach an bharrachais coinnithe

	31 Nollaig 2014	31 Nollaig 2013
	€'000	€'000
Barrachas coinnithe ag tús na bliana	93,196	72,845
Gnóthachan aitheanta iomlán don bhliain airgeadais	12,735	20,351
Barrachas coinnithe ag deireadh na bliana	105,931	93,196

24. Réiteach chistí na scairsealbhóirí

	31 Nollaig 2014	31 Nollaig 2013
	€'000	€'000
Cistí scairsealbhóirí ag tús na bliana	93,235	72,884
Gnóthachan aitheanta iomlán don bhliain airgeadais	12,735	20,351
Cistí scairsealbhóirí ag deireadh na bliana	105,970	93,235

25. Ceangaltais maidir le hiasachtaí

Maidir le hiasachtú ionchais de chuid na GAT do CTCanna, ceadáíodh iarratais ar iasachtaí de €26.59 milliún ach nár tarraingíodh síos an 31 Nollaig 2014. (2013: €14.68 milliún).

26. Imeachtaí tar éis an chláir chomhardaithe

Níor tharla aon imeacht suntasach tar éis dheireadh na bliana a d'fhágadh go dteastódh nochtadh nó coigeartú ar na cuntais.

27. Dlíteanas Teagmhasach

Níl aon díbhinn le fógairt i gcomhair 2014.

28. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'aontaigh na Stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais iniúchta, atá de réir an leagan amach atá ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar an 2 Aibreán 2015.

Faisnéis Eile

Rúnaí

Tom Conroy, ACMA, CGMA

Oifig Chláraithe

46 Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2.

Uimh. Chláraithe: 87513

T +353 1 872 5722

F +353 1 872 5878

R cosec@hfa.ie

I www.hfa.ie

Iniúcháirí

KPMG

Cuntasóirí Cairte,
Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúil,
1 Plas Mháistir an Chuain,
IFSC,
Baile Átha Cliath 1.

Aturnaetha

McCann FitzGerald,
Cois Abhann a hAon,
Cé Sir John Rogerson,
Baile Átha Cliath 2.

Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann cpt.
Ionad an Bhainc,
Droichead na Dothra,
Baile Átha Cliath 4.



